An Roinn Gnó,
Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Business,
Enterprise and Innovation

# Tuarascáil Bhliantúil 2017

Lúnasa 2018
dbei.gov.ie

## Clár an Ábhair

**An Brollach** 3

**Fís, Misean, Luachanna** 4

**Tús Eolais ar an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta** 5

**An Bord Bainistíochta** 7

**Príomh-éachtaí in 2017** 8

**Ráiteas Straitéise 2016–2019**

**Sprioc 1:**
Fiontraíocht agus fostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus a chothú 11

**Sprioc 2:**
Cur chuige uile-Rialtais maidir le fiontraíocht agus fostaíocht a chur chun cinn 21

**Sprioc 3:**
A bheith ag obair go huaillmhianach lenár gcomhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta 29

**Sprioc 4:**
Éire a chur chun cinn mar cheannródaí nuálaíochta domhanda 40

**Sprioc 5:**
Tacú le fostaíocht ardchaighdeáin, réiteach díospóidí agus sábháilteacht sa timpeallacht oibre 54

**Sprioc 6:**
Creat dlí agus rialála ardfheidhmíochta do ghnó agus do thomhaltóirí a chinntiú 62

**Sprioc 7:**
Infheistiú inár bhfoireann agus an leas is fearr a bhaint as ár gcuid acmhainní 69

**Aguisín 1**

Billí a foilsíodh nó a achtaíodh in 2017 73

**Aguisín 2**

Ionstraimí Reachtúla a rinneadh in 2017 73

## An Brollach

Fáiltím roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil na Roinne le haghaidh 2017. I rith na bliana, rinneamar dul chun cinn suntasach ar ár bpríomhspriocanna faoin gClár do Rialtas Comhpháirtíochta a bhaint amach, a chuir de chúram orainn tacú le léim chun cinn i gcumas agus feidhmíocht ár n-earnála fiontraíochta agus timpeallacht a chruthú a chabhraíonn le fostaíocht d'ardchaighdeán a chruthú agus a chothú. Léirítear sna staitisticí gur lean an fhostaíocht ag fás go láidir in 2017, agus go bhfuilimid ar an mbóthar ceart chun ár n-aidhmeanna a bhaint amach.

Is ábhar misnigh ar leith é cás na fostaíochta réigiúnaí. Bhí ról tábhachtach ag na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha ina leith sin agus chabhraigh siad leis an dul chun cinn a spreagadh. Tá sé i gceist againn na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha a athnuachan don tréimhse ó 2018 go 2020 chun tógáil ar an méid a baineadh amach go dtí seo.

Lean an Roinn lena n-ullmhúcháin don Bhreatimeacht i rith 2017, agus cuireadh bearta beartais agus oibríochta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil gnóthaí sa staid is fearr is féidir chun dul i ngleic le dúshláin atá ag teacht chun cinn. Beidh sé sin fós ina thosaíocht mhór don Roinn sa todhchaí.

Tarraingítear aird sa tuarascáil seo ar an iliomad éachtaí a baineadh amach thar raon oibre leathan na Roinne i rith 2017, agus táim muiníneach go leanfaidh foireann na Roinne agus a hOifigí agus Gníomhaireachtaí ag baint ár misin amach sa bhliain amach romhainn. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne mo réamhtheachtaithe, Mary Mitchell O'Connor TD agus Frances Fitzgerald TD, i rith a dtréimhsí sa Roinn in 2017, agus obair leanúnach mo chomhghleacaithe Aireachta, Pat Breen TD agus John Halligan TD.

**Heather Humphreys, T.D.**
**An tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta**

Is é seo an chéad deis a bhí againn tuairisciú ar an dul chun cinn a rinneadh ó foilsíodh ár Ráiteas Straitéise. Tugtar mionsonraí sa tuarascáil ar an dul chun cinn a baineadh amach i réimsí ilchineálacha gnó na Roinne i rith 2017, agus tugtar achoimre ar na príomhthorthaí, chomh maith le buaicphointí ár spriocanna ardleibhéil ar fad.

Tá ról tábhachtach ag an Roinn chun tosaíochtaí an Rialtais a bhaint amach thar réimse cúraimí leathan. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil seo ar na héachtaí iomadúla agus ar na forbairtí dearfacha a tharla in 2017, lena n-áirítear fostaíocht d'ardchaighdeán a chruthú agus a chothú i ngach réigiún den tír; tacaíochtaí den scoth a sholáthar do ghnóthaí agus d'fhiontraithe (go háirithe i gcomhthéacs an Bhreatimeachta); forbairt córas nuálaíochta agus taighde a bheadh iomaíoch go hidirnáisiúnta a spreagadh; a chinntiú go n-éascaíonn ár dtimpeallacht rialaithe gnó infheistíocht agus fás agus go gcosnaítear tomhaltóirí; agus timpeallacht shuaimhneach caidrimh thionsclaíoch agus oibre sábháilte a éascú. I rith 2017, aistríodh an fhreagracht as dlí fostaíochta agus as an bPá Íosta Náisiúnta chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Roinne agus a hOifigí agus Gníomhaireachtaí as a dtiomantas leanúnach agus a ndua mór agus táim ag súil le hoibriú leo, agus leis na páirtithe leasmhara ar fad atá againn, chun leanúint ag spreagadh ár spriocanna agus tosaíochtaí sa bhliain amach romhainn.

**An Dr Orlaigh Quinn, an tArd-Rúnaí**
**An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta**

## Fís

Cinnteoimid gurb í Éire an áit is fearr dá bhfuil ann le rath a bheith ar ghnó agus soláthróimid lánfhostaíocht inbhuanaithe agus caighdeán maireachtála níos airde i ngach réigiún sa tír.

## Misean

Cruthú lánfhostaíochta ardchaighdeáin agus inbhuanaithe a spreagadh i ngach réigiún sa tír, trína bheith inár gcrann taca ar son na fiontraíochta ar fud an Rialtais, tacú le bonn fiontraíochta iomaíoch chun daoine a dhreasú i dtreo na hoibre agus na fiontraíochta, agus fostaíocht agus margaí atá cóir agus iomaíoch a chur chun cinn.

## Luachanna

Mar Roinn cothaímid cultúr ar cuid lárnach de iad freagracht, éifeachtúlacht agus luach ar airgead, atá fréamhaithe in éiteas seirbhíse poiblí lena mbaineann neamhspleáchas, ionracas, neamhchlaontacht, oscailteacht agus meas.

Mar Státseirbhísigh seasaimidne leis na caighdeáin is airde gairmiúlachta, macántachta, oibiachtúlachta agus cáilíochta, atá den riachtanas inár róil ag tacú leis an bpróiseas daonlathach agus ag freastal ar an bpobal.

## Tús Eolais ar an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

Tá ról lárnach ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta chun beartais an Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le hacmhainn táirgiúlachta an gheilleagair a spreagadh agus timpeallacht a chruthú a thacaíonn le cruthú post. Tá sainchúram ar an Roinn freisin maidir le hiomaíocht chóir sa mhargadh a chinntiú, tomhaltóirí a chosaint, caidreamh tionsclaíoch seasmhach a chur chun cinn agus oibrithe a chosaint.

Trína hOifigí agus Gníomhaireachtaí, tá raon leathan gníomhaíochtaí i gceist le sainchúram na Roinne, lena n-áirítear:

- Tosú agus fás fiontar dúchasach a éascú,
- Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a mhealladh,
- Easpórtálacha a mhéadú,
- Feabhas a chur ar iomaíochas,
- Nuálaíocht agus fás a chur chun cinn le hinfheistíocht i dtaighde agus forbairt,
- Iomaíocht chóir a chur chun cinn do ghnóthais agus do thomhaltóirí,
- Dlí na gcuideachtaí atá oiriúnach don fheidhm agus nua-aimseartha a chinntiú,
- Cearta oibrithe a chosaint, lena n-áirítear an teidlíocht atá acu i leith sábháilteacht agus sláinte cheirde,
- Tacú le timpeallacht dhearfach chaidrimh thionsclaíoch agus í a éascú,
- Beartas a dhéanamh atá bunaithe ar fhianaise agus a mbeidh taighde, anailís agus cultúr láidir measúnaithe ina bhonn eolais faoi,
- Scileanna a bheidh riachtanach don fhiontraíocht amach anseo a shainaithint, agus
- Ionadaíocht a dhéanamh do leasa na hÉireann i bhfóraim ábhartha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear:
    - An Chomhairle Iomaíochais (a chuimsíonn an Margadh Inmheánach, Tionscal agus Taighde),
    - An Chomhairle um Ghnóthaí Eachtracha (ag teacht le chéile ina foirmíocht Trádála)


  agus comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha:
    - An Eagraíocht Dhomhanda Trádála,
    - An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair,
    - An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD),
    - An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil.

An 1 Meán Fómhair 2017, aistríodh an fhreagracht as beartas cearta fostaíochta agus na feidhmeanna reachtaíochta lena mbaineann chuig an Roinn ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Tháinig an t-aistriú feidhmeanna i bhfeidhm de bhun an Ordaithe um Ghnóthaí Saothair agus Dlí an tSaothair (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2017, I.R. Uimh. 361 de 2017.

Tá 11 phíosa reachtaíochta príomha i réimse na gceart fostaíochta ag baint leis an aistriú. Tá seirbhísí agus feidhmeanna an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus na Cúirte Oibreachais fós faoi shainchúram na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

## Oifigí agus Gníomhaireachtaí

Gníomhaireachtaí na Roinne




Oifigí na Roinne




### Sa bhreis ar na Gníomhaireachtaí agus Oifigí sin:

**Oifigí Fiontair Áitiúla:** Maoiníonn an Roinn 31 Oifig Fiontair Áitiúil.

**Idir-Thrádáil Éireann:** Cómhaoiníonn an Roinn Idir-Thrádáil Éireann, an Comhlacht Thuaidh Theas a chuireann trádáil trasteorann chun cinn idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.

# An Bord Bainistíochta

| Comhaltaí | |
|---|---|
| Orlaigh Quinn | An tArd-Rúnaí |
| Dermot Mulligan | Rúnaí Cúnta, an Rannóg Nuálaíochta agus Infheistíochta |
| Clare Dunne | Rúnaí Cúnta, an Rannóg Rialála Áite Oibre agus Imirce Geilleagraí |
| David Hegarty | Rúnaí Cúnta, an Rannóg Beartais Straitéisigh |
| Philip Kelly | Rúnaí Cúnta, an Rannóg Gnóthaí AE, Beartais Trádála agus Ceadúnaithe Easpórtálacha |
| Breda Power | Rúnaí Cúnta, an Rannóg Tráchtála, Tomhaltóirí agus Iomaíochais |
| Declan Hughes | Rúnaí Cúnta, an Rannóg Fiontar Dúchasach, Dhigiteach agus Airgeadais |
| Michael O'Leary | An Ceannasaí, an tAonad Tacaíochta Bainistíochta agus Rúnaí an Bhoird Bainistíochta |

- Martin Shanagher, Rúnaí Cúnta, ar scor in 2017
- Tháinig David Hegarty isteach sa Bhord Bainistíochta i mí na Nollag 2017

## Áirítear lenár bpríomh-éachtaí in 2017:

Seoladh an 6ú Plean Gníomhaíochta do Phoist i mí Feabhra 2017, ina bhfuil 164 gníomh le haghaidh Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Rialtais, agus é d'aidhm leis cabhrú le 45,000 post breise a chruthú in 2017. **Cruthaíodh 66,500 post in 2017**. Léiríonn torthaí na dtréaniarrachtaí sin ó 2012 i leith chun poist a chruthú go bhfuil ag éirí leis an bpróiseas seo. Bhí 345,000 duine níos mó ag obair sa cheathrú ráithe de 2017 ná mar a bhí in 2012 nuair a seoladh an chéad Phlean. Tháinig **laghdú ar an dífhostaíocht** ó os cionn 15% go luath in 2012 **go 5.9% i mí Aibreáin 2018**.

Bliain an-láidir ab ea 2017 le haghaidh cruthú post i measc chliaint **Fhiontraíocht Éireann**, agus cruthaíodh 19,332 post nua. Bhí an fhostaíocht cliant is airde in 2017 ó bunaíodh an ghníomhaireacht, an cruthú post glan is airde (10,309) ó bunaíodh an ghníomhaireacht agus an líon is ísle caillteanais post ó 1998 i leith. Tá **209,338** duine fostaithe anois i gcuideachtaí a dtacaíonn Fiontraíocht Éireann leo.

Chruthaigh **GFT Éireann** 10,684 post nua glan i rith 2017, le méadú glan ar phoist i ngach réigiún in Éirinn. Ag deireadh 2017, bhí **210,443** duine ag obair i gcliantchuideachtaí GFT Éireann, an líon is mó i stair na gníomhaireachta. Sáraíonn an figiúr sin an sprioc cúig bliana – 209,000 – a socraíodh in 2015 sa straitéis "Winning: Foreign Direct Investment" de chuid GFT.

Tugadh faoi shuirbhéanna in 2017 a léirigh gur fheidhmigh cliantchuideachtaí na gníomhaireachta go láidir in 2016, agus gurbh ionann a ndíolacháin iomlána agus €222bn. B'ionann a n-easpórtálacha agus €195bn, suas 9.1% ar an mbliain roimhe sin. Chaith na cuideachtaí sin **€43bn i ngeilleagar na hÉireann** ar phárolla, ábhair Éireannacha agus Seirbhísí Éireannacha in 2016.

Tá na **Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist** ríthábhachtach chun uaillmhian an Rialtais a bhaint amach, is é sin 200,000 post breise a chruthú faoi 2020, a mbeadh 135,000 díobh taobh amuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath. Léirigh sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh méadú 53,500 duine i bhfostaíocht ar fud an Stáit sa bhliain go dtí an dara ráithe de 2017, agus go bhfuil 84% de na daoine nuafhostaithe sa tréimhse sin lonnaithe taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Bhí méadú ar líon na ndaoine fostaithe i ngach réigiún sa tréimhse sin freisin.

Thacaigh Oifigí Fiontair Áitiúla le 1,471 fiontraí óg idir 18 agus 35 bliain d'aois chun páirt a ghlacadh sa chomórtas **Fiontraí Óg na hÉireann** in 2017; roinn 93 smaoineamh gnó an ciste infheistíochta €2 mhilliún a bhain leis. Is é aidhm an tionscnaimh sin tacú le cultúr na fiontraíochta i measc daoine óga in Éirinn.

In 2017 cheadaigh **Micrea-Airgeadas Éireann** maoiniú €5.5m do 400 gnó beag ar fud na tíre, rud a thacaigh le 1,141 post a chruthú nó a chothú.

In 2017, d'fhoilsigh an Roinn "Building Stronger Business: **Responding to Brexit by competing, innovating and trading**". Tugtar achoimre sa pháipéar ar thionchair an Bhreatimeachta ar réimsí beartais tábhachtacha laistigh den Roinn agus tugtar achoimre ar na bearta beartais agus oibríochta atá ar bun agus atá á mbeartú ag an Roinn agus ag a Gníomhaireachtaí chun freagairt don Bhreatimeacht, lena n-áirítear na tacaíochtaí atá ar fáil do chuideachtaí chun cabhrú leo ullmhú don Bhreatimeacht.

Daingníodh maoiniú státchiste i gCáinaisnéis 2018 chun leas a bhaint as suas le €300 milliún iasachta le haghaidh gnóthaí incháilithe Éireannacha faoi **Scéim Iasachta an Bhreatimeachta**. Seolfar an Scéim in 2018, agus soláthróidh sí airgeadas caipiteal oibre a bhfuil praghas níos iomaíche air, atá níos éasca le teacht air agus lena mbaineann téarmaí níos fabhraí ná a bhfuil ar fáil faoi láthair.

Bunaíodh **Grúpa Oibre Teicniúil ar Státchabhair** in 2017. Tá ionadaithe ó Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Fiontraíocht Éireann sa Ghrúpa agus é de shainchúram orthu machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí tacaíochtaí a cheapadh laistigh den Chreat Státchabhrach le haghaidh cuideachtaí Éireannacha a mbeidh tionchar ag an mBreatimeacht orthu. Tá an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ag stiúradh thoscaireacht na hÉireann.

B'fhorbairt thábhachtach é cur i gcrích **Chomhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh leis an tSeapáin** ar an 8 Nollaig. Is éacht shuntasach é an comhaontú trádála sin don Aontas agus don tSeapáin, a bhfuil níos mó ná an tríú cuid d'olltáirgeacht intíre an domhain acu in éindí.

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar an 140 gníomh i **Nuálaíocht 2020** a chur i bhfeidhm; is í Nuálaíocht 2020 straitéis náisiúnta an Rialtais le haghaidh Taighde agus Forbartha, Eolaíochta agus Teicneolaíochta a rinneadh in 2017. Áirítear leis na buaicphointí tabhairt faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin agus taighde a dhéanamh ar na réimsí Tosaíochta Taighde, ag féachaint le tograí a ullmhú don Rialtas. Anuas air sin, cuireadh an chéad ghairm ar thograí i gcrích don **Mhol Nuálaíochta Sláinte**, comhthionscnamh idir an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Sláinte a seoladh i mí Mheán Fómhair 2016. Cuireann an Mol dlús faoi thráchtálú réitigh nuálacha cúram sláinte ach a chur ar chumas fiontraithe agus cuideachtaí cúram sláinte a dtáirgí agus seirbhísí a thástáil i dtimpeallacht fíorshaoil trí rochtain a thabhairt ar an tseirbhís sláinte.

**Foilseachán páipéar comhairliúcháin ar athdhíol ticéad** le haghaidh imeachtaí siamsaíochta agus spóirt an 20 Eanáir 2017.

**Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017 a achtú** a mhéadaíonn na tairseacha do chuideachtaí a cháilíonn mar chuideachtaí beaga, a shimplíonn an tuairisciú airgeadais do chuideachtaí beaga agus a thugann isteach catagóir nua cuideachta ar a dtugtar micreachuideachta.

**Acht na gCuideachtaí (Leasú), 2017 a achtú** a chuireann síneadh ama leis an tréimhse díolúine do chuideachtaí áirithe ó dhá thacar ráitis airgeadais a ullmhú, bunaithe ar an bhfaisnéis airgeadais chéanna ach de réir dhá chaighdeán dhifriúla cuntasaíochta.

I mí Eanáir 2017, bunaíodh an **Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta**. D'fhoilsigh an Coimisiún a chéad tuarascáil i mí na Nollag agus déantar roinnt moltaí ar ghlacadh le cur chuige caighdeánaithe a aithnítear go hidirnáisiúnta i leith diagnóisiú, cóireáil agus tuairisciú cleachtóirí ar ghortuithe fíocháin bhog.

I mí an Mháta 2017, comhdhlúthaíodh na **Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta** i dtacar rialachán amháin a dhéanann níos sothuigthe agus inúsáidte iad. Cuireadh na hathbhreithnithe ar na liostaí gairme le haghaidh ceadanna fostaíochta, a dhéantar faoi dhó sa bhliain, i gcrích de réir an sceidil. Athraíodh na rialacháin chun tiománaithe feithiclí earraí troma a bhaint den liosta neamh-incháilithe.

Tá **caidreamh tionsclaíoch seasmhach** fós ina ghné de gheilleagar na hÉireann agus fáiltítear roimh an laghdú in 2017 ar na laethanta a cailleadh de bharr aighnis thionsclaíocha, ó 71,647 in 2016 go 50,191 lá caillte in 2017. Sa chomhthéacs sin, lean seirbhísí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus na Cúirte Oibreachais ar aghaidh ag cur sásraí fónta ar fáil le haghaidh réitigh aighnis agus casaoide ar fud na bhfiontar.

I mí an Mheithimh 2017, toghadh Éire mar chomhalta Titulaire de **Chomhlacht Rialaithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair** don tréimhse ó 2017 go 2020. Is é seo an chéad uair a toghadh Éire ar shuíochán Titulaire (ceann ag a bhfuil cearta labhartha agus vótála) ó chuamar isteach san Eagraíocht in 1923. Ba í an Eagraíocht seo an chéad chomhlacht idirnáisiúnta a ndeachamar isteach ann i ndiaidh neamhspleáchas a bhaint amach.

In 2017, thug **an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta** faoi 8,876 cigireacht san áit oibre agus 1,058 fiosrú, 9,934 san iomlán. Chuir sé 395 seiceáil faireachas margaidh ar tháirgí ceimiceacha i margadh na hÉireann i gcrích, agus aimsíodh gur sháraigh cúig cinn na rialacha agus baineadh den mhargadh iad.

Uirlis ar líne saor in aisce de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) is ea **BeSMART**, atá deartha chun cuidiú le húinéirí/bainisteoirí gnóthas beag measúnuithe riosca agus ráitis sábháilteachta a ullmhú dá n-áit oibre. Mhéadaigh lucht úsáidte BeSMART 8,496 in 2017, go 46,972 san iomlán.

In 2017, cuireadh clár **Roghnaigh Sábháilteacht** an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ar fáil do beagnach 25,000 scoláire iar-bhunscoile agus breisoideachais.

Eisíodh an tríú tuarascáil ón g**Coimisiún um Pá Íseal** i mí Iúil 2017 agus moladh ann, le faomhadh an Rialtais, go méadófaí an t-íosphá náisiúnta go €9.55 in aghaidh na huaire le teacht i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2018.

# Ráiteas Straitéise 2016–2019

**Sprioc 1:**
**Fiontraíocht agus fostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus a chothú**

***Ceannaireacht a thabhairt maidir le fiontraíocht agus fostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus a chothú i réigiúin uile na tíre ach tacú le bonn láidir fiontraíochta dúchais, le hinfheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh agus le cultúr láidir fiontraíoch***

## Fás faoi Thionchar Easpórtálacha a Spreagadh

Mar a tharla sna blianta imithe tharainn, cuireadh béim ar leith ar thionscnaimh chun tacaíocht a thabhairt do chruthú post faoi thionchar easpórtálacha i spriocanna ghníomhaireachtaí na Roinne. I measc siúd bhí bearta chun díolacháin agus easpórtálacha cuideachtaí Éireannacha a fhás; infheistíocht dhíreach eachtrach a fhorbairt agus a leabú a thuilleadh; comhoibriú idir cuideachtaí Éireannacha agus cinn faoi úinéireacht eachtrach a mhéadú; agus tacú le fiontraíocht agus gnóthais nuathionscanta.

Tugann an Roinn tacaíocht dhíreach do ghnóthaí agus fiontraithe trína gníomhaireachtaí, GFT Éireann le haghaidh infheistíocht isteach, Fiontraíocht Éireann do ghnólachtaí dúchasacha agus infheisteoirí iasachta i réimsí acmhainní nádúrtha, 31 Oifig Fiontair Áitiúil agus trí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann do thaighdeoirí.

## Cruthú Post ar an Iomlán

Shocraigh an Clár do Rialtas Comhpháirtíochta (Bealtaine 2016) sprioc 200,000 post breise faoi 2020, 135,000 taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath san áireamh, i dteannta laghdú ar an ráta náisiúnta dífhostaíochta go 6%.

Sa bhliain go dtí an ceathrú ráithe de 2017, cruthaíodh 66,500 post. Bhí 345,000 duine níos mó ag obair sa cheathrú ráithe de 2017 ná mar a bhí in 2012, nuair a seoladh an chéad Phlean Gníomhaíochta do Phoist. Tháinig laghdú ar an dífhostaíocht ó os cionn 15% go luath in 2012 go 5.9% i mí Aibreáin 2018.

## Feidhmíocht Chliantchuideachtaí na nGníomhaireachtaí Fiontraíochta

Tugann an Roinn faoi shuirbhéanna bliantúla ar chliantchuideachtaí de chuid na ngníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta (Fiontraíocht Éireann, an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail agus Údarás na Gaeltachta) chun taighde bunaithe ar fhianaise a sholáthar chun bonn eolais a chur faoi bheartas fiontraíochta.

### Suirbhé Fostaíochta Bliantúil ar Chliantchuideachtaí na nGníomhaireachtaí Forbartha Fiontraíochta

Tá an t-áireamh seo ar fhostaíocht i thart ar 8,000 cliantchuideachta de chuid na ngníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta ag soláthar tacar sonraí saibhir ó 1972 i leith. Rianaíonn sé fostaíocht bhuan lánaimseartha chomh maith le fostaíocht pháirtaimseartha, shealadach, gnóthachain agus caillteanais chomhlána agus athrú glan. Tugtar miondealú ar na táscairí sin de réir réigiún, earnálacha fiontraíochta agus úinéireachta. Is iad príomhthorthaí an tSuirbhé Bhliantúil Fostaíochta, 2017:

- B'ionann an fhostaíocht iomlán (idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha) agus 428,031, méadú 5.2% ó 2016 i leith
- Mhéadaigh fostaíocht bhuan lánaimseartha 5.4% go 379,810
- Laghdaigh gnóthachain chomhlána sna poist bhuana lánaimseartha 6% go 33,963 ó 2016 i leith
- Bhí caillteanais chomhlána sna poist bhuana lánaimseartha ag 14,594, an leibhéal is ísle le deich mbliana anuas
- Laghdaigh athrú glan sna poist bhuana lánaimseartha 6.9% ó 2016 go 19,363

### An Suirbhé Bliantúil Gnó ar Thionchar Eacnamaíoch Chliantchuideachtaí na nGníomhaireachtaí Forbartha Fiontraíochta

Tugann an suirbhé bliantúil seo ar chliantchuideachtaí gníomhaireachta ina bhfuil deichniúr fostaithe nó níos mó (thart ar 4,000 cuideachta) sonraí faoi easpórtálacha, díolacháin agus caiteachas díreach ina n-iomláine i ngeilleagar na hÉireann agus breisluach i gcliantghnólachtaí gníomhaireachta. Tugtar miondealú de réir earnáil ghnó, réigiún agus úinéireachta. Ba iad na príomhfhigiúirí le haghaidh 2016, an bhliain is deireanaí a ndearnadh suirbhé uirthi:

- B'ionann díolacháin iomlána agus €221.6bn in 2016, méadú 9.3% ó 2015 i leith
- B'ionann easpórtálacha iomlána agus €195bn, méadú 9.1% ó 2015 i leith
- Mhéadaigh breisluach go €74.3bn in 2016 ó €67.2bn in 2015
- Mhéadaigh caiteachas díreach i ngeilleagar na hÉireann (Párolla, Ábhair Éireannacha agus Seirbhísí Éireannacha) 5.3% go €43bn in 2016.

## Fiontraíocht Éireann

Feidhmíonn Fiontraíocht Éireann mar Ghníomhaireacht de chuid na Roinne agus tá sí freagrach as forbairt agus fás fiontar Éireannach i margaí domhanda. Oibríonn Fiontraíocht Éireann i gcomhpháirtíocht le fiontair Éireannacha d'fhonn cuidiú leo tosú, scálú, nuáil agus díolacháin easpórtála a ghnóthú ar mhargaí domhanda. Gach bliain, bíonn Fiontraíocht Éireann ag oibriú le thart ar 5,000 cuideachta trí líonra comhairleoirí margaidh agus earnála bunaithe i ndeich n-oifig náisiúnta agus 33 oifig idirnáisiúnta. Ar an mbonn sin, cothaíonn an ghníomhaireacht fás inbhuanaithe geilleagrach, forbairt réigiúnach agus cruthú post.

Bliain an-láidir ab ea 2017 le haghaidh cruthú post i measc chliaint Fhiontraíocht Éireann, agus cruthaíodh 19,332 post nua. Bhí an fhostaíocht cliant is airde in 2017 ó bunaíodh an ghníomhaireacht, an cruthú post glan is airde ó bunaíodh an ghníomhaireacht agus an líon is ísle caillteanais post ó 1998 i leith.

Tá 209,338 duine fostaithe anois i gcuideachtaí a dtacaíonn Fiontraíocht Éireann leo. Is ionann sin agus méadú glan 10,309 post do 2017, ag cur caillteanais post san áireamh. D'ainneoin an dúshláin agus na héiginnteachta de bharr an Bhreatimeachta, lean cuideachtaí Éireannacha ar aghaidh ag buachan díolachán ar fud na cruinne a thacaigh leis an gcruthú láidir post sin ar fud réigiún na hÉireann.

Scaipeadh cruthú post go cothrom ar fud na tíre, agus bhí méadú ar líon na bpost i ngach contae. Bhí dhá thrian (64%) de na poist nua a cruthaíodh taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Bhí an leibhéal méadaithe is mó (7%) san Iarthar, sa Lár-iarthar agus san Iarthuaisceart in 2017.

Fás leanúnach timpeallacht fiontraíochta le haghaidh gnólachtaí nua-thionscanta is cúis le feidhmíocht láidir na ngnóthaí Éireannacha dar le Fiontraíocht Éireann, i dteannta fás láidir post san Fhoirgníocht (méadú 8%), Innealtóireacht (méadú 8%), Eolaíochtaí Beatha (méadú 8%), Teicneolaíocht Dhigiteach (méadú 6%), Leictreonaic (méadú 6%), Bia (méadú 4%) agus earnálacha TFC (méadú 5%).

I mí Eanáir 2017, seoladh straitéis nua Fhiontraíocht Éireann, *Build Scale, Expand Reach 2017–2020*, inar díríodh na spriocanna ar:

- Cabhrú le cliaint 60,000 post nua a chruthú faoi 2020 agus an leibhéal post is airde dá raibh ann riamh a chothú;
- Easpórtálacha bliantúla na gcliantchuideachtaí a mhéadú €5bn go €26bn in aghaidh na bliana;
- Nuálaíocht a spreagadh i bhfiontair na hÉireann chun caiteachas ar thaighde agus forbairt a mhéadú 50% go €1.25bn in aghaidh na bliana;
- An leibhéal caiteachais a dhéanann cliantchuideachtaí i ngeilleagar na hÉireann a mhéadú €4bn go €27bn in aghaidh na bliana faoi 2020.

Chun tacú leis sin, tá Fiontraíocht Éireann ag cur sceidil fhairsinge i bhfeidhm le haghaidh misin trádála agus imeachtaí a dhírítear ar dheiseanna domhanda agus earnála, a fhorbraíonn saineolas agus líonraí inmhargaidh tuilleadh, a chuireann béim níos mó ar dheiseanna nua earnála a shainaithint agus a spreagann éileamh ar tháirgí agus seirbhísí Éireannacha trí fheachtais mhargaíochta idirnáisiúnta.

Oibríonn an Roinn leis na gníomhaireachtaí chun luach ar airgead a chinntiú chomh maith leis an leas is fearr is féidir a bhaint as tionchar geilleagrach na dtacaíochtaí a chuireann Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann ar fáil trí bhreithmheas geilleagrach fónta agus modheolaíocht costais is tairbhe. In 2017, chuir an Roinn tús le hathbhreithniú ar na príomhpharaiméadair agus cuirfear an obair sin i gcrích go luath in 2018.

Tá mionsonraí faoi fhreagairt straitéiseach Fhiontraíocht Éireann don Bhreatimeacht faoi Sprioc 3.

## GFT Éireann

Léirigh torthaí GFT Éireann in 2017 gur sháraigh an Ghníomhaireacht na spriocanna cruthaithe post a leagtar amach ina straitéis reatha "Winning: Foreign Direct Investment 2015–2019". Ó 2015 i leith, tá an Ghníomhaireacht ag obair i dtreo chuspóirí na straitéise sin, lena n-áirítear 80,000 post nua agus 900 infheistíocht nua a chruthú. Bhí an fhostaíocht infheistíochta dírí eachtraí iomlán in Éirinn ag deireadh 2017 ag 210,443, a d'fhág gur bhain an Ghníomhaireacht a sprioc post glan de 209,000 post amach cheana féin.

Tá an GFT ag leanúint ar aghaidh ag obair i dtreo cuspóirí eile a leagtar amach ina straitéis cúig bliana a bhaint amach, go háirithe an leibhéal infheistíochta a ardú idir 30% agus 40% i ngach réigiún taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath faoi 2019. Rinneadh dul chun cinn láidir ina leith sin in 2017, agus cruthaíodh 45% de na poist le tacaíocht GFT Éireann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus bhí méadú glan ar phoist i ngach réigiún in Éirinn. Tá an GFT, de bhun an Chláir Maoine Réigiúnaigh, ag forbairt réitigh chuí mhaoine in ionaid shainithe réigiúnacha chun infheistíocht eachtrach a mhealladh isteach. Áirítear leis sin naoi saoráid tosaigh nua a thógáil ar fud na tíre. Soláthraíodh foirgnimh cheana féin i Sligeach, Caisleán an Bharraigh agus Trá Lí agus tá foirgnimh eile le cur i gcrích as seo go ceann dhá bhliain i nDún Dealgan, Gaillimh, Luimneach, Ceatharlach, Port Láirge agus Baile Átha Luain.

Ar an iomlán, d'éirigh go maith le GFT Éireann in 2017, agus chruthaigh a chliantchuideachtaí 19,851 post. Is le cliantchuideachtaí de chuid an GFT atá 12% d'fhostaíocht phríobháideach sa Stát anois nó thart ar phost amháin as gach cúig phost san earnáil phríobháideach.

Tá mionsonraí faoi fhreagairt straitéiseach GFT Éireann don Bhreatimeacht faoi Sprioc 3.

## Rochtain ar Airgeadas

### An Scéim um Ráthaíocht Creidmheasa d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide

Tugadh an Scéim um Ráthaíocht Creidmheasa isteach in 2012, agus soláthraíonn sí ráthaíocht Stáit 75%[1] tríd an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta d'iasachtóirí creidiúnaithe maidir le hiasachtaí incháilithe nó Bannaí Feidhmíochta do Mhicrifhiontair agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) inmharthana.

Is é cuspóir na Scéime iasachtú breise le FBManna a chur chun cinn, ach níl sí in ainm a bheith ann in ionad iasachtú traidisiúnta. Ar an dóigh sin, cuirtear ar a gcumas do FBManna cuntas teiste dearfach leis an Iasachtóir a chruthú d'fhonn filleadh ar shaoráidí caighdeánacha tráchtála creidmheasa i ndiaidh tamaill. Fágann sé freisin go bhfuil FBManna Éireannacha in ann dul in iomaíocht le hiomaitheoirí eile trádála a bhíonn in ann ráthaíocht a fháil ina dtír féin. In 2017, ceadaíodh 129 saoráid a raibh luach €19.72 orthu agus as ar cruthaíodh 561 post agus as ar cothaíodh 146 post a bhí ann cheana féin.

Rinneadh Ionstraimí Reachtúla in 2017 chun Scéim nua um Ráthaíocht Creidmheasa agus Scéim Frithráthaíochta nua a chur i bhfeidhm, de réir athruithe reachtúla san Acht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2016 mar a achtaíodh i mí Feabhra 2016.

### An Scéim um Ráthaíocht Creidmheasa, 2017

Áirítear sna hathchóirithe a cuireadh i bhfeidhm sa scéim nua um ráthaíocht creidmheasa leibhéal na ráthaíochta a mhéadú ó 75% go 80%, an teorainn phunainne do gach banc a ardú ó 10% go 13%, agus raon na soláthróirí airgeadais agus na dtáirgí airgeadais a chlúdaítear (léasú, airgeadas sócmhainne agus sonraisc san áireamh) a leathnú. Cuireadh tús le plé le soláthróirí airgeadais in 2017 chun comhaontuithe dlí a chur i bhfeidhm a bheidh mar bhonn agus taca ag an Scéim nua, atá le seoladh in 2018.

### An Scéim Frithráthaíochta

Forálann an Scéim Frithráthaíochta don Aire riosca a roinnt le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann ionas go mbeidh an Chorparáid in ann maoiniú ón Aontas Eorpach a fháil agus a tharraingt anuas do FBManna na hÉireann, a léiríonn rogha eile atá ar fáil chun cúnamh airgeadais a tabhairt do FBManna.

### Ciste Iasachta do Mhicrifhiontair

Bunaíodh Micrea-Airgeadas Éireann chun tacú le hiasachtaí le micrifhiontair in earnáil na FBManna; seoladh é an 1 Deireadh Fómhair 2012. Tá an tionscnamh seo dírithe ar mhicrifhiontair nuathionscanta, ar fhiontair sheanbhunaithe agus ar fhiontair atá i mbun fáis ar fud na n-earnálacha tionscail ar fad agus a bhfuil suas le deichniúr á bhfostú acu. Baineann na hiasachtaí le suimeanna idir €2,000 agus €25,000 agus is féidir iad a chaitheamh ar ghnó nuathionscanta agus ar chostais leathnaithe agus caipiteal oibre. In 2017 cheadaigh Micrea-Airgeadas Éireann maoiniú €5.5m do 400 gnó beag ar fud na tíre, rud a thacaigh le 1,141 post a chruthú nó a chothú.

Baineadh an líon ba mhó iarratas amach don bhliain, agus d'ainneoin go raibh na rátaí faofa i dtéarmaí céatadáin beagáinín níos lú in 2017 (43% i gcomparáid le 44% in 2016), mhéadaigh líon agus luach na n-iasachtaí a faomhadh i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

Tharla cuid mhór den fheidhmíocht sin mar gheall ar fhás leanúnach i bhfeasacht brandaí de bharr réimse leathan caidrimh phoiblí, imeachtaí agus margaíochta, idir dhigiteach agus thraidisiúnta, i rith na bliana. Tugadh próiseas bainistíochta ábhar cliaint feabhsaithe isteach i rith na bliana a thacaigh leis sin.

1 Íocann an Stát an Ráthaíocht leis an Iasachtóir ar an iarmhéid príomha amuigh gan aisghabháil as Saoráid Scéime sa chás ina loiceann an tIasachtaí aisíocaíochtaí maidir leis an tSaoráid Scéime a dhéanamh.

## Oifigí Fiontair Áitiúla

Is éard atá sa 31 Oifig Fiontair Áitiúil ná 'siopa céad staid' le haghaidh comhairle agus treorach, cúnamh airgeadais agus tacaíochtaí eile do dhaoine ar mian leo a ngnólacht féin a thosú nó a fhás.

Is féidir leis na hOifigí Fiontair Áitiúla cúnamh deontais díreach a chur ar fáil do mhicrifhiontair (deichniúr fostaithe nó níos lú) in earnáil na déantúsaíochta nó seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta a bhfuil sé d'acmhainn acu, le himeacht ama, forbairt ina n-aonáin láidre easpórtála. I gcás duine ar bith ar mian leo a ngnólacht féin a thosú nó a fhás, seans go mbeadh na hOifigí in ann tacaíocht 'bhog' a chur ar fáil i bhfoirm oiliúna nó meantóireachta. Ina theannta sin, cuireann na hOifigí seirbhís treorach ar fáil i ndáil le tacaíochtaí ábhartha eile stáit atá ar fáil d'earnáil na micrifhiontar agus FBManna, mar shampla: na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Micrea-Airgeadas Éireann, Scéim na nDearbhán le haghaidh Trádáil ar Líne, LEADER, agus Boird Oideachais agus Oiliúna.

Ó bunaíodh iad in 2014, lean na hOifigí Fiontair Áitiúla ag tacú le feidhmíocht ardleibhéil i measc a gcliant ina réimsí seirbhísí. I mbeagán focal, i rith 2017:

- Cruthaigh cliaint na nOifigí Fiontair Áitiúla 7,135 post nua lánaimseartha agus páirtaimseartha (comhlán) san iomlán.
- Má chuirtear caillteanais i bpunann cliantchuideachtaí san áireamh, bhí méadú glan 3,760 post (lánaimseartha agus páirtaimseartha) ann.
- Bhí 7,182 cliantchuideachta, le fostaíocht 37,485 duine (lánaimseartha agus páirtaimseartha) san iomlán, ag baint le punann na nOifigí in 2017.

Ba é an rud a bhí i gcroílár chruthú na bpost sin ná raon tacaíochtaí forbartha a chur ar fáil a bhí dírithe ar chumas agus feidhmíocht cuideachta a chothú in earnáil na micrifhiontar:

- In 2017, d'íoc na hOifigí cúnamh airgeadais díreach le 1,179 togra gnó ar bhain luach €17.8m leis. Díobh siúd, ba dheontais phríomeála do chuideachtaí nuathionscanta iad 469 ceann díobh dar luach €6.4m.

I dteannta an chúnaimh airgeadais dhírigh, thacaigh na hOifigí le cohórt níos leithne fiontraithe agus gnóthaí beaga in 2017 le tacaíochtaí boga eile:

- Oiliúint faoi Do Ghnó Féin a Chur ar Bun – 3,755 rannpháirtí ar 280 clár
- 1,891 clár oiliúna forbartha gnó eile le 30,373 rannpháirtí
- Tacaíocht mheantóireachta shaincheaptha duine le duine a chur ar fáil do 8,393 rannpháirtí
- Cuireadh 367 duine ar aghaidh chuig Micrea-Airgeadas Éireann (178 iarratas ar dheontas faofa) a thacaigh le 347 post a chruthú.
- Scéim na nDearbhán le haghaidh Trádáil ar Líne de chuid na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil inar ghlac 1,188 gnó páirt, a thacaigh le 356 post a chruthú.

Toradh an-dearfach ar infheistíocht agus tacaíocht na nOifigí Fiontair Áitiúla is ea go bhfuil roinnt cliantchuideachtaí de chuid na nOifigí imithe ar aghaidh go punann Fhiontraíocht Éireann. I rith 2017, chuaigh 89 cliantchuideachta de chuid na nOifigí Fiontair Áitiúla ar aghaidh chuig Fiontraíocht Éireann. Tá na cliaint sin i measc na gcuideachtaí is fearr feidhmíochta i bpunann cliant na nOifigí (ní léirítear a bhfeidhmíocht in aschur 2017 thuas toisc gur aistríodh go Fiontraíocht Éireann iad).

Tá mionsonraí faoi thacaíochtaí na nOifigí Fiontair Áitiúla faoi Sprioc 3.

### Cumarsáid na nOifigí Fiontair Áitiúla

Chuir na hOifigí Fiontair Áitiúla roinnt imeachtaí bolscaireachta ar bun go náisiúnta i rith na bliana, ina measc:

- Puball Taispeántais ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta;
- Gradaim Fiontraíochta na Scoláirí;
- An tSeachtain Fiontraíochta Áitiúil;
- Na Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta.
- Fiontraíocht Náisiúnta na mBan

Tá na himeachtaí sin lárnach i Straitéis Cumarsáide Náisiúnta na nOifigí Fiontair Áitiúla chun a chur ar shúile an phobail go bhfuil na hOifigí ar láimh chun tacú le gnólachtaí nua-thionscanta, fás gnó agus cruthú post ar an leibhéal áitiúil.

### Fiontraí Óg na hÉireann le Tacaíocht ó na hOifigí Fiontair Áitiúla

Ghlac 1,471 fiontraí óg idir 18 agus 35 bliana d'aois páirt sa chomórtas 'Fiontraí Óg na hÉireann' in 2017. Bhí os cionn 57,000 iarratas ar an gcomórtas ó thosaigh an clár in 2014.

Is é aidhm an tionscnaimh, a bhfuil ciste infheistíochta €2 mhilliún aige san iomlán, tacú le cultúr na fiontraíochta i measc daoine óga in Éirinn, an fhiontraíocht a chothú mar rogha ghairme, agus daoine óga na hÉireann a spreagadh chun gnólachtaí nua a bhunú a chruthóidh tuilleadh post.

## Na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist

Tá na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist ríthábhachtach chun uaillmhian an Rialtais a bhaint amach, is é sin 200,000 post breise a chruthú faoi 2020, a mbeadh 135,000 díobh taobh amuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath. Léirigh sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh méadú 53,500 duine i bhfostaíocht ar fud an Stáit sa bhliain go dtí an dara ráithe de 2017, agus go raibh 84% de na daoine nuafhostaithe sa tréimhse sin lonnaithe taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Bhí méadú ar líon na ndaoine fostaithe i ngach réigiún sa tréimhse sin freisin.

Táthar ag tógáil ar an bhfuinneamh agus an cur chuige comhoibríoch sin a treisíodh trí na Coistí Réigiúnacha Forfheidhmithe chun na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist a athnuachan le haghaidh 2018–2020.

Chun fás réigiúnach a spreagadh tuilleadh go 2020, d'fhógair an Roinn Ciste Forbartha Fiontair Réigiúnaigh iomaíoch in 2017 a mbeidh €60 milliún ag dul leis agus a riarfaidh Fiontraíocht Éireann. Dhaingnigh 21 tionscadal ar fud na réigiún ar fad suas le €30.5 milliún sa chéad ghairm. Eiseofar an dara gairm i mí Aibreáin 2018.

## Rannpháirteachas le Pobal na nGnólachtaí Beaga

Cuireann Grúpa Comhairleach na Roinne um Ghnólachtaí Beaga ardán ar fáil do rannpháirtíocht struchtúrtha idir úinéirí Gnóthaí Beaga agus an tAire Stáit d'Fhostaíocht agus Gnó Beag. Ghlac Pat Breen TD, an tAire Stáit d'Fhostaíocht agus Gnó Beag leis an ról mar Chathaoirleach in 2016. Tháinig an Grúpa Comhairleach le chéile ceithre huaire in 2017, le clár oibre leathan ar ábhar ar nós Costas Árachais, an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, aighneachtaí roimh an gCáinaisnéis, an Breatimeacht agus an Tástáil FBManna.

Is é an Gníomh um Ghnólachtaí Beaga don Eoraip príomhthionscnamh beartais an AE chun tacaíocht a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Is é atá ann ná sraith bearta beartais bunaithe ar dheich bprionsabal treorach. Tuairiscíodh i dTuarascáil 2017 Choimisiún an Aontais Eorpaigh go raibh Éire os cionn nó go maith os cionn mheán an AE in ocht gcinn de réimsí an Ghnímh um Ghnólachtaí Beaga don Eoraip:

- fiontraíocht
- 'dara seans'
- riarachán freagrúil
- státchabhair agus soláthar poiblí
- rochtain ar airgeadas
- an margadh aonair
- scileanna agus nuálaíocht
- idirnáisiúnú

D'fhorbair an Roinn an Tástáil FBManna in Éirinn in 2017. Is cuid lárnach de threoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Rialáil níos Fearr í an Tástáil FBManna ó 2009 i leith. Is é cuspóir na Tástála FBManna a iarraidh ar lucht déanta beartas smaoineamh faoin tionchar diúltach a bheadh ag aon reachtaíocht nó rialachán nua a d'fhéadfadh ualach a chruthú do FBManna. Go minic, bíonn easpa eolais, ama nó saineolais ag FBManna chun dul i ngleic le rialacha riaracháin. Dá bharr sin, bíonn éifeacht mhíréireach ag rialáil i dtéarmaí costas comhlíonta agus ualach riaracháin ar FBManna.

Is iad príomhphointí na Tástála FBManna in Éirinn:

- Díolúintí
- Athrú/solúbthacht sna spriocdhátaí
- Simpliú ar chur i bhfeidhm rialachán

Ar leibhéal na hEorpa, bhí ionadaithe na Roinne ina gcomhaltaí gníomhacha de Líonra Toscairí na FBManna. In 2017, tionóladh trí chruinniú de chuid Líonra Toscairí na FBManna. Ina theannta sin, bhíothas rannpháirteach go gníomhach i bPáirtí Oibre an OECD ar FBManna agus Fiontraíocht. Cothaíodh caidreamh trí ról gníomhach na Roinne sa dá pháirtí, as ar eascair comhoibrithe féideartha don todhchaí.

## An Ráiteas Beartais Náisiúnta Fiontraíochta

Seoladh an chéad Ráiteas Beartais Náisiúnta riamh i dtaca leis an bhFiontraíocht i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus leagtar amach ann cuspóirí straitéiseacha an Rialtais mar éascaitheoir in éiceachóras fiontraíochta na hÉireann. Cumhdaítear sé phríomhghné a théann i gcion ar fhiontraithe agus ar ghnólachtaí nuathionscanta. Tugann sé le fios freisin an treo a rachaidh beartas sna blianta atá amach romhainn.

1. Cultúr, caipiteal daonna agus oideachas;
2. Timpeallacht agus tacaíochtaí gnó;
3. Nuálaíocht;
4. Rochtain ar airgeadais;
5. Líonraí agus meantóireacht; agus
6. Rochtain ar mhargaí.

Leathbhealach trí thréimhse an Ráitis, rinneadh an tAthbhreithniú Lárthéarma a fhorbairt agus a eagrú in 2017. Ina theannta sin, éilítear i nGníomh 45 den Phlean Gníomhaíochta do Phoist, 2017 go ndéanfaí athbhreithniú lárthéarma ar an Ráiteas Beartais Náisiúnta Fiontraíochta.

Chuir an Roinn, tríd an Aonad Fiontraíochta agus Beartas Gnóthaí Beaga, Téarmaí Tagartha i dtoll a chéile, chomh maith le tuairiscí mionsonraithe ar dhul chun cinn agus plécháipéisí, a scaipeadh ar pháirtithe leasmhara. Eagraíodh cruinnithe ansin agus cuireadh i dtrí ghrúpa iad: oideachas, comhlachtaí stáit agus fiontraithe le comhlachtaí ionadaíocha lena mbaineann. Reáchtáladh na cruinnithe sin idir mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh 2017. Bhí aiseolas breise againn ó rannpháirtithe an naoú timthriall den chlár fiontraíochta do mhná "Going for Growth" agus ó Bhord Alumni EY Fiontraí na Bliana.

Eagraíodh glaoch ar thairiscintí in 2017 le haghaidh Pacáiste Sonraí Cruthaithe Gnó, a bhuaigh Visonnet. Rinneadh anailís, cíoradh agus beachtú ar shonraí ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí chun fiontraíocht a thomhas agus bailíodh na sonraí agus staitisticí seo a leanas ar chuideachtaí nua-thionscanta nua:

- Uimhreacha ráithiúla le haghaidh cuideachtaí nua-thionscanta nua lena n-áirítear miondealú ar Shuíomh (Contae), Tionscal, Próifíl Inscne an Stiúrthóra, Próifíl Aoise an Stiúrthóra agus Stiúrthóir Céaduaire.
- Sonraí nua faoi líon an chruthaithe gnó ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 1 Eanáir 2017, agus ansin miondealú ar na cuideachtaí nua-thionscanta nua gach ráithe ón 1 Márta 2017 go deireadh 2017.
- Rátaí marthana cuideachtaí a tosaíodh in 2012–2015 agus saolré cuideachtaí nua-thionscanta atá os cionn trí bliana d'aois.

Leanaimid ar aghaidh i mbun monatóireachta ar dhul chun cinn le hais príomhtháscairí feidhmíochta agus ag obair i gcomhar le comhpháirtithe i bhfiontair chun an uaillmhian a bhaint amach. Lean an Roinn i mbun léarscáiliú chun an raon tacaíochtaí atá ar fáil d'fhiontraithe a shainaithint. Liostaítear sa cháipéis na tacaíochtaí Stáit agus tacaíochtaí nach ón Stát iad atá ann d'fhiontraithe agus is uirlis áisiúil é don lucht déanta beartas. Déantar an péire a nuashonrú go rialta. Tá sonraí agus torthaí ó na cleachtaí sin agus ó Phacáiste Sonraí Cruthaithe Gnó san Athbhreithniú Lárthéarma.

Maidir leis seo, in 2017 chonacthas dul chun cinn leanúnach leis na táscairí idirnáisiúnta dá leithéid i réimsí na fiontraíochta agus nuálaíochta, mar shampla:

- In Innéacs Fiontraíochta Domhanda GEDI (2018), d'ardaigh Éire go dtí an t-ochtú háit ar domhan, suas ón naoú háit an bhliain roimhe sin agus an 18ú háit in 2014.
- Bhí Éire sa sé háit as 63 tír i mBliainiris Iomaíochais Dhomhanda IMD (2017).
- Sa tuarascáil Doing Business Report 2018 de chuid an Bhainc Dhomhanda, bhí Éire san ochtú háit as 137 tír sa rangú 'Gnó a Thosú'.
- Tá Éire fós sa dara háit do nuálaithe de réir an Scórchláir Eorpaigh Nuálaíochta (2017).

## Idir-Thrádáil Éireann

Tá Idir-Thrádáil Éireann ar cheann de na sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas arna mbunú le Comhaontú Aoine an Chéasta in 1998. Bíonn sé i mbun raon leathan de chláir tacaíochta gnó chun cabhrú le FBManna ar dhá thaobh na teorann dul sa tóir ar dheiseanna gnó sa dlínse eile.

Tugann an Comhlacht punann spriocdhírithe de chláir chun cabhrú le gnóthaí buntáiste iomaíoch a fhorbairt i réimsí fíorthábhachtacha na hEolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, agus Díolachán agus Margaíochta, iad ar fad bunaithe ar thaighde fianaise-bhunaithe geilleagrach agus gnó. Tá éileamh leanúnach fós ar sheirbhísí Idir-thrádáil Éireann ar dhá thaobh na teorann nach bhfuil á gcomhlíonadh.

I measc ghníomhaíochtaí Idir-Thrádáil Éireann in 2017 bhí:

- Deiseanna agus acmhainní airgeadais a chur ar fáil do thionscail Aistrithe Teicneolaíochta Thuaidh/Theas chun táirgí nuálacha agus seirbhísí nua a fhorbairt lena mbeifear in ann easpórtálacha a fhás;
- Réimsí nua comhoibrithe idir gnólachtaí sa Tuaisceart agus sa Deisceart a bhreithniú;
- Deiseanna díolachán agus margaíochta a thabhairt do ghnólachtaí le go mbeidh siad in ann margaí nua trasteorann a aimsiú; agus
- Rochtain a chur ar fáil do FBManna ar mhargadh soláthair phoiblí €12 bhilliún uile-Éireann.

Príomhthorthaí Idir-Thrádáil Éireann in 2017:

- Bhí cruthú post ag 1,301 i gcomparáid le sprioc 1,100 don bhliain;

- Bhí cuideachtaí nuálacha céaduaire ag 82 i gcomparáid le sprioc 56; agus
- Bhí easpórtálaithe céaduaire ag 102, os cionn dhá oiread na sprice.

Bronnadh bainistíocht tionscadail mhóir ar Idir-Thrádáil Éireann faoi Chlár INTERREG an Aontais Eorpaigh freisin. Mar chuid den tionscadal nua sin déanfaidh Idir-Thrádáil Éireann bainistíocht ar shraith éagsúil de thionscnaimh a chabhróidh le cuideachtaí a saineolas Taighde agus Nuálaíochta féin a fhorbairt, thar imeacht cúig bliana. Cuirfidh an tionscnamh nua seo, a seoladh in 2017, leis an raon clár atá ag an gcomhlacht faoi láthair do FBManna.

Tá mionsonraí faoi thacaíochtaí Idir-Thrádáil Éireann faoi Sprioc 3.

## An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann

Is é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann an Ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as caighdeánú, measúnú ar chomhréireacht agus tomhas.

Tá sé mar aidhm ag an Údarás feabhas a chur ar fheidhmíocht gnóthaí in Éirinn agus tomhaltóirí a chosaint ach caighdeáin a fhorbairt, uirlisí tomhais a úsáidtear i dtrádáil a scrúdú, agus iniúchóireacht a dhéanamh agus deimhnithe a eisiúint maidir le caighdeáin a chur i bhfeidhm ar earraí, seirbhísí agus tomhais.

Cuireann an tÚdarás na comhpháirteanna ar fáil d'Éirinn a theastaíonn le haghaidh bonneagar trádála éifeachtach inar féidir táirgí agus seirbhísí a fhorbairt agus a thrádáil agus brath orthu go náisiúnta agus ar fud na cruinne. Cuireann an bonneagar sin go dearfach freisin le 'tairiscint' na hÉireann atá in ann tionchar a imirt ar chinntí faoi infheistíocht dhíreach eachtrach, ina mbraitheann eagraíochtaí ar bhonneagar forbartha caighdeán agus measúnaithe ar chomhréireacht chun a gcuspóirí a bhaint amach, ar nós earnáil na bhfeistí leighis.

Cuireann an tÚdarás seirbhísí ar fáil don tionscal agus don phobal trína fheidhmeanna Deimhnithe, Caighdeán agus Agrément (próisis agus táirgí tógála). Tá sé freagrach freisin as na feidhmeanna Dlí agus Méadreolaíochta Náisiúnta, a chinntíonn cruinneas na dtomhas agus na n-uirlisí tomhais ar fad a úsáidtear le haghaidh trádála agus cuspóirí eile.

D'fhoilsigh an tÚdarás 1,490 caighdeán i rith 2017, lena n-áirítear ceithre chaighdeán nua Éireannacha ar nós an chaighdeáin leasaithe um Pirít Imoibríoch agus an Chóid Cleachtais leasaithe le haghaidh Sclátra agus Tílre. Tá líon iomlán na gcaighdeán atá ar fáil i gcatalóg an Údaráis ag breis agus 23,000 anois.

Cheannaigh eagraíochtaí Éireannacha 6,819 caighdeán in 2017, agus d'íoslódáil úsáideoirí Éireannacha níos mó ná 123,500 caighdeán, 15,500 in institiúidí tríú leibhéal ina measc.

Sháraigh líon na n-úsáideoirí cláraithe nua le 'Your Standards, Your Say', tairseach na Gníomhaireachta, an sprioc 12% ag 15% (+323).

Cuireann an tÚdarás réimse leathan seirbhísí deimhnithe ar fáil chun a chur ar chumas thionscal na hÉireann cáilíocht, éifeachtúlacht agus suíomh earraí ar an margadh a fheabhsú. D'eisigh sé 309 deimhniú nua do 123 eagraíocht i gcaighdeáin a bhaineann le sármhaitheas gnó le haghaidh scéimeanna Cáilíochta, Comhshaoil, Sláinte agus Sármhaitheasa trí Dhaoine.

Bhí teagmháil rialta ag an Údarás le tionscal in 2017, le 16 sheó bóthair ISO 9001 agus 14001 saor in aisce. D'fhreastail beagnach 1,000 toscaire, ó ghnóthaí agus eagraíochtaí éagsúla, ar na seimineáir sin.

Rinne an tÚdarás ceiliúradh ar a 20ú bliain in 2017 agus leathbhealach trína straitéis ceithre bliana do 2016–2020, tá an tÚdarás ar an mbóthar ceart chun a chuid cuspóirí a bhaint amach, trí dhearbhú a thabhairt don phobal agus an bonneagar agus na seirbhísí a theastaíonn a thabhairt do chuideachtaí Éireannacha agus infheistíochta dírí eachtraí chun go bhfásfaidh siad agus go mbeidh siad iomaíoch as seo go ceann i bhfad.

## An Fóram Comhairliúcháin Miondíola

Oibríonn beagnach duine as gach seachtar atá fostaithe in Éirinn san earnáil mhiondíola agus mhórdhíola: tá sé fós ar an bhfostóir is mó san earnáil phríobháideach sa tír. Tríd an bhFóram Comhairliúcháin Miondíola, spreagann an Roinn ionadaithe Miondíola le hoibriú le chéile agus le comhlachtaí poiblí, chun an earnáil a fhorbairt tuilleadh. Tionóladh trí chruinniú de chuid an Fhóraim in 2017, a dhírigh ar na príomhábhair imní a bhaineann leis an mBreatimeacht, Trádáil ar Líne, Athnuachan Láir Bailte, agus Scileanna. Mar chathaoirleach an Fhóraim, bhí an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ag plé leis an earnáil go leanúnach i rith 2017.

Áiríodh le buaicphointí an Fhóraim Comhairliúcháin Miondíola i rith 2017 ceardlann ar thionchair an Bhreatimeachta i mí na Samhna, agus gur roghnaíodh an Miondíol mar cheann de na trí earnáil i staidéar píolótach Roinne ar thionchair an Bhreatimeachta ar leibhéal gnólachtaí. In 2017, bhí an Roinn ag oibriú freisin le Fiontraíocht Éireann ar chlár píolótach a fhorbairt chun tacú le miondíoltóirí chun cumais trádála ar líne a mhéadú. Dhírigh grúpa oibre Scileanna an Fhóraim ar oiliúint a bhaineann go sonrach le miondíol a thabhairt isteach i réimsí Digiteacha, an Bhreatimeachta, agus Sláinte agus Sábháilteachta.

## An Fóram Dearaidh Náisiúnta

Ar nós taighde agus forbartha nó feidhmeanna nua teicneolaíochta, tá nuálaíocht dearaidh ina difreálaí gnó tábhachtach agus ina foinse d'iomaíochas idirnáisiúnta. Ba thionscnamh rathúil a mhaoinigh an Roinn an Year of Irish Design 2015 (ID2015) a raibh d'aidhm leis infheictheacht a thabhairt do ghnólachtaí dinimiciúla dearaidh na hÉireann, tacú leo agus iad ag trádáil i margaí eachtracha agus poist a chruthú sa bhaile i ndeireadh na dála. Ag tógáil ar an mbéim beartais ar dhearadh, leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist, 2017 roinnt gníomhartha le haghaidh fhorbairt leanúnach earnáil dearaidh na hÉireann agus chun an cion a dhéanann sí don earnáil cheardaíochta agus dearaidh trí chéile a mhéadú oiread agus is féidir. Áiríodh leis sin Fóram Dearaidh Náisiúnta a bhunú ina dtabharfaí na páirtithe ábhartha ar fad le chéile.

I mí na Bealtaine 2017, bunaíodh Fóram Dearaidh Náisiúnta, a bhfuil d'aidhm leis cumas agus clú na hÉireann mar fhoinse nuálaíocht dearaidh a spreagadh. Tugann an Fóram Dearaidh Náisiúnta na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad le chéile, lena n-áirítear gnóthaí, gníomhaireachtaí Rialtais, coláistí tríú leibhéal, cleachtóirí dearaidh agus eagraíochtaí dearaidh, ag soláthar ardáin le haghaidh rannpháirtíocht struchtúrtha atá dírithe ar an gclár oibre dearaidh a chur chun cinn.

Is é príomhchuspóir an Fhóraim ceisteanna tábhachtacha ábhartha a phlé, ag féachaint le gníomhartha praiticiúla a d'fhéadfadh an rialtas (náisiúnta nó áitiúil), nó lucht an tionscail féin, a dhéanamh a shainaithint chun tacú leis an earnáil dearaidh. Tá an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta mar chathaoirleach air.

## Sprioc 2:
## Cur chuige uile-Rialtais maidir le fiontraíocht agus fostaíocht a chur chun cinn

***Ceannaireacht a thabhairt maidir le cur chuige uile-Rialtais i leith an timpeallacht is iomaíche a fhorbairt le haghaidh infheistíochta, táirgiúlachta agus fás inbhuanaithe ar phoist***

### An Plean Gníomhaíochta do Phoist, 2017

Is tionscnamh uile-Rialtais é an Plean Gníomhaíochta do Phoist ina mbíonn Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais ag obair chun tacú le cruthú post san earnáil fiontar. Stiúrann an Roinn forbairt an Phlean Gníomhaíochta do Phoist thar ceann an Rialtais, agus í ag obair go dlúth le Ranna Rialtais eile agus le gníomhaireachtaí Rialtais.

Seoladh an séú Plean Gníomhaíochta do Phoist i mí Feabhra 2017. Bhí 164 gníomh ann, thar Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, agus é d'aidhm leis cabhrú le 45,000 post breise a chruthú in 2017. Sa bhliain go dtí an ceathrú ráithe de 2017, cruthaíodh 66,500 post. Léiríonn torthaí na dtréaniarrachtaí sin ó 2012 i leith chun poist a chruthú go bhfuil ag éirí leis an bpróiseas seo. Bhí 345,000 duine níos mó ag obair sa cheathrú ráithe de 2017 ná mar a bhí in 2012 nuair a seoladh an chéad Phlean. Tháinig laghdú ar an dífhostaíocht ó os cionn 15% go luath in 2012 go 5.9% i mí Aibreáin 2018.

Tá an Plean Gníomhaíochta ar cheann de na príomhuirlisí beartais a úsáideann an Rialtas chun spriocanna an Chláir do Rialtas Comhpháirtíochta le haghaidh 2020 a chomhlíonadh. Áirítear leo 200,000 breise duine ag obair, lena n-áirítear 135,000 sna réigiúin; dífhostaíocht réigiúnach laistigh de 1% den mheán náisiúnta; agus an ráta dífhostaíochta náisiúnta a laghdú go 6%. Bhí na spriocanna straitéiseacha seo mar bhonn agus taca ag an bPlean Gníomhaíochta do Phoist, 2017:

- 200,000 post breise a chruthú faoi 2020, lena n-áirítear 135,000 taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath;
- Réigiúin láidre iomaíocha a chruthú chun fostaíocht réigiúnach a spreagadh;
- Trádáil agus infheistíocht a fhás i margaí reatha agus éagsúlú i margaí nua;
- Fás go mbeimid inár gceannaire nuálaíochta domhanda chun comhdhéanamh ár n-easpórtálacha a fhás agus a éagsúlú;
- Rangú mar cheann de na cúig thír is iomaíche a bhaint amach;
- Táirgiúlacht a spreagadh i ngach earnáil den gheilleagar; agus
- Tallann d'ardchaighdeán a fhorbairt agus a mhealladh.

Don Roinn, ba iad na príomhréimsí ar a raibh Plean 2017 dírithe:

- Freagairt don Bhreatimeacht
- Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a Mhealladh, Díolacháin agus Easpórtálacha a Fhás
- Airgeadas le haghaidh Fáis a Chinntiú
- Fás Réigiúnach a Spreagadh
- Scileanna a Sheachadadh do Gheilleagar atá ag Fás
- Nuálaíocht a Chur Chun Cinn

### Fiontraíocht 2025 – Straitéis Náisiúnta Fiontraíochta na hÉireann: Athnuaite

Cé nár foilsíodh Fiontraíocht 2025, straitéis náisiúnta fiontraíochta na hÉireann, ach i mí na Samhna 2015, tá go leor athraithe sa domhan mór ó shin. I rith 2017, tugadh faoi anailís chun an straitéis a athbhreithniú chun a chinntiú go bhfuil sí fós fónta mar fhreagairt d'athruithe suntasacha domhanda le deireanaí. Go háirithe, an Breatimeacht, beartais atá ag teacht chun cinn i Stáit Aontaithe Mheiriceá,

forbairtí cánach idirnáisiúnta, agus an dul chun cinn gan srian i dteicneolaíochtaí suaiteacha. Tá aird ag an Athbhreithniú freisin ar leochaileacht fhéideartha laistigh dár mbunús fiontar – lena n-áirítear comhchruinnithe in earnálacha agus margaí easpórtála áirithe, agus i margaí foinse le haghaidh infheistíocht dhíreach eachtrach.

Léirítear san anailís a rinneadh ar chur i bhfeidhm an 56 gníomh straitéiseach a leagtar amach i bhFiontraíocht 2025 go bhfuil dul chun cinn maith le feiceáil i ngach cás seachas péire. I líon beag cásanna, tá an dul chun cinn níos moille ná mar a theastaíonn agus sainaithníodh bacainní don dul chun cinn. I dtéarmaí méadrachta, léirítear san anailís go bhfuil fostaíocht agus easpórtálacha níos fearr ná mar a bhíothas ag súil leis, agus go bhfuil na fiontair a fhaigheann tacaíocht gníomhaireachta i bhfad chun tosaigh ar na réamh-mheastacháin fáis. Cé go n-aithnítear go bhfuil forbairtí dá leithéid dearfach, tarraingíonn luas agus leibhéal an fháis dúshláin thábhachtacha beartais anuas freisin i dtéarmaí srianta ar chumas. Is ábhar imní í ár bhfeidhmíocht in iomaíochas foriomlán, dul chun cinn i dtaca le hinfheistíocht fiontar i scileanna agus leibhéil infheistíochta i dtaighde, forbairt agus nuálaíocht, ón Stát agus ó fhiontair. Cuireadh anailís i gcrích i rith 2017 ar threochtaí domhanda agus impleachtaí don fhiontar, chomh maith le hathbhreithniú cuimsitheach ar fheidhmíocht fiontar. Chuir na hanailísí sin bonn eolais faoi athruithe ar bhéim ár mbeartais. Bunaíodh Gasra na nOifigeach Sinsearach chun machnamh a dhéanamh ar na torthaí agus cuireadh comhairliúcháin le cumainn ábhartha tionscail i gcrích i rith na bliana.

Meastar go bhfoilseofar Fiontraíocht 2025: Athnuaite i mí an Mhárta 2018.

## Scileanna a Sheachadadh do Gheilleagar atá ag Fás

Ar cheann de na príomhthosaíochtaí don Phlean Gníomhaíochta do Phoist, 2017 bhí a chinntiú go mbeadh na scileanna agus an bonn tallainne atá riachtanach ar fáil chun freastal ar riachtanais geilleagair atá ag fás. Chuir Plean 2017 leis an dul chun cinn mór agus leis na leasuithe a rinneadh ón gcéad Phlean Gníomhaíochta in 2012. Díríodh ann ar bhreathnú ar dheiseanna nua a eascraíonn as digitiú an gheilleagair agus na sochaí. Bhí sé d’aidhm leis dul chun cinn a bhaint amach ar ghníomhartha agus moltaí na Straitéise Náisiúnta Scileanna, 2025. Bhí raon beart ann chun cuardaitheoirí poist a ath-sciliú agus a uas-sciliú le Springboard; níos mó printíseachtaí a sholáthar; naisc níos láidre a chothú ag leibhéal réigiúnach idir fostóirí agus an earnáil oideachais agus oiliúna trí na Fóraim Réigiúnacha um Scileanna; agus dul i ngleic le ganntanais scileanna in earnálacha ar leith ar nós teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide.

### Scileanna TFC

I ndeireadh 2017, chuir an Gasra Saineolaithe ar Riachtanais ó thaobh Scileanna de sa Todhchaí, a bhfuil a Rúnaíocht bunaithe sa Roinn, tús leis an Réamhaisnéis Éilimh ar Scileanna TFC a athnuachan, réamhaisnéis ar tugadh faoi in 2013. Úsáideadh é sin mar phríomh-ionchur bunaithe ar fhianaise i bhforbairt an phlean a tháinig i gcomharbacht ar Phlean Gníomhaíochta Scileanna TFC, 2014–2018. Féachfar sa Phlean nua leis an éileamh réamh-mheasta a mheaitseáil trí bhearta soláthair chun a chinntiú go leanann an earnáil Teicneolaíochta ar aghaidh ag fás agus, i bhfianaise chomh forleathan agus atá TFC ag éirí in earnálacha eile, sa gheilleagar ar fad trí chéile.

Díríodh sa réamhaisnéis, a cuireadh i gcrích sa chéad ráithe de 2018, ar a bhunú cén t-éileamh a bheidh ar Scileanna TFC ardleibhéil ar leibhéil 6/7 agus 8+ de réir an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí sa tréimhse ó 2017 go 2022, san earnáil leathan TFC agus thar earnálacha eile an gheilleagair. Chomh maith leis an réamhaisnéis sin a chur isteach sa leagan nua den Phlean Gníomhaíochta Scileanna TFC, tá an Roinn sa Chomh-Rúnaíocht do Ghrúpa Stiúrtha an Phlean Gníomhaíochta Scileanna TFC Ardleibhéil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá an grúpa sin freagrach as an bplean reatha a chur i bhfeidhm agus as an gceann nua a fhorbairt.

### Aghaidh a thabhairt ar na riachtanais scileanna atá ag eascairt as na himpleachtaí trádála a d'fhéadfadh a bheith ann de dheasca an Bhreatimeachta

I ndeireadh 2017, chuir an Gasra Saineolaithe ar Riachtanais ó thaobh Scileanna de sa Todhchaí tús freisin le staidéar a fhiosraíonn na riachtanais scileanna atá ag eascairt as impleachtaí féideartha trádála an Bhreatimeachta. Díríodh sa staidéar sin, a cuireadh i gcrích sa chéad ráithe de 2018, ar a bhunú an bhfuil fiontair bunaithe in Éirinn sách cumasach ó thaobh scileanna agus inniúlachta de chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí féideartha trádála an Bhreatimeachta agus a thionchar a fhritháireamh. Bunaithe ar rannpháirtíocht chuimsitheach, trasearnála le bonn fiontar na hÉireann, fiosraíodh dhá thacar sainscileanna trádála gaolmhara sa staidéar:

- Na scileanna sin a bhaineann le trádáil a éagsúlú go margaí nua, nó trádáil a leathnú i margaí reatha (e.g. bainistíocht idirnáisiúnta, díolacháin, margaíocht, dearadh agus forbairt, teangacha iasachta, feasacht chultúrtha), agus
- Na scileanna sin a bhaineann le trádáil a éascú thar theorainneacha idirnáisiúnta (e.g. lóistíocht, bainistíocht an tslabhra soláthair, imréiteach custam).

Ag eascairt as an mbonn fianaise sin, moltar sa staidéar sraith idirghabhálacha a bhaineann le scileanna, a bhfuil d'aidhm leo cur leis an mbonn scileanna a bhaineann le trádáil a fhorbairt in Éirinn, agus a hinrochtaineacht d'fhiontair, ar bhealach a chabhróidh le fiontair bunaithe in Éirinn oibriú i dtimpeallacht trádála a d'fhéadfadh a bheith níos casta agus níos ilchineálaí i ndiaidh an Bhreatimeachta.

## Iomaíochas

Is tosaíocht ard don Roinn é a chinntiú go sainaithnítear saincheisteanna iomaíochais tábhachtacha na fiontraíochta agus go dtugtar tús áite do ghníomhú ina leith ar fud chóras an rialtais. Is é ár dtosaíocht sa Bheartas Fiontraíochta go mbeadh Éire i measc na gcúig thír is iomaíche faoi 2020. Tugann an Roinn faoi thaighde, anailís agus ról na rúnaíochta don Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais.

Tuairiscíonn an Chomhairle don Taoiseach agus don Rialtas, tríd an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar shaincheisteanna iomaíochais tábhachtacha atá ann do gheilleagar na hÉireann agus tairgeann moltaí ar ghníomhartha beartais a bhfuil gá leo chun seasamh iomaíoch na hÉireann a fheabhsú.

D'fhoilsigh an Chomhairle na tuarascálacha seo a leanas i rith 2017:

### Na Costais a Bhaineann le Gnó a Dhéanamh in Éirinn 2017

Leagtar síos sa tuarascáil seo slat tomhais do na príomhchostais ghnó agus sainaithnítear réimsí ina bhfuil costais fiontraíochta na hÉireann as cor leis na costais i dtíortha eile. Dírítear ar chostais a chinntear anseo in Éirinn den chuid is mó, cuir i gcás saothar, maoin, fuinneamh, dramhaíl, uisce, cumarsáid agus seirbhísí gnó, agus cuirtear san áireamh leibhéal praghsanna agus athruithe sna leibhéil sin.

Tá costas sách ard ag baint le hÉirinn mar shuíomh fós. Léirítear an t-ardú ar réadmhaoin tráchtála agus chónaithe, agus an méadú ollmhór ar chíos cónaithe a mbeidh tionchar gan amhras aige ar éilimh thuarastail, a mhéadóidh an costas maireachtála agus a dhéanfaidh dochar don iomaíochas. Tarraingítear aird ar na costais arda a bhaineann le réimse seirbhísí gnó (postas/cúiréireacht, seirbhísí dlí agus taighde margaidh) agus seirbhísí a bhaineann leis an earnáil foirgníochta (ailtireacht agus innealtóireacht).

Tá rátaí úis níos airde fós ag gnólachtaí Éireannacha ar iasachtaí suas go €1 mhilliún ná mar atá ag a n-iomaitheoirí thar lear.  Cé go bhfuil costais saothair in aghaidh na huaire níos daoire in Éirinn ná sa Ríocht Aontaithe agus i limistéar an Euro, bhí an fás ar chostas saothair faoi bhun mheáin an Aontais Eorpaigh agus limistéar an Euro sna cúig bliana go 2016.

### Scórchárta Iomaíochais na hÉireann 2017

Is measúnú é seo ar fheidhmíocht iomaíochais na hÉireann maidir le réimse comhpháirtithe dlútha trádála agus tíortha iomaíocha, ina n-úsáidtear na sonraí is nuaí agus is inchomparáide go hidirnáisiúnta atá ar fáil. Chuir airgeadas poiblí feabhsaithe, fás sa táirgiúlacht, fás sna heaspórtálacha agus an margadh saothair le feidhmíocht iomaíochais fheabhsaithe na hÉireann sa rangú domhanda (an séú háit i mBliainiris Iomaíochais Dhomhanda IMD). Lean earnálacha easpórtála an gheilleagair ar aghaidh go láidir agus tá go leor de láidreachtaí traidisiúnta na hÉireann (réimeas cánach iomaíoch, lucht saothair óg ardoilte agus timpeallacht ina dtacaítear leis an ngnó) fós ann.

Is é an príomhábhar imní don Chomhairle go bhfanann Éire ard sa rangú i ngeilleagar atá ag fás go tapa, ina bhfuil lánfhostaíocht beagnach agus ina bhfuil bagairtí lena n-áirítear an Breatimeacht, athrú seans ar bheartas trádála agus cánachais Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus éiginnteacht an fháis dhomhanda. Áirítear leis na dúshláin ár mbonn cúng easpórtála, an bhearna táirgiúlachta idir na gnólachtaí is táirgiúla agus an chuid eile den bhonn fiontar atá ag titim chun deiridh, a chinntiú go bhfuil fiontair na hÉireann ar thús cadhnaíochta i ngníomhaíocht teicneolaíochta agus nuálaíochta, agus a chinntiú nach bhfuil borradh rómhór faoin ngeilleagar agus é ag tabhairt aghaidh ar na bearnaí bonneagair.

### Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2017

Sainaithnítear sa tuarascáil seo na freagairtí beartais a theastaíonn chun an ceann is fearr a fháil ar na príomhdhúshláin iomaíochais atá os comhair na hearnála gnó faoin dá théama leathana seo a leanas:

Téama 1 – Cinntiú go bhfuil fás inbhuanaithe:

1. Inbhuanaitheacht Mhaicreacnamaíoch a Sholáthar
2. Bonneagar a Chuireann le Táirgiúlacht a Sholáthar
3. Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus aistriú go geilleagar ísealcharbóin
4. Tallann a Thógáil agus a Chothú

Téama 2 – Borradh in iomaíochas fiontar a chruthú:

5. Iomaíochas Costais a Choinneáil
6. Fás Táirgiúlachta a Chothú
7. Cumas Nuálaíochta a Thógáil
8. Bonn Easpórtála na hÉireann a Fheabhsú agus a Éagsúlú

Bhí an Roinn i dteagmháil le Ranna Rialtais eile chun gníomhartha fiúntacha a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le hiomaíochas sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist, 2018.

### Feidhmíocht Táirgiúlachta na hÉireann a Thagarmharcáil, 2004-2014

Tá feidhmíocht táirgiúlachta na hÉireann sách láidir agus os cionn mheán limistéar an Euro agus na leibhéal sa Ríocht Aontaithe. Ach bíonn tionchar mór ag athruithe i gcomhdhéanamh na fostaíochta agus tionchar na hinfheistíochta dírí eachtraí ar aschur ar fheidhmíocht na hÉireann.

Ceileann bonn cúng na bhfiontar in earnálacha ard-bhreisluacha (go háirithe Cógaisíocht agus TFC) na hearnálacha nach bhfuil ag feidhmiú chomh maith sin ar bhealach, agus feabhsaíonn sé leibhéal táirgiúlachta na hÉireann. Mar gheall ar bhonn cúng na n-earnálacha a spreagann táirgiúlacht, tá Éire i mbaol mar gheall ar shuaitheadh agus tarraingítear aird ar an deis táirgiúlacht a fheabhsú ar leibhéil earnála agus gnólachtaí. Tá fiontair agus cuideachtaí nua-thionscanta, trádáil, rochtain ar airgeadas, scileanna agus bonneagar a éascú riachtanach chun táirgiúlacht agus iomaíochas a fheabhsú.

### Iomaíochas a Thagarmharcáil, Éire agus an Ríocht Aontaithe, 2017

Soláthraíonn na dúshláin a chruthaíonn an Breatimeacht nach bhfacthas riamh cheana spreagadh mór chun ár bhfeidhmíocht iomaíochais a fheabhsú. Léirítear i ranguithe iomaíochais idirnáisiúnta:

- Tá Éire sa 18ú háit agus an Ríocht Aontaithe sa 7ú háit as 190 geilleagar de réir Ease of Doing Business an Bhainc Dhomhanda.
- Tá Éire sa 23ú háit agus an Ríocht Aontaithe sa 7ú háit as 138 tír de réir Thuarascáil an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda um Iomaíochas Domhanda.
- Tá Éire sa 7ú háit agus an Ríocht Aontaithe sa 18ú háit as 61 tír de réir thomhas IMD ar iomaíochas.

I gcomparáid leis an Ríocht Aontaithe, braitear go bhfuil feidhmíocht chosúil ag Éirinn i ranguithe iomaíochais idirnáisiúnta i leith: cáilíocht na n-institiúidí; feidhmíocht na n-earnálacha Sláinte agus Bunoideachais; cáilíocht an ardoideachais agus na hoiliúna; agus éifeachtúlacht na margaí táirge. I gcomparáid le hÉirinn, chomh maith lena margadh níos mó, tá ranguithe níos airde ag an Ríocht Aontaithe i leith: bonneagar; forbairt an mhargaidh airgeadais; éifeachtúlacht an mhargaidh saothair; forbairt teicneolaíochta; nuálaíocht; agus sofaisticiúlacht an ghnó.

Cé go bhfáiltítear roimh fheidhmíocht na hÉireann ar phríomhshonraí maicreacnamaíocha reatha, feabhsaíonn sé sin scór iomaíochais na hÉireann trí chéile, a dhéanann áibhéil ar ár seasamh iomaíochais i ndáiríre. Measann an Chomhairle go bhfuil gá le hinbhuanaitheacht airgeadais a chaomhnú, infheistíocht a mhéadú i mbonneagar agus tallann, iomaíochas costais a cothú, agus nuálaíocht agus táirgiúlacht a spreagadh i ngach earnáil gheilleagrach.

## Bonneagair Gheilleagracha

Tá infhaighteacht bonneagar den chéad scoth (fuinneamh, teileachumarsáid, iompar, dramhaíl agus uisce) agus na seirbhísí gaolmhara, ar phraghas iomaíoch, ríthábhachtach chun tacú le fás geilleagrach agus forbairt fiontar.

Sainaithníonn an Roinn na gníomhaíochtaí tosaíochta infheistíochta agus beartais a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu chun tacú le fás gníomhaíocht fiontar agus cruthú post, agus déanann sí a dícheall na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme. Déanann sí monatóireacht agus athbhreithniú ar riachtanais bhonneagair an bhoinn fiontar san am i láthair agus sa todhchaí, le béim ar leith ar na hearnálacha a bhíonn i mbun trádála go hidirnáisiúnta.

I rith 2017 chuir an Roinn béim ar na príomhcheisteanna agus ar na príomhthosaíochtaí d’úsáideoirí gnó i ngach réimse den bhonneagar, agus í ag tarraingt ar anailís a rinne an Rannóg um Beartas Straitéiseach. D’oibrigh an Roinn go dlúth leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chun a Scéim Tacaíochta d’Fhuinneamh In-athnuaite a fhorbairt. Caithfidh anailís ar bhonneagar bonn eolais a chur faoi fhorbairt Éire 2040, Creat Náisiúnta Pleanála na hÉireann, atá á stiúradh ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Úsáideadh anailís na Roinne, i dteannta na n-aidhmeanna straitéiseacha fiontraíochta a leagtar amach i bhFiontraíocht 2025, mar bhonn d’aighneacht na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta don phróiseas comhairliúcháin agus a rannpháirtíocht i rith 2017.

Chomh maith leis sin, bhí an Roinn i dteagmháil leanúnach leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach chun tacaíocht a thabhairt do bhearta beartais chun infhaighteacht agus cáilíocht an bhonneagair gheilleagraigh a fheabhsú d’fhonn tacú le forbairt agus fás fiontar.

## Cánachas

Éascaíonn cinnteacht, seasmhacht agus intuarthacht i mbeartas cánachais cinnteoireacht fiontar, íoslaghdaíonn siad costais ghnó agus tacaíonn siad le fás fiontar. Bunaithe ar chúrsaí fiontraíochta,

chomhordaigh an Roinn aighneacht roimh an gCáinaisnéis do 2016 i gcomhar le gníomhaireachtaí éagsúla: GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Ba é an cuspóir príomhúil a bhí leis an aighneacht a chinntiú go leanann Cáinaisnéis 2018 ag tacú le fiontair, go háirithe ionchais easpórtála gnólachtaí agus tarraingteacht na hÉireann mar áit d'infheistíocht dhíreach eachtrach agus chun daoine le tallann a mhealladh agus a choinneáil. Leagadh amach san aighneacht roimh an gCáinaisnéis roinnt príomhphrionsabal a bhaineann le hiomaíochas coibhneasta go hidirnáisiúnta, cinnteacht, cóir agus simplíocht agus inbhuanaitheacht. Rinneadh moltaí san aighneacht maidir le réimeas cáin chorparáide na hÉireann, an córas cánach pearsanta, cabhrú le FBManna ullmhú don Bhreatimeacht, luach saothair a sholáthar do riosca fiontraíochta, nuálaíocht a spreagadh, agus a bheith iomaíoch fós don infheistíocht dhíreach eachtrach.

Coinníonn an Roinn mionteagasc faire freisin ar fhorbairtí cánach idirnáisiúnta agus bíonn sí ag plé le gnólachtaí trí na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta chun fanacht ar an eolas faoi impleachtaí féideartha agus chun bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí náisiúnta.

## Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

In 2015, ghlac 193 Ballstát sna Náisiúin Aontaithe, Éire ina measc, leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Cuimsíonn na spriocanna sin riachtanais shóisialta, gheilleagracha agus chomhshaoil le haghaidh todhchaí inbhuanaithe.

I rith 2017, thosaigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ag ullmhú an chéad Phlean Náisiúnta Cuir i bhFeidhm d'Éirinn le haghaidh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Leagfar amach sa phlean an chaoi a gcuirfear na spriocanna i bhfeidhm in Éirinn agus tabharfar breac-chuntas ar shocruithe le haghaidh comhordú idir-roinne, rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara agus tuairisciú tréimhsiúil ar dhul chun cinn.

Beidh an Roinn seo freagrach as cuid de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm faoin bplean; tá an Plean Náisiúnta don Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach agus an Fóram Páirtithe Leasmhara lena mbaineann ina sampla de sin. Tá monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm ina phríomhthosaíocht don Roinn.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Seoladh an dara Plean Náisiúnta don Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach in Éirinn, "Towards Responsible Business", an 26 Meitheamh 2017. Bunaíodh Fóram Páirtithe Leasmhara na Freagrachta Sóisialta Corparáidí, atá á stiúradh ag fiontair le Rúnaíocht ón Roinn, chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gníomhartha sa dara Plean.

Sa dara Plean Náisiúnta, is é uaillmhian an Rialtais Lárionad Feabhais a dhéanamh d'Éirinn le haghaidh cleachtas gnó freagrach agus inbhuanaithe trí ghlacadh leis an dea-chleachtais sa fhreagracht shóisialta chorparáideach ag croí gnóthaí agus eagraíochtaí.

Aithnítear an fhreagracht shóisialta chorparáideach mar ghné thábhachtach den iomaíochas in go leor gnóthaí. Nuair a leabaíonn gnóthaí an fhreagracht shóisialta chorparáideach agus cleachtais fhreagracha ghnó ina straitéis gnó, feabhsaítear a n-inbhuanaitheacht, clú, iomaíochas costas agus a gcumas tallann a mhealladh agus a choinneáil; ag an am céanna cothaítear comhtháthú sóisialta agus cosnaítear an comhshaol.

I mí an Mheithimh 2018, cuirfidh an Fóram tuarascáil faoi dhul chun cinn na chéad bhliana, "CSR Check", i láthair ag cruinniú Bricfeasta Príomhoifigigh Feidhmiúcháin/Ceannairí.

## Athrú Aeráide

Chuir an Roinn anailís agus ionchur beartais ar fáil don Phlean Náisiúnta Maolúcháin agus don Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe agus d'ábhar eile a bhaineann le spriocanna agus beartas maidir le hathrú aeráide agus chinntigh sí go gcuirfí tionchair ar iomaíochas san áireamh i roghanna beartais.

## Tábhacht Straitéiseach na Lárionad Sonraí do Bheartas Fiontraíochta na hÉireann

I mí Dheireadh Fómhair 2017, chomhaontaigh an Rialtas Creat Beartais Straitéiseach treisithe le haghaidh fhorbairt leanúnach na lárionad sonraí in Éirinn.  Tá cúpla snáithe comhlántach i gceist sa chur chuige straitéiseach sin atá á stiúradh ag Ranna eile, lena n-áirítear Creat Forbartha Beartais an Fhuinnimh In-athnuaite, leasuithe ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt (bonneagar straitéiseach) agus athbhreithniú breithiúnach ar thionscadail mhóra bonneagair.

Chun cur leis an gcreat straitéiseach sin, chuir an Roinn tús le Ráiteas Rialtais a fhorbairt ar Ról na Lárionad Sonraí i Straitéis Fiontraíochta na hÉireann. Is é an cuspóir foriomlán cur chuige faoi stiúir plean a spreagadh i leith infheistíochtaí i lárionaid sonraí chun acmhainn réigiún a fhíorú, poist d'ardchaighdeán a chruthú, uaillmhian na hÉireann a spreagadh sa gheilleagar digiteach mar shuíomh roghnaithe d'infheistíocht agus ceapach síl le haghaidh fiontraíocht teicneolaíochta, agus ag cinntiú freisin go gcoinnítear costais mhíbhuntáiste fhéideartha chomh híseal agus is féidir. Cuirfear an ráiteas náisiúnta beartais i gcrích faoi lár 2018.

## Suirbhéanna Eolaíochta

Táirgeann an Roinn staitisticí oifigiúla ar thaighde agus forbairt sna hearnálacha Rialtais agus Ardoideachais.

### Buiséad Taighde agus Forbartha

Tuairiscítear sa Bhuiséad Taighde agus Forbartha 2016/2017 ar mhaoiniú iomlán an Rialtais do thaighde agus forbairt in Éirinn (leithdháiltí buiséid Rialtais le haghaidh taighde agus forbartha/GBARD), caiteachas iomlán ar thaighde agus forbairt a dhéantar go hinmheánach in earnáil an Rialtais (caiteachas rialtais ar thaighde agus forbairt/GOVERD) agus caiteachas iomlán ar thaighde agus forbairt a dhéantar go hinmheánach in Éirinn (caiteachas intíre comhlán ar thaighde agus forbairt/GERD). Tugtar miondealú freisin sa tuarascáil seo ar phearsanra agus caiteachas taighde de réir réimsí taighde agus forbartha agus de réir cineálacha taighde.  Ba iad na príomhfhigiúirí le haghaidh 2016/2017:

- B'ionann GBARD in 2016 agus €718.9m, laghdú 2.4% ar 2015. Laghdaigh GBARD mar chéatadán den olltáirgeacht náisiúnta go 0.32% in 2016 ó 0.36% in 2015.
- Bhí GBARD mar chéatadán den olltáirgeacht intíre ag 0.28% in 2015, faoi bhun mheáin an OECD agus an Aontais Eorpaigh, 0.54% agus 0.52% faoi seach.
- Mhéadaigh GERD (suim an chaiteachais Rialtais, Gnó agus Ardoideachais) go €3.24bn in 2016, suas ó €3.13bn in 2015. Bhí GERD mar chéatadán den olltáirgeacht ag 1.43% in 2016, síos ó 1.52% in 2015.  Mar chéatadán den olltáirgeacht intíre, bhí GERD na hÉireann ag 1.2%, i gcomparáid le meáin an OECD agus an Aontais Eorpaigh, 2.38% agus 1.96% faoi seach.
- B'ionann GOVERD agus €98m in 2016, síos beagáinín ó €101m in 2015. Bhí GOVERD mar chéatadán den olltáirgeacht náisiúnta ag 0.04% in 2016, laghdú ó 2015.

### Suirbhé ar Thaighde agus Forbairt san Earnáil Ardoideachais

Is suirbhé débhliantúil é seo ina dtugtar sonraí faoin gcaiteachas inmheánach iomlán ar thaighde agus forbairt agus ar phearsanra taighde san earnáil ardoideachais. Tá miondealú ar fáil freisin ar phearsanra taighde agus ar chaiteachas ar thaighde agus forbairt de réir réimsí taighde agus forbartha agus de réir cineálacha taighde.

Ba iad na príomhfhigiúirí le haghaidh 2014/2015:

- B’ionann an caiteachas iomlán ar thaighde agus forbairt san earnáil ardoideachais in 2014 agus €730.1m
- Laghdaigh HERD (taighde agus forbairt ardoideachais) mar chéatadán den olltáirgeacht náisiúnta ó 0.51% in 2008 go 0.45% in 2014.
- Mhéadaigh líon iomlán na dtaighdeoirí coibhéise lánaimseartha 6% go 12,836 in 2014.
- Chaith Coláiste na hOllscoile Corcaigh an tsuim ba mhó (€122m) ar thaighde agus forbairt sa tír in 2014, le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ina diaidh ag €119m, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ag €117m, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag €96m agus Ollscoil Luimnigh ag €80m. Chaith na cúig institiúid sin in éindí beagnach trí cheathrú den HERD in 2014.
- Mhéadaigh céatadáin an HERD a mhaoinigh an tionscal ó 3.3% in 2012 go 4.4% in 2014.

## Staitisticí an Phainéil Rialaithe

Foilsítear Staitisticí an Phainéil Rialaithe (Dashboard Statistics) ar shuíomh gréasáin na Roinne gach mí. Tiomsaítear sonraí iontu ón Roinn, an Ard-Oifig Staidrimh, ONS agus foinsí seachtracha eile a bhaineann le táscairí luatha ar athrú a théann i bhfeidhm ar bheartas fiontraíochta.

## Sprioc 3:
## A bheith ag obair go huaillmhianach lenár gcomhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta

***A bheith ag obair go huaillmhianach ar fud an Rialtais lenár gcomhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta chun dul chun cinn a dhéanamh i bhfóraim AE agus idirnáisiúnta, thar raon leathan leasanna, lena n-áirítear freagairt d'impleachtaí an Bhreatimeachta***

### Rannpháirtíocht ag Leibhéal an Aontais Eorpaigh

Lean an Roinn dár rannpháirtíocht ag leibhéal an Aontais Eorpaigh chun torthaí a bhaint amach ó thaobh beartas náisiúnta agus AE de a thacaíonn lenár gclár oibre maidir le fiontair, iomaíochas agus nuálaíocht. Tá ról ceannais agus comhordúcháin ag an Roinn sa Chomhairle Iomaíochais agus sa Chomhairle um Ghnóthaí Eachtracha (Trádála). In 2017, aistríodh an fhreagracht as comhordú na Comhairle um Fhostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóra chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

I rith 2017, rinne an tAire Mitchell O'Connor, an Tánaiste Fitzgerald, an tAire Breen agus an tAire Halligan ionadaíocht do leas na hÉireann ag Comhairlí Iomaíochais agus Trádála faoi seach. Reáchtáladh trí chruinniú Fhoirmiúla agus dhá chruinniú Neamhfhoirmiúla de chuid na gComhairlí Iomaíochais, mar aon le trí chruinniú Fhoirmiúla agus dhá chruinniú Neamhfhoirmiúla de chuid na Comhairle Trádála i rith 2017 faoi Uachtaránacht Mhálta agus Uachtaránacht na hEastóine.

Ar na saincheisteanna a chuir an Chomhairle Iomaíochais chun cinn in 2017, bhí Straitéis an Mhargaidh Aonair Dhigitigh: Comhar i gCosaint Tomhaltóirí agus Geobhlocáil, Straitéis an Mhargaidh Aonair do Sheirbhísí: Tairseach Aonair Dhigiteach, réimeas feabhsaithe Fógra don Treoir maidir le Seirbhísí agus Tástáil Comhréireachta chun Seirbhísí Gairmiúla a Rialáil.

Áiríodh le saincheisteanna a ndearna an Chomhairle Trádála dul chun cinn orthu i rith 2017: idirbheartaíocht leanúnach trádála le Meicsiceo agus an Cómhargadh Theas (Mercosur); an Chomhpháirtíocht Gheilleagrach idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin a chur i gcrích i ndiaidh comhaontú polaitiúil a socraíodh i mí Iúil; glacadh le modheolaíocht nua an AE in aghaidh dumpála; Comhaontuithe Saorthrádála an AE a chur i bhfeidhm; agus ullmhúcháin do Chomhdháil Airí na hEagraíochta Domhanda Trádála, a tionóladh i mí na Nollag.

I dteannta ionadaíocht a dhéanamh ar leasa na Roinne agus na hÉireann ag an gComhairle, cuireadh príomhleasa AE na Roinne chun cinn freisin ar leibhéal tras-Rialtais de bhun Ghasra na nOifigeach Sinsearach AE sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Grúpa Idir-roinne nuabhunaithe ar Ghnóthaí AE agus an Breatimeacht, chomh maith le rannpháirtíocht dhéthaobhach le Ballstáit a raibh an meon céanna acu agus leis an gCoimisiún.

### Réimeas Státchabhrach an Aontais Eorpaigh

Ba thosaíocht de chuid na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta arís in 2017 é go gcloífí leis na rialacha i dtaca le Státchabhair. Lean an Roinn uirthi, mar Phointe Teagmhála Náisiúnta do bheartas uileghabhálach Státchabhrach, ag scaipeadh eolais ar fud Ranna Rialtais agus ghníomhaireachtaí fiontraíochta na Roinne.

Ina theannta sin, mar phointe idirchaidrimh do gach cumarsáid a eisítear chuig Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta agus uaithi, chomhordaigh an Roinn seasamh na hÉireann i dtaca le Státchabhair i rith 2017.

Is iad cuspóirí an tionscnaimh um Nuachóiriú Státchabhrach de chuid an AE fás a chothú i margadh inmheánach treisithe, dinimiciúil agus iomaíoch, forfheidhmiú a dhíriú ar na cásanna is mó a théann i gcion ar an margadh inmheánach agus rialacha i dtaca le Státchabhair a shruthlíniú, ina measc luas cinnteoireachta Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta.

B'athchóiriú tábhachtach sa phróiseas nuachóirithe an soiléiriú ón gCoimisiún ar choincheap na Státchabhrach agus díolúine a thabhairt do Státchabhair ó rialú roimhe seo trí Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine. Tá ról ríthábhachtach ag Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine chun rialacha faoi Státchabhair a shimpliú agus a shoiléiriú, maorlathas a mhaolú agus ligean d'infheistíochtaí dul ar aghaidh chomh tapa agus is féidir. Cuireann sé sin ar chumas an Choimisiúin freisin a rialú ar Státchabhair a dhíriú ar na cásanna is saofa.

## An Breatimeacht

Bunaíodh Aonad tiomnaithe an Bhreatimeachta go deireanach in 2016 chun comhordú bheartas agus fhreagairtí oibríochta na Roinne don Bhreatimeacht a stiúradh, lena n-áirítear ár gcur chuige i leith idirbheartaíochta san AE agus caidreamh déthaobhach leis an Ríocht Aontaithe.

Chun a chinntiú go raibh cur chuige comhsheasmhach agus comhordaithe i leith an Bhreatimeachta i ngach réimse den Roinn in 2017, bhainistigh agus thacaigh Aonad an Bhreatimeachta leis an méid seo a leanas:

- sé chruinniú den Ghrúpa Comhordaithe ar an mBreatimeacht, a raibh an tAire mar chathaoirleach air agus ina raibh Príomhoifigigh Feidhmiúcháin GFT Éireann agus Fhiontraíocht Éireann, agus oifigigh ábhartha fiontraíochta, Margaidh Aonair agus trádála ón Roinn chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ár bhfreagartha do na forbairtí a tháinig chun cinn go náisiúnta, sa Ríocht Aontaithe agus san Aontas Eorpach;
- sé chruinniú de Ghasra na nOifigeach Sinsearach Tras-rannóige sa Roinn le haghaidh an Bhreatimeachta, faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí, an Dr Orlaigh Quinn, ina bhfuil oifigigh shinsearacha i réimsí beartais ábhartha na Roinne.

I mí na Samhna 2017, d'fhoilsigh an Roinn "Building Stronger Business: Responding to Brexit by competing, innovating and trading". Tugtar achoimre sa pháipéar ar thionchair an Bhreatimeachta ar réimsí beartais tábhachtacha laistigh den Roinn agus tugtar achoimre ar na bearta beartais agus oibríochta atá ar bun agus atá á mbeartú ag an Roinn agus ag a Gníomhaireachtaí chun freagairt don Bhreatimeacht, lena n-áirítear na tacaíochtaí atá ar fáil do chuideachtaí chun cabhrú leo ullmhú don Bhreatimeacht. Déantar cur síos ann freisin ar an gclár taighde atá idir lámha, lena n-áirítear roinnt tionscadail taighde a choimisiúnaigh an Roinn in 2017 chun cabhrú le tuiscint a fhorbairt ar impleachtaí féideartha an Bhreatimeachta d'Éirinn do chúrsaí fiontar, tomhaltóirí agus caidreamh trádála. Cruthóidh na staidéir sin bonn fianaise chun bonn eolais a chur faoi sheasamh beartais na hÉireann mar chuid den idirbheartaíocht níos leithne ar chaidreamh na Ríochta Aontaithe amach anseo leis an Aontas Eorpach agus bearta maolaithe breise chun freagairt don Bhreatimeacht.

Mar chuid den chlár taighde sin, cuireadh tús le staidéar mór a fhiosróidh na himpleachtaí straitéiseacha d'Éirinn ag eascairt as athruithe i gcaidreamh trádála na Ríochta Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh i mí an Mheithimh 2017. Cruthóidh an staidéar sin bonn fianaise ar shaincheisteanna tábhachtacha trádála agus infheistíochta chun bonn eolais a chur faoi sheasamh na hÉireann mar chuid den idirbheartaíocht níos leithne ar chaidreamh na Ríochta Aontaithe amach anseo leis an Aontas Eorpach agus cuirfidh sé bonn eolais faoi fhorbairt na mbeart maolaithe earnála.

Ghlac Airí agus oifigigh na Roinne páirt i gCoiste Comh-Aireachta ar an mBreatimeacht, sa Ghrúpa Idir-Rannach ar an Aontas Eorpach agus an Breatimeacht, agus ar an réimse Grúpaí Oibre Breatimeachta a bhfuil de chúram orthu tionchar agus impleachtaí an Bhreatimeachta a shainaithint, chomh maith le bearta maolaithe ar fud na n-earnálacha ag féachaint le rioscaí a laghdú oiread agus is féidir agus deiseanna a mhéadú oiread agus is féidir.

Tá rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ina cholún tábhachtach i bhfreagairt intíre an Rialtais don Bhreatimeacht. Bhí plé trí chruinnithe duine le duine agus trí fhóraim reatha a bhaineann le fiontraíocht agus nuálaíocht ina ngné mhór d'ullmhúcháin na Roinne don Bhreatimeacht in 2017.

Chun plé rialta agus cuimsitheach a éascú agus a spreagadh le fiontair, bhunaigh an Roinn Fóram Fiontraíochta ar an mBreatimeacht agus Dúshláin Dhomhanda in 2017. Tá 13 ionadaí ó ghrúpaí fiontraíochta sa chomhaltas agus tá an tAire ina cathaoirleach ar an bhFóram, a raibh cúig chruinniú aige in 2017. Tugann an Fóram sin deis don Roinn taighde atá ag teacht chun cinn agus cuir chuige beartais a roinnt leis an earnáil fiontraíochta agus aiseolas a fháil ar thograí. Tugann sé ardán freisin d'fhiontair a dtaighde agus aiseolas ó chuideachtaí a roinnt leis an Roinn agus chun ábhair imní a tharraingt anuas, aird a tharraingt ar dheiseanna, agus freagairtí beartais a mholadh.

Ina theannta sin, bhunaigh an Roinn Grúpa Oibre Trádála agus Infheistíochta. I measc bhaill an Ghrúpa tá Rúnaithe Cúnta ó Roinn an Taoisigh, an Roinn Airgeadais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus na Coimisinéirí Ioncaim. Tugann an Grúpa seo, a tháinig le chéile deich n-uaire in 2017, fóram chun impleachtaí ar bheartas trádála agus infheistíochta a eascraíonn as an mBreatimeacht a phlé, agus deis chun machnamh a dhéanamh ar sheasamh féideartha na hÉireann ar shaincheisteanna tábhachtacha beartais.

Reáchtáil an Roinn dhá imeacht mhóra rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara seachtracha freisin (Plé le Páirtithe Leasmhara Earnála) chun ionchur a fháil ó réimse rannpháirtithe. Úsáideadh na haischuir ó na himeachtaí sin go díreach i bpróiseas Idirphlé Saoránach Uile-Oileáin an Rialtais. Tionóladh na himeachtaí i gCora Droma Rúisc (i mí Eanáir, nuair a tugadh aghaidh ar an réimse iomlán de shaincheisteanna fiontair) agus i mBaile Átha Cliath (i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i mí Iúil, nuair a rinneadh machnamh ar impleachtaí scileanna an Bhreatimeachta).

Chomh maith leis sin, bhí Airí agus oifigigh páirteach i rannpháirtíocht chuimsitheach dhéthaobhach lena gcomhghleacaithe san Aontas Eorpach. Bhí rannpháirtíocht ar bun freisin idir an Roinn/na hairí agus Coimisinéirí AE, Airí ón Ríocht Aontaithe agus a gcomhairí i mBallstáit eile agus Príomh-Idirbheartaí an Choimisiún don Bhreatimeacht, Michel Barnier.

### Freagairt Státchabhrach an Bhreatimeachta – Grúpa Oibre

Mar chuid den fhreagairt do chinneadh na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil, i mí na Samhna 2017 chas an Tánaiste ag an am leis an gCoimisinéir Vestager. Toradh amháin a bhí ar an gcruinniú sin ab ea bunú Grúpa Oibre ar Státchabhair, ina bhfuil ionadaithe ó Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Fiontraíocht Éireann agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Is é cuspóir an Ghrúpa raon feidhme scéimeanna a mheas agus iad a cheapadh chun tacú le fiontair a bhfuil tionchar ag an mBreatimeacht orthu, de réir rialacha na Státchabhrach. Tá an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ag stiúradh thoscaireacht na hÉireann.

### An Scéim um Theacht i gCabhair agus Athstruchtúrú

D'fhaomh Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta scéim um Theacht i gCabhair agus Athstruchtúrú i mí na Samhna 2017. Faoin scéim sin, is féidir le Fiontraíocht Éireann tacaíocht athstruchtúraithe a thairiscint d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) atá i gcruachás mór airgeadais agus a bhfuiltear cinnte nach mór go rachaidís as gnó go hiomlán murach idirghabháil an Stáit.

Cé nach meastar go mbeidh ar an Stát cúnamh teachta i gcabhair/athstruchtúraithe a thabhairt do chuideachtaí, i bhfianaise na dtacaíochtaí atá ar fáil cheana féin agus iad siúd atá á bhforbairt (i.e. Scéim Iasachta an Bhreatimeachta agus an scéim iasacht infheistíochta bheartaithe níos fadtéarmaí do ghnóthaí, chomh maith le tacaíocht Fhiontraíocht Éireann agus ó Oifigí Fiontair Áitiúla agus Idir-Thrádáil Éireann), meastar go mbeadh sé ciallmhar bearta teagmhasacha a chur i bhfeidhm ionas gur féidir linn freagairt do tapa do chúinsí a athraíonn de réir mar is gá.

### Freagairt Straitéiseach Fhiontraíocht Éireann don Bhreatimeacht

Léirítear i Straitéis 2017–2020 de chuid Fhiontraíocht Éireann an fhreagairt straitéiseach don Bhreatimeacht, a bhfuil d'aidhm léi teacht aniar níos fearr a fhás i gcuideachtaí Éireannacha trí scála a thógáil agus réimse a leathnú. Chun tacú lena Straitéis, chuir an Roinn airgead breise caipitil ar fáil in 2017, a chuir ar chumas Fhiontraíocht Éireann tionscnaimh éagsúla a chur i bhfeidhm agus cur lena tacaíochtaí chun go spreagfaí feabhsuithe ar tháirgiúlacht, nuálaíocht, cumas bainistíochta agus scileanna ceannaireachta, agus chun tógáil ar uaillmhian na mbainisteoirí breathnú ar mhargaí eile ar fud na cruinne. Áiríodh le foráil pá státchiste Fhiontraíocht Éireann le haghaidh 2017 airgead reatha breise chun cabhrú le 39 post breise a earcú chun tacú le Straitéis an Bhreatimeachta.

Mar chuid de fhreagairt straitéiseach Fhiontraíocht Éireann don Bhreatimeacht, cuireadh cúpla tionscnamh nua i bhfeidhm i rith 2017, lena n-áirítear:

- Feabhra: Seoladh an feachtas 'Global Ambition' chun níos mó cuideachtaí a chur ag easpórtáil agus cuideachtaí a spreagadh le dul isteach i limistéar an Euro;
- Márta: Seoladh 'Brexit Scorecard' do FBManna, ardán nua idirghníomhach ar líne a bhfuil gach cuideachta Éireannach in ann a úsáid chun féinmheasúnú a dhéanamh ar a nochtadh don Bhreatimeacht faoi shé cholún gnó.
- Márta: Tugadh isteach deontas €5k 'Be Prepared' freisin a thacaíonn le costais cliaint FBM chun plean a ullmhú chun rioscaí a mhaolú agus deiseanna a thapú a eascraíonn as an mBreatimeacht;
- Aibreán: Seoladh feachtas nua cumarsáide 'Prepare for Brexit' chun aird a tharraingt ar an ngníomh a chaithfidh cuideachtaí a dhéanamh;
- Bealtaine: Seoladh Straitéis nua do Limistéar an Euro chun easpórtálacha chuig Limistéar an Euro a mhéadú 50%;
- Meitheamh: Cuireadh na seónna bóthair 'Prepare for Brexit' ar fáil ar fud na tíre chun é a phlé le cuideachtaí;
- Meán Fómhair: Seoladh Seachtain Idirnáisiúnta na Margaí, ina raibh Limistéar an Bhreatimeachta, agus an feachtas #Irish Advantage a dhíreoidh ar cheannaitheoirí i Limistéar an Euro chun nuálaíocht Éireannach a cheannach in earnálacha tábhachtacha a bhfuil tionchar ag an mBreatimeacht orthu;
- Samhain: Seoladh ciste mear 'Agile Innovation Fund' ag a bhfuil iarratas ar líne cuíchóirithe chun teacht thapa a thabhairt do chuideachtaí ar mhaoiniú nuálaíochta.

I rith 2017, d'eagraigh Fiontraíocht Éireann os cionn 140 imeacht cur chun cinn trádála freisin chun cabhrú le cliaint a margaí sa Ríocht Aontaithe a chothú agus a fhás agus chun margaí nua a aimsiú lasmuigh den Ríocht Aontaithe.

### Freagairt Straitéiseach GFT Éireann don Bhreatimeacht

Bhí an GFT ag díriú go mór ar an mBreatimeacht le hacmhainní méadaithe, straitéisí nua margaíochta agus imeachtaí ar bun chun aird a tharraingt ar chomh hoiriúnach is a bheadh Éire do chuideachtaí a dteastaíonn uathu rochtain ar mhargadh an Aontais Eorpaigh a choinneáil sa todhchaí.

Bhí rannpháirtíocht shuntasach lena chliant ag baint le straitéis Breatimeachta an GFT – go deimhin, thosaigh an GFT ag plé le cliaint ar an mBreatimeacht roimh an reifreann agus géaraíodh ar an bplé sin i ndiaidh thoradh mhí an Mheithimh 2016.

Bhí imeachtaí móra Breatimeachta ag GFT Éireann freisin i suíomhanna tábhachtacha, lena n-áirítear Londain, Nua-Eabhrac agus Hong Cong, agus ghlac sé páirt i gcomhdhálacha agus imeachtaí a bhain leis an mBreatimeacht ar fud na cruinne. Tacaíodh leis sin le feachtas idirnáisiúnta an-éifeachtach sna meáin, a dhíríonn ar infheisteoirí idirnáisiúnta agus a tharraingíonn aird ar na buntáistí a bhaineann le lonnú nó le leathnú in Éirinn.

D'athraigh an GFT a lorg domhanda agus anois tá ceithre chríoch oifigiúla ann, in áit trí cinn, agus caitear leis an Ríocht Aontaithe mar mhargadh ann féin. Tá an GFT ag féachaint freisin le deiseanna nua óna spriocmhargaí neamhthraidisiúnta a thapú. Áirítear leo sin Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an Tuirc agus an Afraic Theas. Leanfaidh an GFT ar aghaidh ag díriú freisin ar a chaidreamh a fhás san Eoraip agus i dtíortha ar nós na Síne, na hIndia, na Cóiré Theas, Shingeapór agus na hAstráile.

Cé go bhfuil dúshlán ag baint leis cinnte, cruthaíonn imeacht na Ríochta Aontaithe roinnt deiseanna don infheistíocht dhíreach eachtrach in Éirinn – cé go mbraithfidh na deiseanna ar thoradh deiridh na hidirbheartaíochta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe.

Áirítear lenár láidreachtaí chun infheistíocht a bhaineann leis an mBreatimeacht a mhealladh ár rochtain leanúnach ar mhargadh an Aontais Eorpaigh, seasmhacht pholaitiúil, gheilleagrach agus rialála i gcomparáid le go leor iomaitheoirí, guth i mbeartas AE agus fóraim rialála, beartas poiblí comhsheasmhach maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach agus chomh gar is atáimid don Ríocht Aontaithe agus na naisc atá againn léi.

Tá na riachtanais is práinní a bhaineann leis an mBreatimeacht ag cuideachtaí in earnáil na seirbhísí airgeadais, agus cheana féin bhuaigh Éire, d'ainneoin iomaíocht mhór, infheistíochtaí ó chuideachtaí ceannródaíocha na hearnála sin (ar nós JP Morgan, Bank of America, Barclays, Legal and General, Chaucer agus Almac).

### Tacaíochtaí Breatimeachta na nOifigí Fiontair Áitiúla

Tá tacaíochtaí Breatimeachta tríd an 31 Oifig Fiontair Áitiúil ar fud na tíre dírithe ar fhaisnéis agus feasacht, éagsúlú margaidh, iomaíochas méadaithe, agus nuálaíocht a chur chun cinn ionas gur féidir le cliantchuideachtaí na nOifigí Fiontair Áitiúla dul i ngleic níos fearr leis na dúshláin a eascraíonn as an mBreatimeacht chomh maith le haon deis a eascraíonn as a fhiosrú. Chomh maith leis an mBreatimeacht, meantóireacht lena mbaineann agus oiliúint, chuir na hOifigí Fiontair Áitiúla tionscnaimh a bhaineann go sonrach leis an mBreatimeacht ar fáil le haghaidh micrifhiontar, lena n-áirítear:

- D'eagraigh na hOifigí Fiontair Áitiúla os cionn 30 imeacht eolais faoin mBreatimeacht a bhí dírithe ar chliaint lárnacha agus neamhlárnacha.
  Spreag na hOifigí a gcliaint freisin le páirt a ghlacadh i seó bóthair Breatimeachta Fhiontraíocht Éireann, a raibh sraith imeachtaí réigiúnacha mar chuid de chun tacú le cliaint ullmhú agus pleanáil don Bhreatimeacht.
- Ciste Iomaíoch na nOifigí Fiontair Áitiúla le haghaidh Micrifhiontair Nuálacha: – spreag an tionscnamh nua iomaíoch seo cliaint na nOifigí Fiontair Áitiúla chun páirt a ghlacadh i nuálaíocht chun Táirge, Próiseas nó Margaí Nua a fhorbairt. Faomhadh infheistíocht €25,000 an ceann do 63 micrifhiontar, arbh ionann é agus infheistíocht €1,575,000 san iomlán.
- Thug Deontais Cúnaimh Theicniúil don Mhicr-Easpórtáil i sraith deontas na nOifigí Fiontair Áitiúla spreagadh do chliaint na nOifigí deiseanna nua margaidh a fhiosrú agus a fhorbairt. Faomhadh cúnamh do 279 cliant faoin mbeart seo, arbh ionann é agus infheistíocht €505,400 san iomlán.
- D'fhorbair na hOifigí Fiontair Áitiúla tairiscint Lean4Micro le haghaidh cliaint micrifhiontair. Leithdháileadh €845k d'Oifigí Fiontair Áitiúla in 2017, a sholáthair 179 cliant rannpháirteach sa chlár.

### Tacaíochtaí Breatimeachta Idir-Thrádáil Éireann

Toisc go bhféadfadh an Breatimeacht tionchar mór a imirt ar na FBManna ar thug Idir-Thrádáil Éireann cúnamh dóibh, sholáthair an Roinn seo maoiniú breise don chomhlacht in 2017 chun tabhairt faoi fheachtas nua feasachta faoin mBreatimeacht don FBManna. Soláthraítear ann réimse tacaíochtaí saincheaptha, lena n-áirítear dearbháin 'Start to Plan' don Bhreatimeacht, dar luach €2,000, chun a

chur ar chumas cuideachtaí sainchomhairle a fháil ar cheisteanna ar nós pleanáil airgeadra, taraifí agus custam, ceanglais rialála agus saincheisteanna cánach. D'fhreastail os cionn 1,500 cuideachta ar imeachtaí feasachta faoin mBreatimeacht a d'eagraigh Idir-Thrádáil Éireann i suíomhanna éagsúla ar fud an oileáin i rith 2017. San iomlán, bhí Seirbhís Chomhairleach an Bhreatimeachta ag plé go díreach le hos cionn 2,350 FBM ar fud an oileáin trí na gnéithe éagsúla den tseirbhís in 2017.

Chuir an Roinn maoiniú sonrach ar fáil d'Idir-Thrádáil Éireann freisin chun taighde a éascú ar impleachtaí an Bhreatimeachta ar thrádáil Trasteorann. Cuireadh an chéad tionscadal taighde díobh siúd, a rinne anailís ar thionchar rátaí nua taraife ar réimse earnálacha táirgí a thrádáiltear idir an dá dhlínse, i gcrích i mí an Mheithimh 2017.

## Bearta Maolaithe an Bhreatimeachta le haghaidh FBManna

### Scéim Iasachta an Bhreatimeachta

Dhaingnigh an Tánaiste agus an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta mar a bhí, Frances Fitzgerald TD, i gcomhpháirtíocht leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed TD, maoiniú Cáinaisnéise don scéim nua, Scéim Iasachta an Bhreatimeachta, a chuirfidh maoiniú inacmhainne ar fáil do ghnóthaí Éireannacha incháilithe ag a bhfuil suas le 499 fostaí agus a bhfuil tionchar ag an mBreatimeacht orthu faoi láthair nó a mbeidh amach anseo. Bainfidh an scéim, trí ráthaíochtaí Stáit agus AE in éindí, leas as suas le €300 milliún iasachtaí d'fhiontair Éireannacha incháilithe ag an uasráta úis 4%. Cosnóidh an scéim €23 milliún ar an Státchiste (€14 mhilliún ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus €9 milliún ó Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara). Tá an scéim ar oscailt do chliaint Gníomhaireachtaí Stáit agus do ghnóthaí nach bhfuil aon bhaint acu le Gníomhaireachtaí Stáit. Beidh an t-airgeadas níos éasca le teacht air, beidh praghas níos iomaíche air, agus beidh téarmaí níos fabhraí ag baint leis ná an méid atá ar fáil faoi láthair sa mhargadh.

Cuirfidh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann an scéim nua i bhfeidhm, trí iasachtóirí tráchtála chun caipiteal oibre atá ag teastáil go géar a chur i ngnóthaí Éireannacha.

### Scéim Iasachta Infheistíochta Níos Fadtéarmaí

Le haghaidh réitigh níos fadtéarmaí, chuir an Roinn, i dteannta na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus na Roinne Airgeadais, tús le hobair ar thograí beartais a fhiosrú le haghaidh Scéim Iasachta Infheistíochta níos fadtéarmaí chun tacú le gnóthaí infheistiú go straitéiseach le haghaidh timpeallachta i ndiaidh an Bhreatimeachta.

### Mol Comhairleach d'Airgeadas Gnó

Cuireadh tús freisin in 2017 le Mol Comhairleach d'Airgeadas Gnó a fhorbairt a thacódh le pleanáil airgeadais agus le riachtanais ghinearálta maoinithe FBManna. Cabhróidh an Mol beartaithe le gnóthaí cinntí airgeadais níos eolaí a dhéanamh, ag tógáil ar thacaíochtaí reatha atá ar fáil ó chomhlachtaí ar nós Fhiontraíocht Éireann agus na nOifigí Fiontair Áitiúla. Is tairiscint ar líne a bheidh ann go príomha, a chuirfidh faisnéis chaighdeánaithe agus uirlisí ar fáil, agus a fheidhmeoidh mar threoir chuig tacaíochtaí agus acmhainní iomchuí Rialtais. Ina theannta sin, choimisiúnaigh an Roinn dhá shuirbhé ar ghnóthaí ar thionchar an Bhreatimeachta agus leibhéil ullmhúcháin in 2017, ionas gur féidir a chinneadh céard é an bealach is fearr le tacú le gnólachtaí dúshláin an Bhreatimeachta a shárú.

## Comhaontuithe Trádála agus Misin Trádála

In 2017, d'oibrigh Éire le Coimisiún an AE agus le Ballstáit eile chun roinnt comhaontuithe trádála a thabhairt chun críche go rathúil. Tháinig an Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála le Ceanada i bhfeidhm go sealadach ón 21 Meán Fómhair 2017. Ciallaíonn sé sin gur féidir le cuideachtaí Éireannacha tairbhe a bhaint as forálacha an Chomhaontaithe Chuimsithigh, lena n-áirítear deireadh a

chur le taraifí ar bheagnach gach easpórtáil thábhachtach, rochtain ar mhargadh soláthair Cheanada, bacainní rialála a scaoileadh agus rialacha níos trédhearcaí faoi rochtain ar an margadh. Bainfidh gnóthaí agus tomhaltóirí na hÉireann leas as toisc gur cuireadh deireadh le hos cionn 98% de na taraifí. Beidh iompórtálacha níos saoire dá bharr agus ár n-easpórtálacha níos iomaíche. Cuirfidh an Comhaontú Cuimsitheach deiseanna nua ar fáil do ghnóthaí agus do lucht gairmiúil na hÉireann chun oibriú i gCeanada agus seirbhísí a sholáthar ann.

B'fhorbairt thábhachtach eile é cur i gcrích na hidirbheartaíochta ar Chomhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh leis an tSeapáin ar an 8 Nollaig. Is éacht shuntasach é an comhaontú trádála uaillmhianach sin don Aontas agus don tSeapáin, a bhfuil níos mó ná an tríú cuid d'olltáirgeacht intíre an domhain acu in éindí. Mar aon leis an gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála, cruthóidh sé deiseanna nua agus spleodracha d'easpórtálacha agus cuideachtaí na hÉireann thar réimse earnálacha, lena n-áirítear an earnáil agraibhia, ina mbeidh tairbhí faoi leith mar gheall ar rochtain ar mhargaí nua le haghaidh táirgí déiríochta agus mairteola.

Bhí an Roinn páirteach go gníomhach i ndeiseanna nua a chuireann na Comhaontuithe Trádála AE i láthair a chur chun cinn. I mí Mheán Fómhair, stiúir an t-iar-Thánaiste Frances Fitzgerald misean mór trádála agus infheistíochta go Singeapór agus an tSeapáin le 60 cliantchuideachta de chuid Fhiontraíocht Éireann. Ba dheis luachmhar é sin chun aird a tharraingt ar thábhacht na rochtana ar mhargaí nua agus an éagsúlaithe i gcomhthéacs an Bhreatimeachta, agus chun na tairbhí do chuideachtaí Éireannacha mar gheall ar shocruithe nua trádála idir an tAontas Eorpach agus an dá thír a chur chun cinn.

Ní raibh sa mhisean sin ach píosa amháin de chlár cuimsitheach imeachtaí trádála idirnáisiúnta a d'eagraigh Fiontraíocht Éireann in 2017, a thug deis do chuideachtaí Éireannacha bualadh le ceannaitheoirí ionchais agus líonrú le lucht tionchair tábhachtach i dtíortha ar fud na cruinne. San iomlán, eagraíodh 57 imeacht a dhírigh ar thrádáil idirnáisiúnta i rith na bliana.

Lean an Roinn ag obair leis an gCoimisiún agus le Ballstáit lena chinntiú go gcuirfear chun cinn agus go slánófar leas na hÉireann san idirbheartaíocht trádála leanúnach ag an AE, ar nós na hidirbheartaíochta le Meicsiceo agus an Cómhargadh Theas (Mercosur); reachtaíocht nua AE um chosaint trádála; agus ar cheisteanna a bhaineann le hinfheistíocht.

## Margadh Aonair an Aontais Eorpaigh i Seirbhísí

I mí Eanáir 2017, sheol an Coimisiún Eorpach a Phacáiste Seirbhísí, ina bhfuil tionscnaimh réalaíocha a fhéachann le comhtháthú Mhargadh Aonair an Aontais Eorpaigh i Seirbhísí a threisiú. Áirítear sa phacáiste sin moltaí le haghaidh Ríomhchárta Seirbhísí Eorpach nua, a mbeadh d'aidhm leis soláthar seirbhísí trasteorann a éascú níos mó sna hearnálacha foirgníochta agus seirbhísí gnó. Áirítear freisin sa phacáiste moltaí leis an nós imeachta chun fógra a thabhairt laistigh den Treoir um Sheirbhísí a fheabhsú, agus é de chuspóir aige a chinntiú go mbeadh aon srianta nua ar sholáthar seirbhísí, atá á moladh le cur isteach i ndlíthe náisiúnta Ballstát, ag teacht le prionsabail saorghluaiseachta an Mhargaidh Aonair.

Thug an Roinn faoi chomhairliúchán poiblí ar na moltaí sin in 2017 agus rinne sí ionadaíocht do leas na hÉireann in idirbheartaíocht Chomhairle an AE. Pléadh an Treoir um Fhógraí sa Chomhairle i mí na Bealtaine 2017, nuair a comhaontaíodh Cur Chuige Ginearálta na Comhairle. Tá idirbheartaíocht faoin Ríomhchárta fós ar bun.

I mí na Bealtaine 2017, sheol an Coimisiún Eorpach an Pacáiste um Chomhlíonadh an Mhargaidh Aonair freisin. Áiríodh ann togra le haghaidh Uirlis Faisnéise an Mhargaidh Aonair. Tá sé d'aidhm léi sin cumhachtaí bailithe faisnéise níos fearr a thabhairt don Choimisiún ó ghníomhaithe margaidh ar leith nuair atá cásanna faoi reachtaíocht an Mhargaidh Aonair a fheidhmiú go mícheart á bhfiosrú. Tá an togra sin á bhreith go mion ag Páirtithe Oibre na Comhairle agus Parlaimint na hEorpa.

I dteannta páirt a ghlacadh in idirbheartaíocht faoi na tograí nua reachtaíochta sin, lean an Roinn uirthi lena cuid comhpháirtíochta ag leibhéal an AE leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit eile; lean sí uirthi freisin de bheith ag déanamh ionadaíocht ar Éirinn sna Grúpaí Oibre cuí AE agus ar Choistí a bhíonn ag plé le saincheisteanna an Mhargaidh Aonair.

Lean an Roinn uirthi chomh maith de bheith ag riar chóras SOLVIT agus an Chórais Faisnéise faoin Margadh Inmheánach; thug sí freagairt do chásanna SOLVIT agus d'ardaigh sí feasacht ar na huirlisí riaracháin sin i measc gnóthas agus saoránach.

In 2017 freisin, chuir an Roinn tionscnamh i gcrích arbh é ab fheidhm leis feidhmiúlacht Phointe Aonair Teagmhála na hÉireann a fheabhsú, ar suíomh idirlín é a éilítear ar gach Ballstát a fheidhmiú de bhun Threoir an AE um Sheirbhísí.

I mí Dheireadh Fómhair 2017, reáchtáil an Roinn cruinniú de Bhord Eagarthóireachta 'Your Europe' i mBaile Átha Cliath; ní raibh ann ach an ceathrú huair a reáchtáladh an cruinniú sin lasmuigh den Bhruiséil. Thug an tAire Helen McEntee TD, an tAire Gnóthaí Eorpacha, an t-aitheasc oscailte don chruinniú, ag a raibh ionadaithe ó os cion 27 tír sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

## An Margadh Aonair Digiteach

Aithnítear i Ráiteas Straitéise 2016–2019 de chuid na Roinne go bhfuil dúshláin agus deiseanna suntasacha le haghaidh go leor gnóthaí mar gheall ar éabhlóid an mhargaidh dhigitigh, a d'athraigh agus a athróidh i gcónaí an chaoi a dtugtar faoi ghnó go hidirnáisiúnta. Aithnítear sa Straitéis go gcaithfidh Éire tógáil ar ár láidreachtaí in earnálacha áirithe, mar shampla, an earnáil TFC, chun na deiseanna sna réimsí sin a thapú.

Tugtar tiomantas do thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh uaillmhianacha chun an Margadh Aonair, seirbhísí go háirithe, agus an Margadh Aonair Digiteach a dhoimhniú, i réimsí beartais a bhfuil an Roinn freagrach astu, agus tacaíocht a thabhairt do phríomhshruthú an iomaíochais i réimsí eile beartais. Chomh maith leis sin, leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag iarraidh éifeachtúlachtaí agus seirbhísí feabhsaithe do chustaiméirí a bhaint amach trí bhéim leanúnach ar dheiseanna digiteacha.

Foilsíodh Straitéis AE an Mhargaidh Aonair Dhigitigh i mí na Bealtaine 2015 atá bunaithe thart ar 16 thionscnamh a thacaíonn le trí phríomhcholún: rochtain a shimpliú do thomhaltóirí agus gnóthaí; an timpeallacht a mhúnlú ionas go mbeidh rath ar líonraí agus seirbhísí digiteacha; agus acmhainn fáis an gheilleagair dhigitigh a mhéadú oiread agus is féidir.

Tá bearta reachtúla agus neamhreachtúla ann chun dul i ngleic leis na 16 thionscnamh sin. Amhail deireadh 2017, foilsíodh 24 togra reachtúil ó rialacha teileachumarsáide, craolachán, cosaint tomhaltóirí, príobháideachas sonraí, cibearshlándáil go dtí an ríomh-Rialtas, a bhfuil d'aidhm leo bacainní a bhriseadh do shaoránaigh, tomhaltóirí agus FBManna atá i mbun gnó agus ag úsáid seirbhísí ar líne.

Foilsíodh an t-athbhreithniú lárthéarma ar an Margadh Aonair Digiteach i mí na Bealtaine 2017 agus tuairiscíodh ann go ndearnadh dul chun cinn maith agus gur thángthas ar chomhaontú faoi go leor de na tograí sin.

Tugadh breac-chuntas freisin san athbhreithniú lárthéarma ar réimsí eile ina gcaithfidh an tAontas Eorpach níos mó a dhéanamh chun timpeallacht dhigiteach chóir, oscailte agus shlán a chinntiú. Áirítear ina measc siúd:

- rialacha a shoiléiriú maidir le gluaiseacht trasteorann sonraí neamhphearsanta bunaithe ar phrionsabail ar nós saorghluaiseacht sonraí (Saorghluaiseacht Sonraí);
- tionscnamh a ullmhú chun rochtain ar shonraí a mhaoinítear go poiblí agus a n-athúsáid a fheabhsú;
- dul i ngleic le cibearshlándáil;

- athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais trádála ardáin go gnó agus timpeallacht ghnó chóir agus a fháiltíonn roimh nuálaíocht a chinntiú; agus
- oibriú le hardáin chun a chinntiú gur féidir ábhar neamhdhleathach ar líne a thuairisciú go héasca agus a bhaint go héifeachtach.

Cuimsíonn saincheisteanna a bhaineann leis an nGeilleagar Digiteach agus Margadh Aonair Digiteach an AE cláir oibre idir-Roinne agus tras-Roinne araon. Sa Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta tá Aonaid freagrach as dearcaí inmheánacha ar na saincheisteanna sin a bhfuil freagracht beartais orainn ina leith a thiomsú agus a mheas ionas gur féidir comhleanúnachas beartais laistigh den Roinn a chinntiú. Baineann siad sin go príomha le beartas cóipchirt agus tomhaltóirí agus iomaíochais.

I ndiaidh an tAire Stáit do Thrádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach an AE agus Cosaint Sonraí a cheapadh i mí an Mheithimh 2017, ghlac an Roinn freagracht as ceannaireacht an Choiste Idir-rannaigh ar an Margadh Aonair Digiteach. Bhíodh Roinn an Taoisigh ag stiúradh an ghrúpa tras-Rialtais seo ar an Margadh Aonair Digiteach, atá freagrach as iarracht uile-Rialtais a stiúradh maidir le leas na hÉireann sa Mhargadh Aonair Digiteach a chur chun cinn agus a chosaint. Bhí an tAire ina cathaoirleach ar an gCoiste Idir-rannaigh ar an Margadh Aonair Digiteach i mí Mheán Fómhair 2017. D'óstáil an Roinn an Coiste i mí na Samhna 2017, tráth a raibh sí ina cathaoirleach air, agus ar tugadh aghaidh ar théama na hiontaoibhe, atá ina réamhriachtanas tábhachtach don aistriú digiteach meastar. Thug an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais aghaidh ar an gCibearshlándáil agus an ríomh-Rialtas faoi seach.

Tá tíortha ceannródaíocha i gcúrsaí digiteacha sa ghrúpa Digital 9 (D9), is é sin Éire agus stáit Nordacha, Benelux agus Bhaltacha bunaithe ar shuíomh na dtíortha in Innéacs Digiteach agus Sochaí an Aontais Eorpaigh. Dírítear ann ar mhaoirsiú straitéiseach a sholáthar ar an bhfeidhmiú is fearr de bheartas digiteach agus ar ghníomhú mar fhóram le dea-chleachtas a mhalartú. Stiúir an tAire Stáit do Thrádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach an AE agus Cosaint Sonraí toscaireacht na hÉireann go dtí D9 a bhí ar siúl sa tSualainn i mí Dheireadh Fómhair 2017. D'fhreastail Airí ó bhallstáit AE eile an D9 ar an gcruinniú. Pléadh saincheisteanna éagsúla sa chruinniú, lena n-áirítear dúshláin Shochaí Dhigiteach an lae inniu, Todhchaí na hOibre, ardáin ar líne agus togra an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Saorghluaiseacht Sonraí.

Thug an tAire Stáit breac-chuntas go bhfuil an rannpháirtíocht ghníomhach sa Mhargadh Aonair Digiteach ag cumasú Gheilleagar Digiteach na hÉireann agus go soláthraíonn grúpa an D9 fóram tábhachtach trínar féidir dea-chleachtas agus eolas ballstát atá ar aon intinn a roinnt go héifeachtach. Thug an tAire tiomantas go n-óstálfaí cruinniú de chuid ghrúpa an D9 i mí na Bealtaine 2018 chun tuilleadh béime a chur ar thiomantas na hÉireann don chlár oibre digiteach.

Roimh an D9, bhí an tAire Stáit ina chathaoirleach ar Chruinniú Comhchéime Gnó faoi Ardáin ar Líne an D9 le roinnt cuideachtaí a roghnaigh IBEC óna gCoiste Beartais Dhigitigh an 11 Deireadh Fómhair 2017. Thug an rannpháirtíocht spriocdhírithe sin le páirtithe leasmhara deis do ghnóthaí na fadhbanna agus bacainní atá os a gcomhair a phlé agus an méid a chaithfear a dhéanamh chun an ceann is fearr a fháil ar an bacainní sin agus timpeallacht fhoirfe ghnó a chruthú sa todhchaí. Cuireadh an t-aiseolas a bailíodh ón gCruinniú Comhchéime sin in iúl ag cruinniú an D9 i Stócólm. Tabharfar faoi thuilleadh rannpháirtíochta le cumainn trádála, IBEC agus AmCham ina measc, in 2018 chun dul chun cinn a dhéanamh ar chlár oibre digiteach na hÉireann agus an Margadh Aonair Digiteach.

Déanann an Roinn ionadaíocht d'Éirinn ar Choiste Geilleagair Dhigitigh OECD.

## Tacaíocht a Thabhairt do Chlár INTERREG AE

Tá Clár INTERREG ar cheann de 60 clár maoinithe trasteorann san AE. Clúdaíonn sé na sé chontae cois teorann in Éirinn, Tuaisceart Éireann ina iomláine agus cuid d'iarthar na hAlban.

Don bhabhta reatha de INTERREG (le bheith ar siúl ó 2017 go 2022), tá snáithe Taighde agus Nuálaíochta, a dhéanann an Roinn cómhaoiniú air, in éineacht lenár gcomhionann i dTuaisceart Éireann.

Tá €71m san iomlán ar fáil mar mhaoiniú don tsraith ar Thaighde agus Nuálaíocht (ón AE agus ó Rialtais Náisiúnta) don tréimhse suas go 2022. Is riachtanas é go gcaithfidh formhór na ngníomhaíochtaí tionscadail a bheith lonnaithe i dTuaisceart Éireann, sna sé chontae cois teorann sa Phoblacht agus in iarthar na hAlban.

Tá dhá ghné ar leith laistigh den snáithe Taighde agus Nuálaíochta: tionscnamh chun líon na FBManna a dhéanann taighde trasteorann agus gníomhaíochtaí nuálaíochta (€18) faoina gcuirfear raon gníomhaíochtaí ar fáil dóibh; agus tionscnamh níos taighde-bhunaithe chun leibhéal an ghnó trasteorann, taighde ábhartha do thionscal agus acmhainn nuálaíochta a mhéadú laistigh d'earnáil na Sláinte agus Eolaíochtaí Beatha agus earnáil an Fhuinnimh In-athnuaite (€53m).

Beidh ról lárnach ag institiúidí tríú leibhéal laistigh de limistéar geografach, lena n-áirítear na trí Institiúid Teicneolaíochta sna contaetha cois teorann. Baineann a chomhionann de 514 bliain PhD i mbun taighde leis an obair thar shaolré an Chláir agus tá cuideachtaí roghnaithe ó na hearnálacha ábhartha páirteach ann freisin, trína bhforbróidh siad saineolas feabhsaithe, go háirithe i bhforbairt táirgí nó próiseas nua.

Tá dhá ghné an Chláir ar bun anois agus seoladh tionscadail ar leith i rith 2017.

## EPSCO/An Seimeastar Eorpach

Go dtí mí Mheán Fómhair 2017, chomhordaigh an Roinn obair na snáitheanna Fostaíochta agus Beartais Shóisialta de Chomhairle EPSCO an AE. Chuir Éire le hobair dhá chruinniú Comhairle fhoirmiúla agus cruinniú Comhairle neamhfhoirmiúil amháin faoi Uachtaránacht Mhálta sna chéad sé mhí de 2017. Chomhordaigh an Roinn cruinniú Comhairle neamhfhoirmiúil amháin faoi Uachtaránacht na hEastóine i mí Iúil. I mí Mheán Fómhair 2017, aistríodh an fhreagracht as comhordú cruinnithe eile na Comhairle chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

## Colún Eorpach ar Chearta Sóisialta

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a thograí le haghaidh Colún Eorpach ar Chearta Sóisialta i mí Aibreáin, i ndiaidh an próiseas comhairliúcháin a chur i gcrích leis na Ballstáit ar fad. Mhol an Coimisiún go dtabharfaí isteach an Colún Eorpach ar Chearta Sóisialta mar Fhorógra Idirinstitiúideach trí Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle. Chomhordaigh an Roinn seasamh na hÉireann, a raibh baint ag 12 Roinn eile leis, trí na coistí éagsúla AE agus Comhairlí EPSCO go dtí mí Mheán Fómhair 2017. I mí Mheán Fómhair, aistríodh an fhreagracht as comhordú fhreagairt na hÉireann chun dul chun cinn a dhéanamh ar an gColún Eorpach ar Chearta Sóisialta chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

## An tAonad Rialála Gnó

Lean an tAonad Rialála Gnó de bheith rannphháirteach i ngrúpaí éagsúla idirnáisiúnta amhail Ardán REFIT an Aontais Eorpaigh, ag féachaint ar chumas rialála, Grúpa Oibre um Rialáil Níos Fearr na Comhairle Eorpaí, agus Coiste um Beartas Rialála na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD).

## Tionscnamh na nGeilleagar Beag Sárfhorbartha

Is ionann Tionscnamh na nGeilleagar Beag Sárfhorbartha agus grúpa seacht dtír (an Danmhairg, an Fhionlainn, Éire, Iosrael, an Nua-Shéalainn, Singeapór agus an Eilvéis) a thugann le chéile oifigigh agus saineolaithe chun machnamh a dhéanamh ar cheisteanna beartais comhleasa ina mbíonn tionchar ag dearcadh na tíre mar gheilleagar beag sárfhorbartha ar roghanna beartais.

Bhí cruinniú bliantúil na bPríomhoifigeach ar siúl i Heilsincí in 2017 agus áiríodh i dToscaireacht na hÉireann, á stiúradh ag an Ard-Rúnaí, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, feidhmeannaigh shinsearacha ón an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus Oifig Phríomhchomhairleoir Eolaíochta an Rialtais.  B'ionadaithe sinsearacha ó aireachtaí a dtíortha iad na toscairí (lena n-áirítear Oifigí na bPríomh-Airí, na nAireachtaí Gnó, Airgeadais, Ardoideachais agus Eolaíochta, agus Aireachtaí Gnóthaí Eachtracha agus Trádála), gníomhaireachtaí bainteacha de réir mar ba chuí, agus oifigí na bPríomhchomhairleoirí Eolaíochta.

Rinneadh an OECD cur i láthair ag seisiún iomlánach ar tháirgiúlacht agus iomaíochas.  Áiríodh le cuir i láthair eile ó na comhaltaí agus na réimsí plé olltiomsú sonraí a úsáid chun bonn eolais a chur faoi dhéanamh beartas, todhchaí na hoibre, inniúlachtaí don saol oibre a fhaightear in Ardoideachas a sheasfaidh an aimsir a chruthú, castacht gheilleagrach, digitiú, tráchtálú taighde phoiblí, slabhraí luacha domhanda agus beartas trádála.

## An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair

Stiúrann an Roinn rannpháirtíocht na hÉireann san Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.  I mí an Mheithimh, toghadh Éire mar chomhalta Titulaire de Chomhlacht Rialaithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair don tréimhse ó 2017 go 2020.  Is é seo an chéad uair a toghadh Éire ar shuíochán Titulaire (ceann ag a bhfuil cearta labhartha agus vótála) ó chuamar isteach san Eagraíocht in 1923.  Chun ullmhú seasaimh náisiúnta ar chlár oibre an Chomhlachta Rialaithe a éascú, bhunaigh an Roinn Grúpa Idir-rannach a thug Ranna ag a bhfuil freagracht beartais as clár oibre forleathan an Chomhlachta Rialaithe le chéile.

Tá rannpháirteachas na gComhpháirtithe Sóisialta ina phríomhghné d'obair an Ghrúpa, a léiríonn gur eagraíocht thríthaobhach í an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.  Chomh maith le páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Chomhlachta Rialaithe i mí an Mhárta agus i mí na Samhna, stiúir an Roinn toscaireacht thríthaobhach go dtí an Chomhdháil Idirnáisiúnta Saothair i mí an Mheithimh.

## Clár Méadreolaíochta na hEorpa don Taighde

In 2017, ghlac Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann páirt i roinnt tionscadail taighde sa Chlár Méadreolaíochta Eorpach um Nuálaíocht agus Thaighde (EMPIR), lena n-áirítear:

- Tionscadal Eura-Thermal EMPIR
- Tionscadal Rianaithe Tomhais Cáilíochta Cumhachta (Bealaí inrianaithe le haghaidh tomhais cáilíochta cumhachta leictrí)
- Tionscadal HUMEA a bhfuil de chuspóir leis cumais tomhais agus taighde a fhorbairt nó a leathnú in institiúidí méadreolaíochta náisiúnta agus institiúidí ainmnithe sna tíortha rannpháirteacha éiritheacha i réimse na dtomhas bogthaise.
- MetAmmi: "Metrology for additively manufactured medical implants".

In 2017, d'óstáil an tÚdarás comhaltas Thionól Ginearálta IQNET, an líonra is mó ar domhan de chomhlachtaí náisiúnta deimhnithe, chun a chinntiú gur féidir le hÉirinn agus gnóthaí Éireannacha aitheantas agus rochtain ar an margadh níos forleithne a bhaint amach.

## Sprioc 4:
## Éire a chur chun cinn mar cheannródaí nuálaíochta domhanda

***Ceannaireacht a thabhairt maidir le huaillmhian uile-Rialtais Éire a chur chun cinn mar cheannródaí nuálaíochta domhanda, córas iomaíoch idirnáisiúnta taighde a thiomáint, bonn fiontraíochta nuálach a chruthú agus sochaí níos fearr a thógáil***

### Nuálaíocht 2020

Leagtar amach i Nuálaíocht 2020, ár straitéis náisiúnta taighde agus forbartha, eolaíochta agus teicneolaíochta, fís maidir le hÉirinn a bheith ina ceannaire nuálaíochta domhanda.

Is é an aidhm ann ná córas taighde agus nuálaíochta iomaíoch idirnáisiúnta a chruthú, a spreagfaidh geilleagar inbhuanaithe le go gcruthófar sochaí níos fearr. Is cuid thábhachtach den fhís sin tacaíocht a thabhairt do shár-eolaíocht, tallann a chothú agus tionchar a imirt.

Tá cur i bhfeidhm Nuálaíocht 2020 á spreagadh ag Grúpa Cur Chun Feidhme an Rialtais faoi chathaoirleacht na Roinne agus ina bhfuil Príomhchomhairleoir Eolaíochta an Rialtais, gníomhaireachtaí maoinithe taighde agus Ranna Rialtais ábhartha eile rannpháirteach.

Tháinig an Grúpa Cur Chun Feidhme le chéile trí huaire in 2017. Tugadh an dara tuarascáil ar dhul chun cinn Nuálaíocht 2020 agus a chur i bhfeidhm don Rialtas agus foilsíodh í i mí na Nollag 2017. Rinneadh dul chun cinn le Nuálaíocht 2020 leis na gníomhartha seo in 2017:

- Fógraíodh cúig Lárionad Taighde nua le Fondúireacht Eolaíochta Éireann (tá 17 nIonad Taighde ag an bhFondúireacht anois);
- Clár nua Dochtúireachta agus Máistreachta trí Thaighde chun maoiniú a sholáthar do 150 iontrálaí nua i ndisciplíní a thagann leis an bhfiontar;
- Forbairt leanúnach thiomantas na hÉireann d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta Taighde, mar is léir ó:
  - Comhaltacht i dtionscnamh na Réadlainne Eorpaí sa Leathsféar Theas;
  - Comhaltacht na hÉireann in LOFAR a chur i gcrích, an líonra teileascóip raidió atá ar fud na hEorpa;
  - Comhaltacht iomlán in ELIXIR a thugann acmhainní eolaíocht bheatha le chéile as fud fad na hEorpa;
- Bhuaigh Éire €475 milliún de mhaoiniú iomaíoch faoi Fís 2020, an Clár Creata AE do Thaighde agus Forbairt;
- Seoladh Ionad Teicneolaíochta nua idir Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann i bpróiseáil feola – tionscnamh faoi stiúir an tionscail chun 'ionad ilfhreastail' a chruthú le haghaidh taighde agus teicneolaíocht próiseála feola;
- Scéim an Bhosca Forbartha Eolais (Deimhniú Aireagán) a achtú chun a chur ar chumas FBManna cáiliú do ráta níos ísle cáin chorparáide;
- Seoladh seacht dtionscadal Taighde Nuálaíochta do Ghnólachtaí Beaga (SBIR) de chuid Fhiontraíocht Éireann, a thug aghaidh ar dhúshláin ar nós dumpáil mhídhleathach, claiseanna blocáilte i limistéir i mbaol mór tuilte, réitigh fhios an bhealaigh, agus a chur ar cumas daoine níos sine fanacht ina n-áit chónaithe féin;
- Cuireadh trí Thairseach Teicneolaíochta nua de chuid Fhiontraíocht Éireann leis an líonra tairseacha a chuireann réitigh teicneolaíochta ar fáil do thionscal na hÉireann gar dá riachtanais margaidh;
- Seoladh an tríú céim de Thionscnamh um Aistriú Teicneolaíochta a Neartú faoi Aistriú Eolais Éireann a chuirfidh leis an gcumas laistigh den chóras aistrithe eolais agus a chothaíonn acmhainn chun tacú le próiseas tráchtálaithe an taighde;
- Seoladh Lárionad Léargas Margaidh agus Taighde Tomhaltóirí úrscothach, comhtháite do thaighde agraibhia Éireannach;

- Seoladh na Gradaim Laureate do thaighde ceannródaíoch i ngach disciplín i ndiaidh leibhéal iardhochtúireachta;
- Cuireadh taighde i bhfeidhm a bhaineann le moltaí a tháinig ó athbhreithniú an Údaráis Ardoideachais ar mholtaí comhionannas inscne.

## Fondúireacht Eolaíochta Éireann

I rith 2017, lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann uirthi ag glacadh ról tábhachtach maidir le tacú le fís an Rialtais i ndáil le hÉirinn a bheith ar thús cadhnaíochta domhanda ó thaobh na Nuálaíochta de (ina Ceannródaí Nuálaíochta Domhanda), mar a ndéantar breac-chuntas air i straitéis na hÉireann um thaighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht – Nuálaíocht 2020 – mar aon le roinnt gníomhartha sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist, 2017 agus straitéisí náisiúnta eile a chur i bhfeidhm.

I rith 2017, lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag díriú ar thacú le timpeallacht chomhoibritheach taighde d'ardchaighdeán agus é mar aidhm aici Éire a bhunú mar ionad a mbeadh cáil air i ndáil le taighde eolaíoch den scoth a bhaineann leis an ngeilleagar. In 2017, sainaithníodh Éire san 11ú háit i rangú eolaíochta domhanda le haghaidh cháilíocht fhoriomlán an taighde, agus í i measc na ndeich dtír ab fhearr ar feadh tamaill in 2016–2017. Bhí Éire sa dara háit ar domhan don Nanaitheicneolaíocht, sa dara háit d'Eolaíocht Ainmhithe agus Déirí, sa dara háit don Imdhíoneolaíocht, sa cheathrú háit don Talmhaíocht, sa cheathrú háit don Mhatamaitic, sa chúigiú háit d'Eolaíocht Ábhar agus sa séú háit don Cheimic.

### Gníomhaíochtaí sna Cláir

Sa bhliain 2017, baineadh éachtaí suntasacha amach ar fud gach réimse de ghníomhaíocht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Faomhadh 366 gradam nua in 2017 thar 30 clár ar luach €212 milliún. B'fhiú €173 milliún na híocaíochtaí le comhlachtaí agus eagraíochtaí taighde in 2017.

### I measc na bpríomhréimsí dul chun cinn in 2017 bhí:

- Shínigh an chéad 12 Lárionad Taighde faoi Fhondúireacht Eolaíochta Éireann comhaontuithe taighde chomhoibríoch le hos cionn 300 comhpháirtí tionscail, a léiríonn tiomantais charnacha ó chuideachtaí dar luach os cionn €120 milliún agus bhuaigh siad €132 milliún ó réimse gníomhaireachtaí idirnáisiúnta maoinithe.
- Seoladh ceithre Lárionad Taighde nua de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann: Confirm, FutureNeuro, BEACON agus I-FORM le hinfheistíocht €74 milliún ón bhFondúireacht agus maoiniú tionscail €40 milliún. Tabharfaidh na Lárionaid Taighde nua sin aghaidh ar réimsí tábhachtacha agus réimsí atá ag teacht chun cinn sa gheilleagar, lena n-áirítear ard-déantúsaíocht bhreisithe agus chliste, galair néareolaíochta agus an bithgheilleagar.
- Lean an Fhondúireacht ar aghaidh ag tacú le taighdeoirí i dtús a ngairme trí chláir éagsúla, lena n-áirítear Deontas Taighde do Phríomhthaighdeoirí Tosaigh, an Dámhachtain Forbartha Gairme agus cláir Cheannairí Taighde na Todhchaí.
- Infheistíodh os cionn €40 milliún i 34 tionscadal taighde den scoth a mbeidh tionchar acu faoi Chlár Príomhthaighdeoirí na Fondúireachta. Fuair sé cinn de na tionscadail taighde cómhaoiniú €3 mhilliún ó Teagasc, Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann, Foras na Mara agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.
- Comhthionscnamh arna chómhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Fraunhofer-Gesellschaft na Gearmáine, chun Lárionad Tionscadal Fraunhofer a chruthú le haghaidh Córais Bhithanailíseacha Leabaithe in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Maoiníodh trí dhámhachtain do Chomhaltacht Taighde Ollscoile an Royal Society faoi Scéim Comhpháirtíochta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Royal Society.

- Bronnadh trí ghradam faoin ngairm is deireanaí ar mhaoiniú faoi Chomhpháirtíocht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus BBSRC (Biotechnology and Biological Sciences Research Council), a d'fhág líon na ndámhachtainí maoinithe ag 14 cinn agus €6.7 milliún.
- Chomhaontaigh an Fhondúireacht comhaontú comhpháirtíochta nua le Engineering and Physical Sciences Research Council (EPSRC) na Ríochta Aontaithe. Tacaíonn an comhaontú le comhthionscadail taighde agus forbartha teicneolaíochta i réimsí innealtóireachta, TFC, eolaíochtaí matamaiticiúla, fisice, ceimice agus eolaíocht ábhar. Tógann sé sin ar an gcaidreamh reatha leis an Ríocht Aontaithe, ina bhfuil comhaontuithe comhoibríocha leis an Royal Society, Wellcome agus an BBSRC.
- Maoiníodh 50% d'fhoilseacháin na hÉireann inar luadh paitinní go hiomlán nó i bpáirt le cistí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, a léiríonn go bhfuil an taighde a mhaoiníonn an Fhondúireacht riachtanach don phróiseas tráchtálaithe.
- Leagann an Fhondúireacht luach ar chomhpháirtíochtaí, agus faoi dheireadh 2017 bhronn sí 18 gComhpháirtíocht Straitéiseach leis an tionscal (lena n-áirítear naoi ndámhachtain i gcomhar le Pfizer) agus 16 dhámhachtain le Lárionaid Taighde Spokes na Fondúireachta.

## Feasacht STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Mata)

Thionóil Fondúireacht Eolaíochta Éireann roinnt tionscnaimh feasachta STEM in 2017. Tá an Fhondúireacht ag obair leis an gcraoltóir náisiúnta, RTÉ, agus le comhpháirtithe eile trína clár Discover, chun aistriú ó bhonn ar thuairisciú agus cláir eolaíochta a spreagadh, go háirithe cinn a tharraingíonn aird ar scéalta Éireannacha a bhaineann le STEM thar na hardáin meán ar fad. Tríd an gcomhpháirtíocht idir an Fhondúireacht agus RTÉ, craoladh trí chlár faisnéise aon uaire, cúig shraith theilifíse agus trí shraith theilifíse do pháistí a bhaineann le cúrsaí eolaíochta. Díríodh níos mó ar an eolaíocht sna meáin chraolta, agus craoladh cúpla clár a maoiníodh go neamhspleách, lena n-áirítear cláir faisnéise, gnéchláir don ghréasán agus tuairisciú nuachta méadaithe ó chomhfhreagraí eolaíochta RTÉ.

Bhí an tSeachtain Eolaíochta ar siúl an 12–19 Samhain agus eagraíodh os cionn 1,200 imeacht ar fud na tíre, ina raibh 315,000 duine rannpháirteach. Bhí 12 fhéile i measc na n-imeachtaí sin sna háiteanna seo a leanas: An Cabhán/Muineachán, Sligeach, Maigh Eo, Gaillimh, Luimneach, Ciarraí, Corcaigh, Port Láirge, Ceatharlach, Tiobraid Árann agus Lár na Tíre. Bhí Féile Bia agus Feirmeoireachta Teagasc ar siúl i mBaile Átha Cliath, an Mhí, Ceatharlach, Gaillimh, Corcaigh agus Loch Garman. Chomhordaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann cúpla imeacht lena n-áirítear 'Scintillating Science with Dara O'Briain' ar díoladh gach ticéad dó sa Cheoláras Náisiúnta agus Lá Oscailte i rith na Seachtaine Eolaíochta san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath, ar díoladh gach ticéad dó freisin.

Chuathas i bhfeidhm ar dhéimeagrafaic nua ar bhealaí nuálacha, lena n-áirítear an clár teilifíse 'Weather Live' a chuir Met Éireann i láthair agus a craoladh ar RTÉ Bealach a hAon, imeachtaí idirghníomhacha i Scoil Aisteoireachta an Gaiety agus neart eile. Chuir Seachtain Eolaíochta na bliana seo tús leis an bhfeachtas #StopAndAsk freisin, a raibh d'aidhm leis a chur ar chumas na sochaí ciall a bhaint as an domhan mórthimpeall orthu agus comhráite a éascú idir an pobal mór agus an pobal eolaíochta in Éirinn. Bhí ionchur suntasach ó thaighdeoirí a fuair maoiniú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus comhpháirtithe tionscail a ghlac páirt in Imeachtaí na Seachtaine Eolaíochta ar fud na tíre. Bronnadh 44 dámhachtain trí chlár Discover na Fondúireachta ar bhain infheistíocht €2.8 milliún ar an iomlán leo, a thacaíonn le hoideachas agus rannpháirtíocht phobal na hÉireann in STEM.

## Beartú Tosaíochtaí Taighde

Ghlac an Rialtas le Beartú Tosaíochtaí Taighde in 2012 mar phríomhphrionsabal a threoraíonn infheistíocht phoiblí i dtaighde chun tacú leis an earnáil fiontraíochta. Ailíníonn sé infheistíocht phoiblí le réimsí de dheiseanna straitéiseacha margaidh d'fhiontair bunaithe in Éirinn. Baineann an timthriall reatha don Bheartú Tosaíochtaí Taighde leis an tréimhse cúig bliana 2013–2017. Thug Nuálaíocht 2020 tiomantas go ndéanfaí athbhreithniú ar na réimsí tosaíochta chun a chinntiú go bhfuil siad fós bailí agus iad a leasú, más gá, i bhfianaise cúinsí athraithe. Is é an cuspóir na réimsí tosaíochta a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil Éire in áit mhaith chun leas a bhaint as na deiseanna domhanda anois agus amach anseo, ach freagairt do mhórthreochtaí ar fud na cruinne agus dúshláin dhomhanda atá ag athrú gheilleagar an domhain agus sheasamh na hÉireann ann. In 2017, cuireadh trí staidéar i gcrích a thugann bonn fianaise don chéad timthriall eile den Bheartú Tosaíochtaí Taighde don tréimhse ó 2018 go 2023. Is iad seo a leanas na staidéir sin:

- Measúnú ar Dheiseanna an Mhargaidh Dhomhanda chun réimsí straitéiseacha ó thaobh deiseanna tráchtála a shainaithint i margaí domhanda d'fhiontair bunaithe in Éirinn.
- Cleachtadh maidir le Todhchaí Theicneolaíochta chun teicneolaíochtaí a mheasúnú a d'fhéadfadh a bheith ríthábhachtach d'fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta na hÉireann.
- Measúnú ar an tsraith reatha de Bheartú Tosaíochtaí Taighde.

Tionóladh Fóram Comhairliúcháin i mí na Samhna 2017 ag a bhfuarthas dearcthaí páirtithe leasmhara ón earnáil acadúil, fiontair agus phoiblí. Cuireadh an tuarascáil deiridh ina leagtar amach na tosaíochtaí leasaithe faoi bhráid an Rialtais agus foilseofar í sa chéad ráithe de 2018.

## Ciste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha

Chinn an Rialtas go gcuirfeadh an réimse tosaíochta taighde leasaithe bonn eolais faoi Chiste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha nua a fógraíodh i gcomhthéacs an Phlean Forbartha Náisiúnta faoi Éire 2040 - An Tionscadal. Deimhníonn sé sin bunú Ciste €500 milliún bunaithe ar dhúshlán a chuirfear i bhfeidhm tríd an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus a gníomhaireachtaí, i gcomhar le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile.

Beidh an Ciste sin iomaíoch agus bunaithe ar dhúshláin agus déanfar infheistíocht i dtaighde, forbairt agus úsáid teicneolaíochtaí suaiteacha agus a bhfeidhmeanna ar bhonn tráchtála chun poist na todhchaí a chruthú: spreagfaidh sé comhoibriú idir bonn taighde úrscothach na hÉireann agus an tionscal chomh maith le fiontair a éascú chun dul san iomaíocht go díreach le haghaidh maoiniú chun tacú le forbairt agus glacadh na dteicneolaíochtaí sin. Cabhróidh an Ciste le hÉirinn a chur chun cinn mar Cheannródaí Nuálaíochta Domhanda.

## Caiteachas Caipitil ar Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht – Athbhreithniú

I mí Iúil 2017, d'fhoilsigh an Roinn athbhreithniú ar Chaiteachas Caipitil na Roinne ar Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht. Cuireann an tuarascáil leis an athbhreithniú níos leithne a rinne an Rialtas ar Chaiteachas in 2017. Mionsonraítear caiteachas na Roinne san athbhreithniú óna cuspóirí go hionchuir, aschuir, torthaí agus tionchair ó 2000 go 2016.

Léirítear san athbhreithniú go mbíonn rátaí inmharthana níos airde ag gnólachtaí nuálacha agus an cumas maireachtáil fiú i gcás suaitheadh. Cabhraíonn nuálaíocht le meascán táirgí nó seirbhísí a fhorbairt freisin agus méadaíonn sí an cumas chun idirnáisiúnú. As cliaint Fhiontraíocht Éireann, léirigh gnólachtaí nuálacha athléimneacht níos airde agus fás san fhostaíocht, easpórtálacha agus breisluach. Cé go ndearnadh dul chun cinn i gCóras Náisiúnta Nuálaíochta na hÉireann a fhorbairt, sainaithnítear san athbhreithniú dúshláin a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu go leanúnach chun tionchar an mhaoinithe sa chóras a fheabhsú. Áirítear ina measc siúd: bonn na ngnólachtaí nuálacha a leathnú; an scála infheistíochta a dhoimhniú; na tacaíochtaí atá ar fáil a leathnú; agus tacú le cuideachtaí chun a meascán táirgí agus margaidh a éagsúlú, atá riachtanach i gcomhthéacs an Bhreatimeachta agus gnólachtaí atá ag brath an iomarca ar mhargadh aonair faoi láthair.

## Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann

Is comhthionscnamh é Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann idir an Roinn agus an Roinn Sláinte. Is é aidhm an tionscnaimh comhoibriú idir an tseirbhís sláinte agus an earnáil fiontraíochta a chur chun cinn agus go ndéanfaí forbairt agus tráchtálú ar theicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí nua cúram sláinte. Tá saineolaí neamhspleách ón tionscal i mbun cathaoirleachta ar Ghrúpa Maoirseachta, a bunaíodh chun treoir straitéiseach fhoriomlán a sholáthar do Mhol Nuálaíochta Sláinte Éireann, le comhchathaoirligh ón Roinn agus an Roinn Sláinte. Tá ionadaithe sinsearacha ó na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíocha, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Bord um Thaighde Sláinte sa ghrúpa freisin. Tháinig an Grúpa Maoirseachta le chéile sé huaire in 2017.

I ngairm 2016–2017 (oscailte agus dírithe) lorgaíodh tograí tionscadail ó chuideachtaí nó ó eintitis a d'fhéadfadh a dtáirgí nó seirbhísí nuálacha tionchar mór a imirt ar chúram sláinte. Lorgaíodh freisin coincheapa agus smaointe ó dhaoine aonair nó foirne a bhfuil baint acu le seachadadh cúram sláinte. Lorgaíodh sa ghairm oscailte freisin aon nuálaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais cúram sláinte. I gcomhréir leis an Tionscnamh um Aosú Cliste, bhain an ghairm spriocdhírithe ar Chúram a Fheabhsú do Dhaoine Breac-aosta sa Chóras Sláinte. Ina theannta sin, feidhmíonn an Mol beartas 'Dorais Oscailte' taobh amuigh den phróiseas foirmiúil gairme. In 2017, thacaigh an Mol go gníomhach le 37 tionscadal – 22 ó chuideachtaí agus 15 smaoineamh nó coincheap nuálacha ón gcóras cúram sláinte. Tá an Mol ag tabhairt faoi na tionscadail sin i 13 shuíomh dhifriúla chliniciúla, ó Ospidéil, go Grúpaí Cúram Pobail Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, go Cógaslanna.

I rith 2017, bunaíodh Grúpa Comhairleach Páirtithe Leasmhara, a bhfuil ionadaí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte mar chathaoirleach air agus ina bhfuil ionadaithe ón tseirbhís sláinte, an tionscal agus grúpaí othar. Gníomhaíonn an Grúpa mar fhóram idir an tionscal, seirbhísí sláinte, othair agus an Mol chun torthaí feabhsaithe othar a bhaint amach, agus éifeachtúlachtaí agus éifeachtacht i soláthar cúram sláinte a éascóidh fás geilleagrach. Tá sé d'aidhm freisin ag an nGrúpa ionchur straitéiseach a thabhairt don Ghrúpa Maoirseachta ionas go mbeidh an Mol ag cur tionscadail chun cinn i réimsí gníomhaíochta a bhaineann le riachtanais na seirbhíse cúram sláinte agus an mhargaidh cúram sláinte dhomhanda. Tháinig an Grúpa Comhairleach Páirtithe Leasmhara le chéile faoi dhó in 2017.

## An Straitéis Náisiúnta Mhuirí

Chuir an Roinn agus a gníomhaireachtaí, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann le cur i bhfeidhm 'Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin', an straitéis náisiúnta mhuirí.

Glacann an Roinn páirt sa Ghrúpa tras-Rialtais Comhordaithe Mhuirí faoi chathaoirleacht an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ghlac a gníomhaireachtaí páirt sa ghrúpa idirghníomhaireachta arbh é a gcúram comhairle a thabhairt don Ghrúpa Comhordaithe Mhuirí maidir le feidhmiú na Foirne Forbartha Muirí, a bunaíodh faoi scáth Oifig Forbartha Muirí na hÉireann. Oibríonn an Fhoireann Forbartha Muirí go dlúth le gníomhaireachtaí forbartha na Roinne chun leas a bhaint as deiseanna fiontraíochta san earnáil mhuirí.

D'eagraigh an Roinn, i bpáirt le sé chomhlacht phoiblí eile, ceardlann arís ar théama an Aigéin Dhigitigh, mar chuid de SeaFest 2017, an fhéile náisiúnta mhuirí a bhíonn ar siúl i nGaillimh gach Meitheamh. D'fhreastail 380 toscaire ar an gceardlann, le méadú suntasach ar líon na dtoscairí tionscail in 2017.

## Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht an AE – Fís 2020

Lean Éire den fheidhmíocht iontach a bhí aici i bhFís 2020, Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht an Aontais Eorpaigh. Bhuaigh Éire €475 milliún do mhaoiniú iomaíoch AE ón gclár don tréimhse 2014 go Meán Fómhair 2017. Fuair Institiúidí Ardoideachais €254 milliún de sin, nó 53.4% den iomlán.

Bhuaigh cuideachtaí €161 milliún, nó 34%, le €98.6 milliún de sin ag dul go dtí FBManna. Stiúrann Fiontraíocht Éireann Líonra Fís 2020 na hÉireann, ina bhfuil Pointí Teagmhála Náisiúnta agus Toscairí Náisiúnta ó ghníomhaireachtaí éagsúla taighde agus tionscail agus ranna rialtais.

Is faoin Roinn atá cathaoirleacht an Ghrúpa Ardleibhéil Tras-Rialtais ar Fís 2020 a bhfuil sé de chúram aige cur i bhfeidhm na straitéise náisiúnta do Fís 2020 a chomhordú agus a spreagadh. Tugann na torthaí seo le fios go bhfuil Éire ar an mbóthar chun an sprioc náisiúnta a leagadh amach sa straitéis a bhaint amach, is é sin €1.25 billiún de mhaoiniú AE a fháil le linn thréimhse an chláir.

Chomhaontaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas sprioc dhúshlánach de €175m tarraingthe anuas le haghaidh comhoibriú thuaidh theas i gclár Fís 2020. Cinntíodh €65m go dtí seo agus d'ainneoin éiginnteacht faoin mBreatimeacht, tá an sprioc iomlán fós indéanta. I rith 2017, thug Idir-Thrádáil Éireann faoi shuirbhé ar rannpháirtithe féideartha faoin acmhainn a bhaineann le comhpháirtíochtaí trasteorann faoi Fís 2020 agus forbróidh sé réimse tacaíochtaí bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé. Áirítear ina measc siúd oiliúint shaincheaptha le haghaidh iarratais maoinithe Fís 2020, am cosanta do léachtóirí/taighdeoirí agus sraith imeachtaí spriocdhírithe.

Mar ullmhúchán don idirbheartaíocht ar an naoú Clár Creata le haghaidh Taighde agus Nuálaíochta (FP9) a thiocfaidh i gcomharbacht ar Fís 2020, d'fhoilsigh an Roinn a dearcthaí tosaigh ar an gclár nua i mí Mheán Fómhair 2017. Molann Éire gur cheart do FP9 glacadh leis an sprioc uaillmhianach den Aontas Eorpach a bhunú mar an ceannaire domhanda i nginiúint eolais nua trí thaighde eolaíoch agus an t-eolas sin a chur i bhfeidhm trí réitigh nuálacha ar dhúshláin mhóra sa tsochaí agus sa gheilleagar.

Leagtar amach sa cháipéis seasamh tosaigh na hÉireann ar FP9 agus cuireadh i dtoll a chéile í i ndiaidh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara náisiúnta, ranna rialtais agus gníomhaireachtaí.

## Comhairle Náisiúnta Iomaíochais an Aontais Eorpaigh

D'fhreastail an Roinn ar dhá Chomhairle Iomaíochais (Taighde) fhoirmiúla agus ar dhá cheann neamhfhoirmiúla agus ghlac sí páirt san obair ullmhúcháin as ar eascair dhá thacar de Chonclúidí Comhairle a bhain le:

- An timpeallacht monatóireachta agus tuairiscithe ar Thaighde agus Nuálaíocht a chuíchóiriú; agus
- Ón measúnú eatramhach ar Fís 2020 i dtreo an naoú Clár Creata

## An Limistéar Taighde Eorpach

Is limistéar aontaithe taighde é an Limistéar Taighde Eorpach atá oscailte don domhan bunaithe ar mhargadh inmheánach an AE, ina mbíonn taighdeoirí, eolas eolaíochta agus teicneolaíocht ag gluaiseacht go héasca. Leis an Limistéar Taighde Eorpach neartaíonn an tAontas Eorpach a bhoinn eolaíochta agus teicneolaíochta, a iomaíochas agus a acmhainn chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra in éindí.

Sainaithnítear i dTreochlár an Limistéir Taighde Eorpaigh, 2015–2020, roinnt tosaíochtaí tábhachtacha cuir i bhfeidhm ar dócha go mbeidh an tionchar is mó acu ar chórais eolaíochta, taighde agus nuálaíochta na hEorpa.

Bunaithe ar na tiomantais a leagadh amach i Nuálaíocht 2020, leagtar amach i dTreochlár Éireannach an Limistéir Taighde Eorpaigh raon gníomhartha a dhéanfaidh Éire lena rannpháirtíocht sa Limistéar agus sé thosaíocht an Limistéir a dhoimhniú.

## Eagraíochtaí Taighde Idirnáisiúnta

Lean an Roinn ar aghaidh ag treisiú rannpháirtíocht na hÉireann i gcomhoibrithe taighde idirnáisiúnta trína comhaltas in I-LOFAR a chur i gcrích agus tús a chur le plé chun dul isteach sa Réadlann

Eorpach sa Leathsféar Theas. Is í an réadlann an eagraíocht réalteolaíochta idir-rialtais is tábhachtaí san Eoraip agus an réadlann réalteolaíochta is táirgiúla ar domhan. Tugadh tús áite do chomhaltas sa Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas in áit CERN le haghaidh 2018 mar gheall ar an bpobal mór bunaithe de thaighdeoirí réalteolaíochta in Éirinn. Tá an réalteolaíocht ina réimse gníomhach taighde i ngach ollscoil agus i gcuid de na hinstitiúidí teicneolaíochta. Leanfar leis an idirbheartaíocht faoi Chomhaontú Comhlachais na Éireann sa Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas in 2018.

Chuaigh Éire isteach sa Teileascóp LOFAR (Eagar Ísealmhinicíochta) Idirnáisiúnta (ILT) in 2017. Is gréasán de theileascóip raidió é an ILT atá scaipthe timpeall na hEorpa agus iad nasctha le chéile chun feidhmiú mar oll-teileascóp aontaithe. Is uirlis cheannródaíoch í seo ar fud na cruinne, agus an teileascóp raidió is mó ar domhan. Thug an Roinn, trína gníomhaireacht Fondúireacht Eolaíochta Éireann, deontas €1.4 milliún i mí Eanáir 2016 do chostas caipitiúil an teileascóip raidió I-LOFAR.

Tá cuibhreannas uile-Éireann d'Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta sa chuibhreannas I-LOFAR. Chas an tAire Halligan an teileascóp in aice leis an teileascóp Leiviatan stairiúil i gCaisleán Bhiorra, Co. Uíbh Fhailí ar siúl go hoifigiúil i mí Iúil 2017.

Is ball anois í Éire de na hocht nEagraíocht Taighde Idirnáisiúnta – Gníomhaireacht Spáis na hEorpa, an tSaotharlann Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach, an Chomhdháil Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach, Eureka, COST, CECAM agus ELIXIR agus LOFAR. Tugann comhaltas in eagraíochtaí taighde idirnáisiúnta dá leithéid deis do thaighdeoirí agus do nuálaithe na hÉireann agus is fianaise fheiceálach í ar thiomantas na hÉireann d'fhorbairt a loirg idirnáisiúnta nuálaíochta, taighde agus forbartha.

## EURAXESS agus Creidiúnú Institiúidí Taighde

Forálann Treoir an AE maidir le Taighdeoirí Tríú Tír do nós imeachta mear chun taighdeoirí a ligean isteach ó lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ar feadh tréimhse suas go cúig bliana chun taighde a dhéanamh in eagraíochtaí atá creidiúnaithe faoin scéim. Tá an Roinn freagrach as an bpróiseas iarratais do na heagraíochtaí a lorgaíonn creidiúnú mar institiúidí taighde a bhainistiú. Fuair an Roinn deich n-iarratas nua agus trí iarratas athnuachana in 2017. Faoi láthair tá 59 eagraíocht creidiúnaithe faoin scéim.

Maoiníonn an Roinn freisin oifig EURAXESS, a óstálann Cumann Ollscoileanna Éireann, a phróiseálann an t-iarratas do chomhaontuithe óstála ó na tíortha aonair. In 2017, phróiseáil EURAXESS 439 comhaontú óstála nua ó thaighdeoirí i 58 tír éagsúil.

## Comhpháirtíocht Taighde agus Forbartha SAM agus na hÉireann

Is toradh í Comhpháirtíocht Taighde agus Forbartha SAM agus na hÉireann ar phróiseas na síochána agus tá rialtais SAM, na hÉireann agus Thuaisceart Éireann rannpháirteach ann agus iad ag obair le chéile chun dul chun cinn na heolaíochta a chothú ach deontais taighde a dhámhachtain ar bhonn iomaíoch. Ar na réimsí ar tugadh maoiniú dóibh tá sláinte, teileachumarsáid, fuinneamh, nanaitheicneolaíocht, braiteoirí, talmhaíocht agus comhoibriú ag leibhéal na Lárionad Taighde aonair.

Déanann Grúpa Stiúrtha atá faoi chomhchathaoirleacht na dtrí dhlínse an comhoibriú a stiúradh sna trí riarachán agus tá tacaíocht rúnaíochta aige ó Idir-Thrádáil Éireann. Thionóil na Stáit Aontaithe cruinniú de chuid an Ghrúpa Stiúrtha i mí an Mhárta 2017.

Suas go 2017, bhí 40 tionscadal rathúil faoin gcomhpháirtíocht sin, lena n-áirítear an chéad Deontas Clár Fondúireachta do Thionscnamh Taighde na hInstitiúide Bia agus Talmhaíochta i Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe.

## Teagmhálacha an Aire

Thug an Roinn tacaíocht do thoscaireacht Aire go dtí an Bhrasaíl chun aird a tharraingt ar chomhpháirtíochtaí taighde agus nuálaíochta leis an saol acadúil agus le fiontair. Thacaigh an Roinn le hAirí ina gcruinnithe le toscaireachtaí eachtracha freisin.

## Fiontraíocht Éireann, Infheistíocht agus Gníomhaíocht Nuálaíochta

Tá Fiontraíocht Éireann freagrach as tacú le forbairt cuideachtaí déantúsaíochta agus seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta. Cuireann sí tacaíochtaí Taighde agus Forbartha ar fáil do chuideachtaí chun teicneolaíochtaí agus próisis nua a fhorbairt a chruthóidh poist agus a mhéadóidh easpórtálacha. Déanann Fiontraíocht Éireann é sin de bhun trí phríomhghníomhaíocht:

- Acmhainn reatha Taighde agus Forbartha ionchuideachta a threisiú
- Dlús a chur faoi chomhoibriú méadaithe idir an tionscal agus lucht acadúil
- Tráchtálú

### Acmhainn Reatha Taighde agus Forbartha Ionchuideachta a Threisiú

De bhun tacaíocht a chur ar fáil do Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht, aithníonn an Stát cliseadh sa mhargadh sa mhéid is nach ndéanann cuideachtaí (FBManna go háirithe) dóthain infheistíochta i dtaighde agus forbairt nó sa chás go ndéanann siad infheistíocht ach nach mbíonn na tionscadail sách mór ná uaillmhianach. Is é ról Fhiontraíocht Éireann ina leith sin an baol a bhaint as taighde, forbairt agus nuálaíocht den chineál sin ionas go bhforbródh cuideachtaí táirgí agus seirbhísí nua agus feabhsaithe.

### Ionad Teicneolaíochta do Thaighde Déantúsaíochta Éireannach

Osclaíodh an tIonad Teicneolaíochta do Thaighde Déantúsaíochta Éireannach go hoifigiúil i mí na Bealtaine 2017. Soláthraíonn Taighde Déantúsaíochta Éireannach, a mhaoinítear faoi Chlár Ionaid Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann/na Gníomhaireachta Forbartha Tionscail, réitigh taighde agus saineolas agus oiliúint don earnáil déantúsaíochta in Éirinn.

Cruthóidh infheistíocht tosaigh Stáit €15 mhilliún maoiniú suntasach breise príobháideach agus poiblí don taighde, chun ionad scála idirnáisiúnta a chruthú d’Éirinn i dTaighde Déantúsaíochta Feidhmeach a spreagfaidh an tionscal. Is é fís an Taighde Déantúsaíochta Éireannaigh cabhrú le ceannaire domhanda a dhéanamh d’Éirinn in ardoibríochtaí déantúsaíochta le haghaidh FBManna agus cuideachtaí easpórtála dúchasacha agus corparáidí ilnáisiúnta atá lonnaithe in Éirinn.

Tugann an tIonad nua tionscail trasearnála agus comhpháirtithe acadúla le chéile chun dul chun cinn mór a fhorbairt i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn ar nós teicneolaíochtaí táirgiúlachta, róbataic chomhoibríoch, idirlíon tionsclaíoch na n-earraí agus déantúsaíocht bhreisithe.

### Nuálaíochtaí Comhoibritheacha

In 2017, fuair an líon is mó riamh de thionscadail chomhoibritheacha (1,078) idir cuideachtaí agus Institiúidí Ardoideachais tacaíocht Fhiontraíocht Éireann.

Bhí tionscadail éagsúla i gceist leo, ó thionscadail bheaga €5k do Dhearbháin Nuálaíochta, go tionscadail Tionscal Tairsí Teicneolaíochta, go tionscadail mhóra amhail Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta, agus €300k mar an meán acu. Tugann na tionscadail seo deiseanna tráchtála nua do chuideachtaí, spáráiltear airgead agus méadaíonn siad ar chumas nuálaíochta.

**Mac-chuideachtaí Gnóthaí Nuathionscanta Ardacmhainne:** Cruthaíodh 15 Ghnó Nuathionscanta Ardacmhainne de bharr torthaí taighde ón gcóras Ardoideachais in 2017. Is Gnóthaí Nuathionscanta Ardacmhainne ardteicneolaíochta iad seo, agus go minic is cuideachtaí óga

suaiteacha iad agus cumas láidir iontu iad féin a chur chun cinn, díolacháin easpórtála a ghnóthú agus cur leis an bhfás ar fhostaíocht in Éirinn.

**Rath Fís 2020:** Tá Fiontraíocht Éireann chun tosaigh inár rannpháirtíocht náisiúnta in Fís 2020, clár maoinithe Nuálaíochta agus Taighde na hEorpa. Ó seoladh é in 2014, bronnadh €475 milliún d'infheistíocht neamhrialtais taighde, forbartha agus nuálaíochta ar chuideachtaí Éireannacha agus ar thaighdeoirí ardleibhéil (€139 milliún in 2017). Chomh maith leis an maoiniú sin, tugann Fís 2020 nascacht le comhpháirtithe ceannródaíochta agus eolas a chabhróidh le hathruithe a dhéanamh ar fheidhmíocht níos fadtéarmaí cuideachtaí.

**Ionstraim FBM:** In 2017, de bharr obair Fhiontraíocht Éireann ag cabhrú le FBManna teacht ar Ionstraim FBM Fís 2020 is í Éire an tír is éifeachtúlaí anois maidir le maoiniú a fháil ón gCoimisiún Eorpach do thograí Fís 2020. In 2017, bhuaigh ocht gcuideachta os cionn €16 mhilliún agus bhuaigh roinnt FBManna níos mó ná €2m an ceann.

**Big Ideas:** D'óstáil Fiontraíocht Éireann an t-imeacht 'Big Ideas' in 2017. Is ardán é an t-imeacht seo do Ghnóthais Nuathionscanta ón gcóras taighde Éireannach, chun a nuálaíochtaí a chur i láthair infheisteoirí agus a smaointe móra a iompú isteach ina bhfiontair inbhuanaithe.

**An Earnáil Spáis:** Trí chomhaltas na hÉireann i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa, fuair 18 gcuideachta Éireannacha, ceithre chuideachta iontrála nua ina measc, €12 mhilliún i gconarthaí leis an nGníomhaireacht in 2017 le tacaíocht Fhiontraíocht Éireann. Dhaingnigh tionscal taighde na hÉireann €1.4 milliún eile i gconarthaí; dá bhrí sin b'fhiú €13.4 milliún luach iomlán na gconarthaí le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa in Éirinn in 2017.

Shínigh Fiontraíocht Éireann Comhaontú Fhaire na Cruinne le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa chun rochtain a thabhairt d'Éirinn, den chéad uair riamh, ar shonraí Fhaire na Cruinne gar d'fhíor-am. Cabhróidh rochtain ar shonraí gar d'fhíor-am le taighde a spreagadh, agus tacóidh sí le feidhmeanna tráchtála agus seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta a fhorbairt. Ina theannta sin, cuirfidh sí bonn eolais faoi bheartas náisiúnta.

Cuireann **Taighde Nuálaíochta do Ghnólachtaí Beaga (SBIR)** ar chumas comhlachtaí na hearnála poiblí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ach teagmháil a dhéanamh le gnóthaí chun taighde agus forbairt réitigh nuálacha a fháil. Tá sé d'aidhm ag SBIR Éireann, a riarann Fiontraíocht Éireann, nuálaíocht a spreagadh i ngach cuid d'Earnáil Phoiblí na hÉireann trí rannpháirtíocht fhónta le cuideachtaí a phléann go mór le teicneolaíocht.

Seoladh gairm nua SBIR i ndeireadh 2017, agus dá bharr faomhadh 11 Dúshlán ó réimse leathan Údaráis Chonarthacha, lena n-áirítear Oifig na nOibreacha Poiblí, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus Comhairlí Áitiúla lena n-áirítear an Clár, Luimneach agus Cathair Chorcaí.

Is é **Aistriú Eolais Éireann** an oifig náisiúnta a chuidíonn le gnólachtaí leas a bhaint as rochtain ar shaineolas agus teicneolaíocht Éireannach ach a chinntiú gur féidir nascadh agus tabhairt faoi thaighde a mhaoinítear go poiblí in Éirinn go héasca. Cabhraíonn an rannpháirtíocht sin le nuálaíocht, tráchtálú taighde, cruthú fostaíochta agus rath geilleagrach a chur chun cinn. In 2017, thug painéal idirnáisiúnta de shaineolaithe ar aistriú eolais faoi athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinne Aistriú Eolais Éireann sna chéad trí bliana dá fheidhmiú (2013–2016). Tugadh aitheantas san athbhreithniú don dul chun cinn a rinne sé ó bunaíodh cúpla bliain roimhe sin é.

**Gradaim Tionchair Aistriú Eolais Éireann:** I mí Aibreáin 2017, cheiliúir gradaim Aistriú Eolais Éireann éachtaí gairmithe aistrithe eolais atá ag obair in Institiúidí Ardoideachais Éireannacha agus eagraíochtaí taighde a fhaigheann maoiniú poiblí. I mí Mheán Fómhair 2017, bhí a chomhdháil bhliantúil ag Aistriú Eolais Éireann, ar ar fhreastail os cionn 200 duine (thart ar a leath díobh ón tionscal) chun tráchtálú agus comhoibriú taighde a phlé. Seoladh uirlis idirghníomhach ar líne 'Find

R&D Funding' ag an gcomhdháil, a chuireann eolas ar fáil d'eagraíochtaí a mbeadh spéis acu tabhairt faoi thaighde agus forbairt ar na foinsí éagsúla maoinithe, dreasachtaí agus tacaíochtaí eile atá ar fáil do ghníomhaíocht taighde agus forbartha in Éirinn.

**Clár Maoinithe TTSI3:** Cuireadh tús i mí Eanáir 2017 leis an tríú céim den Tionscnamh um Neartú Aistrithe Teicneolaíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann. Tá an clár cúig bliana €34.5 milliún, a bhainistíonn Aistriú Eolais Éireann, ag cothú cumais agus acmhainne chun tacú le haistriú eolais agus tráchtálú taighde in eagraíochtaí taighde Éireannacha.

## An Clár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal

Tacaíonn an Clár le soláthar bonneagair do thaighde den chéad scoth (foirgnimh, saotharlanna agus trealamh den chuid is nua-aimseartha) agus cuidíonn sé le caipiteal daonna a fhorbairt freisin trí chláir PhD Struchtúrtha/Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn ar fud institiúidí ardoideachais na hÉireann. Aistríodh freagracht as an gclár chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta in 2010. Tá an clár fós á riar ag an Údarás Ardoideachais thar ceann na Roinne.

Le Sraith 5, a tionscnaíodh in 2011, bronnadh maoiniú ar 33 tionscadal ar leith, arbh fhiú €277 milliún é de mhaoiniú ón Státchiste móide maoiniú meaitseála breise €58 milliún. Cuireadh na ceithre thionscadal deiridh as an 33 tionscadal a tosaíodh faoi Shraith 5 i gcrích i rith 2017.

Bhí infheistíocht an Chláir Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal agus i gcaipiteal daonna mar thacaíocht leanúnach dár n-institiúidí tríú leibhéal chun straitéisí taighde a mhúnlú agus a chur i bhfeidhm chun cabhrú leo mais chriticiúil agus acmhainneacht den chéad scoth ar bhonn domhanda a bhaint amach i bpríomhréimsí taighde. Sholáthair Sraith 5 breis is 62,000m$^2$ d'achar taighde nua/athchóirithe, breis is 5,700 stáisiún oibre taighde agus breis is 330 mac léinn PhD faoi dheireadh an chláir.

## Gníomhaireacht Spáis na hEorpa

Ó chuaigh Éire isteach i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa in 1975, tá tionscail agus grúpaí taighde Éireannacha ag croílár mhisin spáis na hEorpa, iad ag tarraingt clú orthu féin mar sholáthróirí teicneolaíochtaí nuálacha a bhíonn in úsáid i gclár spáis na hEorpa.

Tugann comhaltas sa Ghníomhaireacht rochtain do ghnóthaí agus taighdeoirí Éireannacha ar eagraíocht forbartha teicneolaíocht ar fiú €5 bhilliún sa bhliain í nach bhfuil a leithéid le fáil áit ar bith seachas NASA, mar aon le rochtain fheabhsaithe ar chliaint spáis institiúideacha Eorpacha agus Dhomhanda, ar phríomhchonraitheoirí agus ar shlabhraí soláthair teicneolaíochta. In 2017, d'infheistigh Éire €17.8 milliún ina comhaltas i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa agus rinneadh infheistíocht fhorlíontach €1m eile ag deireadh na bliana.

I rith 2017, fuair 18 gcuideachta conarthaí ón nGníomhaireacht; ba chonraitheoirí céaduaire leis an nGníomhaireacht iad ceithre cinn díobh sin. B'fhiú €12 mhilliún na conarthaí tionscail a shocraigh an Ghníomhaireacht in Éirinn in 2017. Dhaingnigh tionscal taighde na hÉireann €1.4 milliún eile i gconarthaí; dá bhrí sin b'fhiú €13.4 milliún luach iomlán na gconarthaí le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa in Éirinn in 2017, a léiríonn dul chun cinn na hÉireann san earnáil seo atá ag forbairt.

Tá méadú tagtha ar líon iomlán na bpost i gcuideachtaí a bhíonn ag plé leis an nGníomhaireacht ó 1,300 in 2008 go breis is 2,000 in 2017 agus táthar ag tuar go mbeidh níos mó ná 5,000 duine fostaithe iontu faoi 2020. Léiriú é an leibhéal ard fáis sin san fhostaíocht ar na comhiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Rialtais chun infheistiú go suntasach i dTaighde agus Forbairt, ag Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann agus iad ag obair le lucht na dtionscal, agus ag an nGníomhaireacht féin chun acmhainn nuálaíochta na dtionscal Éireannach a aistriú i dtáirgí, córais agus seirbhísí do chlár spáis na hEorpa agus don mhargadh domhanda spáis.

Tá cuideachtaí, eolaithe agus taighdeoirí Éireannacha ag leanúint orthu chun deiseanna suimiúla atá ag teacht chun cinn trí Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa a lorg. I rith misean trádála chun na Gníomhaireachta i mí Aibreáin 2017, fógraíodh conarthaí le cuideachtaí Éireannacha:

- D'fhógair Enbio conradh dar luach €650,000 chun ardbhratú dromchla a fhorbairt agus a dhéanamh do Neosat, an chéad ghlúin eile d'ardáin satailíte le haghaidh misin teileachumarsáide;
- Bhuaigh Innalabs conradh €980,000 chun Aonad Tomhais Ráta cáilithe a fhorbairt don spás. Úsáidfear é sin d'Fhochórais Rialaithe Fithisithe agus Airde satailíte i réimse misin spáis; agus
- Dhaingnigh Pilot Phontonics conradh €335,000 chun fochórais cumarsáide léasair a fhorbairt le húsáid i réimse satailíte ardchumarsáide.

I mí na Bealtaine 2017, d'éirigh le hiarratas an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, i gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste, ar chlár 'Fly Your Satellite' de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa. Tugann sé sin an deis d'Éirinn Satailít a fhorbairt agus a sheoladh den chéad uair. Meastar go seolfar an tsatailít seo ón Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta in 2019. Is tionscadal oideachais é seo go príomha, chun rannpháirtithe a ullmhú do ghairm san earnáil spáis. Is deis thábhachtach é freisin do thionscal spáis na hÉireann, a bheidh rannpháirteach sa tionscadal, chun a theicneolaíochtaí a cháiliú don spás.

D'fhreastail Ard-Stiúrthóir na Gníomhaireachta, Jan Wörner, ar shearmanas clabhsúir Shamhradh an Spáis, Clár an Staidéir Spáis, i Halla Contae Chorcaí i mí Lúnasa 2017. D'óstáil Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí an clár rathúil naoi seachtaine sin. Agus é in Éirinn, thug an tArd-Stiúrthóir Wörner cuairt freisin ar Ionad Réitigh Spáis Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa in Éirinn in Institiúid Náisiúnta Tyndall agus bhuail sé le bunaitheoirí Thalman Health, cuideachta Éireannach a fhorbraíonn monatóirí teochta inchaite.

I mí Dheireadh Fómhair 2017, shínigh Fiontraíocht Éireann Socrú Comhoibríoch Teicniúil le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa. Tabharfaidh an Socrú sin níos mó rochtana ná riamh don stát ar fhaisnéis fhaire na cruinne gar d'fhíor-am ó Chlár Copernicus. Is féidir na sonraí a úsáid le haghaidh taighde agus forbairt tráchtála agus chun bonn eolais a chur faoi bheartais. Beidh an Mol náisiúnta le haghaidh Shonraí Fhaire na Cruinne in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

I mí na Samhna 2017, d'fhógair an Roinn gur roghnaigh Coimisiún an AE Ollscoil Mhá Nuad chun Copernicus Relay agus Acadamh Copernicus a óstáil le haghaidh Chlár Spáis Fhaire na Cruinne de chuid an Aontais Eorpaigh, Copernicus. Oibreoidh an dá bhunaíocht chun feasacht, tuiscint agus úsáid Chlár Fhaire na Cruinne de chuid an Aontais Eorpaigh, Copernicus, a fheabhsú.

## Forbairtí ar Bheartas Spáis an Aontais Eorpaigh

Ag Comhairle Iomaíochais an Spáis i mí na Bealtaine 2017, faoi Uachtaránacht Mhálta, reáchtáil an Chomhairle díospóireacht ar an Straitéis Spáis don Eoraip a comhaontaíodh in 2016 a chur i bhfeidhm, agus ghlac sí leis na Conclúidí Comhairle ina leagtar amach réimsí tosaíochta na Straitéise. Tugadh aitheantas sna conclúidí don tábhacht a bhaineann le caidreamh comhordaithe agus comhlántach atreisithe idir an tAontas Eorpach agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa, agus leagadh béim ar an ngá atá le comhtháthú an Spáis sa ghnáthshaol a mhéadú oiread agus is féidir.

D'fhreastail Ballstáit ar an gCruinniú Airí Spáis Neamhfhoirmiúil freisin, a d'óstáil Uachtaránacht na hEastóine i mí na Samhna 2017. Fiosraíodh Clár Fhaire na Cruinne de chuid an Aontais Eorpaigh, Copernicus, ag an gcruinniú sin. Ag oscailt an chruinnithe, dúirt Coimisiún an AE go bhfuil Clár Copernicus ag sárú a spriocanna. Agus iad ag malartú dearcthaí, tharraing Airí aird ar ról Copernicus in aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus dul i ngleic le ceisteanna slándála agus imirce, i dteannta ról an Chláir chun fiontraíocht a chothú.

Ag an gComhairle Iomaíochais an 1 Nollaig, a raibh Urve Palo, Aire Fiontraíochta agus Teicneolaíocht Faisnéise na hEastóine, mar chathaoirleach uirthi, ghlac Airí leis na Conclúidí Comhairle ar an meastóireacht Lárthéarma ar Chlár Copernicus, Clár Fhaire na Cruinne de chuid an Aontais Eorpaigh, agus phléigh siad todhchaí Chláir Spáis an Aontais Eorpaigh.

Ba é conclúid an athbhreithnithe Lárthéarma go bhfuil Clár Copernicus ar an mbóthar ceart trí chéile, ag baint na gcuspóirí amach, agus go bhfuil na cuspóirí fós ábhartha do riachtanais úsáideoirí agus tosaíochtaí polaitiúla an Aontais Eorpaigh faoi láthair. D'fháiltigh an Chomhairle roimh an gcur chuige i leith leanúint leis an slabhra sonraí a thógáil chun saothrú tráchtála féideartha FBManna a éascú. Agus Cláir Spáis an Aontais Eorpaigh á bplé, Copernicus, Galileo agus Clár Loingseoireachta Satailíte an Aontais ina measc, tharraing Airí aird ar an ngá atá le Cláir dul in oiriúint d'fhorbairtí agus dúshláin dhomhanda. D'aithin Airí freisin ról na gClár chun iomaíochas Ballstát a fheabhsú, in earnáil spáis na hEorpa agus go domhanda.

## Institiúid Náisiúnta Tyndall

Is í Institiúid Náisiúnta Tyndall an t-ionad taighde is mó in Éirinn le speisialtóireacht i gcrua-earraí agus córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). Is Institiúid Náisiúnta í Tyndall, a fheidhmíonn go hidirnáisiúnta chun taighde agus forbairt agus nuálaíocht a éascú agus a chumasú in Éirinn, agus tá bonneagar taighde náisiúnta uathúil aici.

Tá an earnáil TFC, ina bhfuil speisialtóireacht ag Tyndall, thar a bheith tábhachtach don gheilleagar domhanda, le láimhdeachas sa bhreis ar $3 thrilliún sa bhliain. Tugann sí bonn teicneolaíochta ar a mbraitheann formhór na n-earnálacha déantúsaíochta d'fheabhsuithe ar a dtáirgiúlacht, agus ar a mbraitheann na seirbhísí ar fad (cúram sláinte, bainistiú fuinnimh, iompar, bainistiú timpeallachta) d'éifeachtúlacht agus soláthar a fheabhsú. Is é tionscal TFC na hÉireann an earnáil déantúsaíochta is mó sa tír agus tá acmhainn ann leibhéal agus cáilíocht a thionchair gheilleagraigh a méadú.

De réir comhaontú foirmiúil le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, tá an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta tiomanta do chroímhaoiniú a sholáthar chun tacú le hoibríochtaí laethúla Institiúid Tyndall. D'úsáid Tyndall an croídheontas €4.5 milliún seo a thug an Roinn in 2017 chun buiséad iomlán taighde de €36 milliún a ghiniúint. Áiríodh air sin:

- Maoiniú díreach €6 mhilliún do thionscal.
- Ioncam thart ar €7 milliún a gineadh ó chláir taighde AE (FP7 agus Fís 2020).
- Ioncam thart ar €23m a fuarthas ó chláir iomaíocha taighde (Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Fiontraíocht Éireann agus maoinitheoirí eile).

Ar na torthaí ar an maoiniú taighde seo in 2017 bhí:

- Rannpháirtíocht leanúnach le clár Fís 2020. Maoiníodh 57 tionscadal go dtí seo, dar luach €420 milliún san iomlán. Chomhordaigh an Institiúid féin ocht gcinn de na tionscadail sin. Is é an luach díreach iomlán do Tyndall €30 milliún, agus bronnadh €16 mhilliún ar thionscal na hÉireann.
- Bronnadh trí phríomhthionscadal móra Eorpacha bonneagair, a tharraingíonn anuas €23 milliún i maoiniú AE, le luach díreach €7 milliún do Tyndall.
- Naoi dtionscadal nua Comhpháirtíocht Nuálaíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann leis an tionscal.
- Rinneadh 26 nochtadh aireagáin agus comhdaíodh sé phaitinn (agus tá ceithre cinn ar feitheamh).
- Breis is 270 foilseachán a ndearnadh athbhreithniú piaraí orthu in irisí tábhachtacha idirnáisiúnta.
- Aontaíodh 11 cheadúnas/rogha/sannachán tráchtála le tionscal (agus tá a thuilleadh á bplé).

## Cóipcheart

Rinneadh dul chun cinn i rith na bliana ar shaincheisteanna cóipchirt a chur chun cinn in Éirinn agus ag leibhéal an AE. I rith 2017, leanadh leis an dréachtú ar an mBille Cóipchirt agus Forálacha Eile i nDlí na Maoine Intleachtaí. Dearadh an Bille seo chun roinnt moltaí sa tuarascáil "Modernising Copyright" a chur chun cinn. D'fhoilsigh an Coiste um Athbhreithniú ar Chóipcheart an tuarascáil sin go deireanach in 2013.

Ag leibhéal an AE, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach tograí le dlí cóipchirt an AE a nuachóiriú i mí na Nollag 2015 agus mí Mheán Fómhair 2016. Dearadh na tograí chun ligean do rochtain níos leithne ar líne ar shaothair chóipchirt d'úsáideoirí agus tomhaltóirí ar fud an AE. Ghlac Parlaimint an AE agus Comhairle an AE leis na tograí seo go foirmiúil in 2017:

- Rialachán (AE) 2017/1128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le hinaistritheacht trasteorann na seirbhísí ábhair ar líne sa mhargadh inmheánach. Cuireann an rialachán seo ar chumas tomhaltóirí rochtain a fháil ar a seirbhísí ábhair ar líne, e.g. Netflix, RTÉ Player, agus iad ag taisteal go sealadach san Aontas Eorpach mar a dhéanfaidís sa bhaile. Tiocfaidh an Rialachán maidir le hinaistritheacht i bhfeidhm i mBallstáit an AE an 1 Aibreán 2018.

- Treoir (2017/1564/AE) agus Rialachán (2017/1563/AE) chun Conradh Marrakech (comhaontú idirnáisiúnta cóipchirt) a chur i bhfeidhm chun rochtain ar shaothair fhoilsithe a éascú do dhaoine atá dall, faoi lagamharc, nó faoi mhíchumas cló ar shlí eile. Is é cuspóir an Chonartha rochtain a fheabhsú ar leabhair agus foilseacháin eile i bhformáidí ar nós braille, téacs mórchló agus closleabhar do dhaoine faoi lagamharc ar fud an domhain agus malartú trasteorann cóipeanna dá leithéid a cheadú idir an tAontas Eorpach agus tríú páirtithe atá ina bpáirtithe de Chonradh Marrakech. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leis an Treoir agus an Rialachán go foirmiúil i mí Mheán Fómhair 2017. An 17 Nollaig 2017, chuir an Roinn tús le comhairliúchán poiblí ar an Treoir a thrasuíomh i ndlí na hÉireann. Is é an spriocdháta chun an Treoir a thrasuíomh i ndlí na hÉireann an 11 Deireadh Fómhair 2018. Tiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm go huathoibríoch 12 mhí i ndiaidh an dáta foilsithe.

- I rith 2017, bhí an Roinn páirteach in anailís a dhéanamh ar na tograí agus idirbheartaíocht le Páirtí Oibre na Comhairle AE ar thogra an Choimisiún Eorpaigh le haghaidh Treorach maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach (COM(2016) 593 deiridh). Tá sé i gceist leis an Treoir bheartaithe eisceachtaí cóipchirt a chomhchuibhiú i réimsí taighde, oideachais agus caomhnaithe chultúrtha, agus feabhsóidh sí seasamh úinéirí cirt chun idirbheartaíocht a dhéanamh agus luach saothair a fháil as saothrú a n-ábhair ar líne. Tá an Roinn rannpháirteach go gníomhach le páirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach chun bonn eolais a chur faoi sheasamh idirbheartaíochta na hÉireann ar na tograí éagsúla sa Treoir.

## Reachtaíocht Phríomha a Cuireadh i bhFeidhm i Réimse na Maoine Intleachtúla

Níor cuireadh aon reachtaíocht nua cóipchirt i bhfeidhm in 2017.

## An tAcht um Bosca Forbartha Eolais (Deimhniú Aireagán), 2017

Tháinig an tAcht um Bosca Forbartha Eolais (Deimhniú Aireagán), 2017 i bhfeidhm an 19 Bealtaine 2017. Tugadh an reachtaíocht seo isteach mar fhreagairt do bhearta faoiseamh cánach an bhosca forbartha eolais a tugadh isteach faoin Acht Airgeadais, 2015 a d'fhoráil do ráta níos ísle cáin chorparáide ar bhrabús ar shócmhainní maoine intleachtúla a eascraíonn as taighde agus forbairt.

Forálann an Bosca Forbartha Eolais do ráta cáin chorparáide 6.25% atá iníoctha ar bhrabús dá leithéid a thagann chun cinn agus a bhaineann le trí chineál Sócmhainní Maoine Intleachtaí: paitinní fadtéarmacha, bogearraí faoi chóipcheart agus aireagáin atá úrnua, neamhfhollasach agus

úsáideach. Tá an chatagóir dheireanach sin dírithe go sonrach ar chuideachtaí beaga agus tá srianta áirithe ar bhrabús agus láimhdeachas.

Faoin Acht um Bosca Forbartha Eolais (Deimhniú Aireagán), 2017, is féidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide cur isteach ar Dheimhniú an Bhosca Forbartha Eolais ón gCeannasaí Paitinní, Dearthaí agus Trádmharcanna. Beidh an Deimhniú sin ina chuid de na critéir incháilithe a leagtar amach sa reachtaíocht cánach faoin mBosca Forbartha Eolais do FBManna ar mian leo tairbhe a bhaint as an ráta níos ísle cáin chorparáide.

Leasaíonn an reachtaíocht Acht na bPaitinní, 1992 freisin, ionas gur féidir imscrúdú substainteach a dhéanamh ar phaitinní fadtéarmacha a chinnteoidh go gcomhlíonann na paitinní sin na critéir chun cáiliú don Bhosca Forbartha Eolais.

## Reachtaíocht Thánaisteach a Cuireadh i bhFeidhm i Réimse na Maoine Intleachtúla

Theastaigh cúpla Ionstraim Reachtúil chun tacú leis an Acht um Bosca Forbartha Eolais (Deimhniú Aireagán) 2017, a chur i bhfeidhm, eadhon:

- I.R. Uimh. 204 de 2017 – an tOrdú fán Acht um Bosca Forbartha Eolais (Deimhniú Aireagán), 2017 (Tosach Feidhme), 2017 – ceaptar an 19 Bealtaine 2017 mar an dáta ar tháinig an tAcht i bhfeidhm.
- I.R. Uimh. 205 de 2017 – na Rialacha um Paitinní, Trádmharcanna agus Dearaí (Táillí) (Leasú), 2017, ina dtugtar breac-chuntas ar na táillí riachtanacha nuair atá tuarascáil chuardaigh agus tuairim i scríbhinn á iarraidh faoi Alt 29 d'Acht na bPaitinní, 1992, chomh maith leis na táillí as tuarascáil chuardaigh a iarraidh faoi Alt 66 d'Acht na bPaitinní, 1992.
- IR Uimh. 206 de 2017 – na Rialacha um Paitinní (Leasú), 2017 – lena leasaítear na Rialacha um Paitinní, 1992, ina dtugtar breac-chuntas ar athruithe nós imeachta ar an bpróiseas paitinne i ndiaidh imscrúdú substainteach ar iarratais ar phaitinní Éireannacha a thabhairt isteach an athuair. Foráiltear freisin do bhreathnuithe tríú páirtí don Cheannasaí maidir le hinphaitinneacht iarratas.

Níor foilsíodh aon reachtaíocht nua faoi thrádmharcanna in 2017.

## Caighdeánú

In 2017 thug an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann faoi obair nua caighdeánaithe i réimsí tábhachtacha atá ag teacht chun cinn, Róbataic, Déantúsaíocht Bhreisithe agus Blocshlabhra ina measc.

## Sprioc 5:
## Tacú le fostaíocht ardchaighdeáin, réiteach díospóidí agus sábháilteacht sa timpeallacht oibre

***Fostaíocht ardchaighdeáin, caidreamh dearfach san áit oibre, sásraí réitigh díospóidí a fheidhmíonn go maith, timpeallacht oibre shábháilte agus éabhlóid an phá íosta a chur chun cinn***

### Cearta Fostaíochta

I gClár an Rialtais i mí na Bealtaine 2016 tá tiomantas dul i ngleic le fadhbanna a chothaíonn an méadú ar ócáidiú fostaíochta agus na rialacháin maidir le hobair neamhbhuan a neartú.

Chomh maith leis an gcomhairliúchán poiblí sin ar an tiomantas sin i gClár an Rialtais, thug an Roinn faoi phróiseas cuimsitheach idirphlé le ICTU agus IBEC chun cabhrú le freagairt beartais a fhorbairt agus a bheachtú. D'fhaomh an Rialtas tús áite a thabhairt do dhréachtú tograí reachtaíochta a bhaineann leis an tiomantas sin i gClár an Rialtais an 2 Bealtaine 2017.

I ndiaidh na feidhmeanna a aistriú i mí Mheán Fómhair 2017, aistríodh freagracht beartais as an togra reachtaíochta sin chuig an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Foilsíodh an Bille Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2017 an 7 Nollaig 2017.

### An Coimisiún um Pá Íseal

Thíolaic an Coimisiún um Pá Íseal, a bunaíodh leis an Acht um Pá Íosta Náisiúnta (An Coimisiún um Pá Íseal), 2015, an tríú tuarascáil uaidh i mí Iúil 2017.

Ghlac an Rialtas lena mholadh an pá íosta a mhéadú go €9.55 in aghaidh na huaire agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2018.

I ndiaidh chinneadh an Rialtais feidhmeanna áirithe a bhaineann le cearta fostaíochta a aistriú, aistríodh an fhreagracht as an gCoimisiún um Pá Íseal chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2017.

### Tuarascáil Duffy-Cahill/Fiosrúchán Clerys

Cuireadh tús le roinnt gníomhartha mar chuid de fhreagairt an Rialtais do dhúnadh Clerys. Mar chuid de seo bhí grinnscrúdú Duffy-Cahill ar cosaintí dlí d'fhostaithe.

Tugann tuarascáil Duffy-Cahill anailís chuimsitheach ar na forálacha ábhartha den dlí fostaíochta agus cuideachta. Tugtar inti roinnt moltaí maidir leis an dlí a leasú, a bhaineann go príomha le leasuithe ar an dlí fostaíochta. Thug an Roinn faoi Chomhairliúchán Poiblí ar an tuarascáil tar éis a foilsithe i mí Aibreáin 2016.

Iarradh ar an nGrúpa Athbhreithnithe Dhlí na gCuideachtaí athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe de dhlí na gcuideachtaí. Rinneadh an méid sin le súil le moltaí a thabhairt faoi bhealaí ina bhféadfaí dlí na gcuideachtaí a leasú chun cosaintí níos fearr a chinntiú d'fhostaithe agus do chreidiúnaithe neamhurraithe. Thuairiscigh Grúpa Athbhreithnithe Dhlí na gCuideachtaí don Aire i mí an Mheithimh 2017. An 13 Iúil 2017, d'fhoilsigh an Tánaiste agus an tAire Fiontraíochta agus Nuálaíochta, Frances Fitzgerald TD, tuarascáil Ghrúpa Athbhreithnithe Dhlí na gCuideachtaí ar chosaint fostaithe agus creidiúnaithe neamhurraithe. Tá obair ar bun go fóill chun freagairt beartais nó reachtaíochta, mar is iomchuí, do na ceisteanna casta lena mbaineann a fhorbairt.

Maidir le gnéithe faoi dhlí na fostaíochta i dTuarascáil Duffy-Cahill, i ndiaidh an fhreagracht as cearta agus beartais fostaíochta a aistriú chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí an 1 Meán Fómhair 2017, is faoin Roinn sin a bheidh sé aon leasú i réimse an dlí fostaíochta a lorg.

Ar leithligh uaidh sin, lorg oifigigh údaraithe de chuid an Aire ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faisnéis ó roinnt páirtithe maidir leis na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna a tharla sa chuideachta thrádála arbh í fostaí na foirne in Clerys í nuair a dúnadh é. Baineann obair na n-oifigeach údaraithe le cur i bhfeidhm an Achta um Chaomhnú Fostaíochta, 1977 i ndáil leis na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna ábhartha. Rinne dhá cheann de na páirtithe agóid dhlíthiúil. Rialaigh an Ardchúirt i bhfabhar an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre an 25 Deireadh Fómhair 2016. Rinneadh achomharc agus táthar chun an cás a éisteacht sa Chúirt Achomhairc.

## Cód Cleachtais ar Oibriú Níos Faide

Shínigh an tAire Breen Cód Cleachtais nua ar Oibriú Níos Faide ina dhlí i mí na Nollag 2017. Forbraíodh an Cód, a d'éascaigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, IBEC agus ICTU, chomh maith leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Coimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas.

D'eascair forbairt an Chód ó mholadh Tuarascála ó Ghrúpa Idir-Rannach a bunaíodh in 2016 chun féachaint ar bheartas maidir le haois scoir san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.

Leagtar amach sa Chód treoir agus dea-chleachtas d'fhostóirí, fostaithe agus a n-ionadaithe le leanúint sa phlé idir fostóirí agus fostaithe ag teacht i dtreo an scoir. Breithnítear freisin an cheist a bhaineann le freagairt iarratas chun oibriú i ndiaidh na haoise scoir reatha san fhostaíocht lena mbaineann.

Tháinig an fhorbairt sin chun cinn mar gheall ar an gcomhthéacs dearfach a bhaineann le daoine atá ag maireachtáil níos faide agus níos sláintiúla. Tacóidh an Cód le fostóirí agus fostaithe san earnáil phríobháideach a theacht ar shocruithe a fheileann do gach duine faoi aoiseanna scoir.

## Ceadanna Fostaíochta

Tacaíonn córas ceadanna fostaíochta an Stáit le hÉirinn mar shuíomh infheistíochta trí chur ar chumas fiontar teacht ar thallann eachtrach a theastaíonn. Is é a chuspóir leathan an soláthar scileanna in Éirinn a fhorlíonadh sa mheántéarma ach cead a thabhairt do na fiontair sin saoránaigh as tíortha nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a earcú sa chás ina bhfuil sainscileanna nó saineolas ag na saoránaigh sin nach bhfuil ar fáil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus ina rachaidh a leithéid d'earcaíocht chun tairbhe d'fhorbairt gheilleagrach nó shóisialta an Stáit. Léirigh treochtaí i líon na n-iarratas ar cheadanna fostaíochta a fuarthas in 2017 an fás láidir atá fós ag teacht ar ghníomhaíocht gheilleagrach.

Leagtar réimeas na gceadanna fostaíochta amach de bhun struchtúir liosta gairmeacha chun tús áite a thabhairt do scileanna áirithe, go háirithe sa chás go bhfuil ganntanas nó easnamh scileanna sonracha láithreach sa mhargadh saothair de bharr fhás tapa na hearnála nó forbairt teicneolaíochta. Aithníonn na liostaí gairmeacha scileanna criticiúla atá gann ar láimh amháin, agus scileanna a bhfuil soláthar maith ann díobh cheana féin sa mhargadh saothar áitiúil ar an láimh eile. Déantar iad a athbhreithniú ar bhonn débhliantúil, ionas go mbeadh treoshuíomh na himirce geilleagraí ag teacht go docht le riachtanais bheachta an mhargaidh saothair.

I rith 2017, comhdhlúthaíodh na Rialacháin maidir le Ceadanna Fostaíochta chun go mbeidís níos éasca le húsáid. Cuimsíodh athruithe ar na liostaí chun dul in oiriúint do riachtanais reatha scileanna i ndiaidh an phróisis sceidealaithe athbhreithnithe sa chomhdhlúthú sin.

Tugadh faoi na hathbhreithnithe débhliantúla ar na liostaí in 2017 i dtimpeallacht atá ag éirí níos casta i gcónaí. Agus an Stát ag teacht i dtreo lánfhostaíochta, tá an t-éileamh ar an lucht saothair ag fás, agus bhí tionchar aige sin ar an gcineál éilimh a chuirtear ar an gcóras imirce geilleagraí. I bhfianaise na gcúinsí athraithe sin, d'iarr an tAire ar oifigigh tabhairt faoi athbhreithniú ar threo foriomlán an chórais imirce geilleagraí chun a chinntiú go bhfuil sé ábhartha fós agus ag freagairt mar is ceart d'fhorbairtí sa mhargadh saothair.

Ina theannta sin, tugadh faoi Athbhreithniú ar Luach Saothair in 2017, inar fiosraíodh na híostairseacha bliantúla luach saothair le haghaidh ceadanna fostaíochta. Cuirfidh an t-athbhreithniú sin leis an athbhreithniú uileghabhálach beartaithe ar an gcóras ceadanna fostaíochta atá le tarlú sa chéad leath de 2018.

Chun tacú le cuspóir na Roinne chun seirbhís do ghnóthaí a fheabhsú, socraíodh go láidir in 2017 an Córas Ar Líne do Cheadanna Fostaíochta, a seoladh i mí Mheán Fómhair 2016, mar an modh roghnaithe chun iarratais a chur isteach ar cheadanna fostaíochta. Tugtar saoráid intuigthe atá éasca le húsáid leis chun iarratais ar cheadanna a chur isteach ar líne, chomh maith leis na cáipéisí tacaíochta, agus tá seirbhís shlán ar líne ann chun táillí a íoc. Thacaigh an córas le hiarratais a phróiseáil níos tapa toisc nach gá d'iarratasóirí na foirmeacha iarratais a líonadh de láimh níos mó agus go laghdaítear dá bharr earráidí agus iarratais dhiúltaithe. Tá os cionn 95% de na hiarratais ar chead fostaíochta a fhaightear á gcur isteach ar líne faoi láthair.

Beartaítear níos mó feabhsuithe a dhéanamh ar an tseirbhís chun go mbeadh na foirmeacha iarratais breise lena mbaineann ar fáil le cur isteach ar líne. Tá obair ar bun ionas gur féidir iarratais ar athbhreithnithe ar chinntí diúltaithe agus iarratais ar litreacha tacaíochta Stampa 4 a chur isteach ar líne.

Ó 2015 go 2017, tá ardú beagnach 48% tagtha ar an éileamh ar cheadúnais fostaíochta. Mhéadaigh líon na n-iarratas ar cheadanna fostaíochta i rith 2017 17% i gcomparáid le 2016. Eisíodh 11,354 cead fostaíochta san iomlán in 2017, suas 21% ar 2016.

Is léir rath an chórais ceadanna fostaíochta maidir le freastal ar ghanntanais scileanna agus éifeachtúlacht fheabhsaithe riaracháin in 2017 ó na staitisticí seo a leanas:

- próiseáladh 21% níos mó ceadanna le hais 2016;
- bhain 37% de na ceadanna uile a eisíodh in 2017 le Ceadanna Fostaíochta le haghaidh Scileanna Criticiúla, an cead fostaíochta a ceapadh le díriú ar ghanntanas scileanna;
- Ba do ghairmithe TFC a eisíodh 30% de na ceadanna fostaíochta a eisíodh.

| Bliain | Iarratais ar glacadh leo | Iomlán Eisithe | Iomlán Diúltaithe | Iomlán Tarraingthe Siar | Le próiseáil |
|---|---|---|---|---|---|
| **2017** | **13,333** | **11,354** | **1,516** | **320** | **1,300** |
| **2016** | 11,317 | 9,383 | 1,651 | 207 | 1,238 |
| **2015** | 9,021 | 7,265 | 906 | 167 | 1,134 |

Nóta faoin tábla: Luadh líon na n-iarratas a fuarthas seachas líon na n-iarratas ar glacadh leo sna tuarascálacha bliantúla roimhe seo. Bhíodh iarratais ar diúltaíodh dóibh ina dhiaidh sin mar nach raibh siad críochnaithe san fhigiúr 'iarratais a fuarthas'. Tá an Córas ar Líne do Cheadanna Fostaíochta tar éis deireadh a chur le hiarratais neamhchríochnaithe nach mór, mar sin úsáidtear an teideal "Iarratais ar glacadh leo" sa tábla thuas toisc go bhfuil sé níos cruinne.

## An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Tá an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre freagrach as seirbhísí a sholáthar lena n-áirítear seirbhísí réitigh luaith, eadrána, comhréitigh, éascaíochta agus comhairleacha, agus as breithniú ar ghearáin a bhaineann le fostaíocht agus comhionannas.

Déanann an Coimisiún monatóireacht ar choinníollacha fostaíochta d'fhonn a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le reachtaíocht um chearta fostaíochta agus go bhfuiltear á forfheidhmiú, agus cuireann sé le feasacht ar chearta agus oibleagáidí fostaíochta. Próiseálann an Coimisiún iarratais freisin ó

ghníomhaireachtaí fostaíochta chomh maith le ceadúnais faoi reachtaíocht a rialálann cosaint daoine óga i bhfostaíocht.

In 2017, fuair an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre 14,001 gearán sonrach a bhain le reachtaíocht fostaíochta agus comhionannais. Chomh maith leis sin, an bhliain chéanna laghdaigh an Coimisiún go suntasach ualach cásanna breithnithe ar chearta fostaíochta agus gearáin comhionannais a fuarthas le hoidhreacht nuair a bunaíodh an Coimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2015. Amhail deireadh 2017 bhí siad sin laghdaithe go díreach faoi bhun 300 cás.

I rith na bliana, léirigh an Coimisiún feidhmíocht láidir, agus phróiseáil sé 92% de na gearáin a cuireadh faoi bhráid na seirbhísí Breithnithe faoi cheann sé mhí. Phléigh an Coimisiún le 24% níos mó éisteachtaí in 2017 ná in 2016. Thug an tSeirbhís Cigireachta faoi 4,747 cigireacht ar áiteanna oibre, agus aisghabhadh €1.77 milliún de thuarastal neamhíoctha dá mbarr i rith 2017. Bhí an tSeirbhís Comhréitigh ina cathaoirleach ar 2,200 comhdháil agus éascú comhréitigh i ndáil le haighnis chomhchoiteanna i rith 2017. Phléigh an tSeirbhís Eadrána le díreach faoi bhun 600 eadráin ar an nguthán agus duine le duine, agus chuir an tSeirbhís Chomhairleach tús le hidirghabhálacha i ndíreach faoi bhun 70 tarchur cáis nua i rith 2017.

I mí an Mheithimh 2017, seoladh Oifig Seirbhísí Réigiúnach Shligigh de chuid an Choimisiúin ina soláthraítear réimse iomlán seirbhísí an Choimisiúin, lena n-áirítear comhréiteach, eadráin, breithniú agus cigireacht. Ba é sin an chéad chéim don Choimisiún atá chun a réimse iomlán seirbhísí a leathnú ar fud na n-oifigí réigiúnacha ar fad chun a chinntiú go bhfuil na seirbhísí a sholáthraítear i mBaile Átha Cliath ar fáil ar fud na tíre. Meastar go dtarlóidh sé i gCorcaigh anois, agus ansin in oifigí Shionainne agus Cheatharlach.

## An Chúirt Oibreachais

Ó achtaíodh an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, is í an Chúirt Oibreachais anois an comhlacht achomhairc aonair a phléann le gach achomharc faoin reachtaíocht um chearta fostaíochta. Déanann sí é sin chomh maith lena ról bunaidh mar Chúirt rogha dheiridh chun aighnis caidrimh thionsclaíoch a réiteach. In 2017 fuair an Chúirt Oibreachais 1,093 ábhar arna dtarchur, arbh ionann sin agus méadú 2.5% ar líon na n-ábhar arna dtarchur (1,121) a rinneadh in 2016. Ba é an mheántréimhse chun éisteachtaí na Cúirte Oibreachais a sceidealú i mBaile Átha Cliath in 2017 13 seachtaine ó dháta an achomhairc nó tarchuir. Taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, ba é 16 seachtaine ó dháta an achomhairc nó tarchuir an mheántréimhse in 2017.

## Orduithe um Fhostaíocht Earnála

An 19 Deireadh Fómhair 2017, rinne an tAire Pat Breen TD an chéad Ordú um Fhostaíocht Earnála faoin gcreat reachtaíochta nua a cuireadh i bhfeidhm faoin Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015. Socraítear na híosteidlíochtaí reachtúla pá, pinsin agus pá breoiteachta san Ordú Aireachta sin le haghaidh ceardaithe, oibrithe foirgníochta agus printíseach atá fostaithe san earnáil foirgníochta.

Thug an tOrdú éifeacht dhlíthiúil do théarmaí molta ón gCúirt Oibreachais ar ghlac an tAire leis i mí Iúil 2017. Tháinig na téarmaí agus coinníollacha leasaithe don earnáil foirgníochta i bhfeidhm ó dháta sínithe an Orduithe, i.e. an 19 Deireadh Fómhair 2017, agus tá siad i bhfeidhm ar beagnach 50,000 oibrí san earnáil sin.

Fuair an tAire moladh ón gCúirt Oibreachais freisin an 20 Nollaig 2017 le haghaidh Ordú um Fhostaíocht Earnála d’Earnáil Chonarthach Sheirbhísí Foirgníochta na hInnealtóireachta Meicniúla. Ghlac an tAire leis an moladh sin agus thug éifeacht dhlíthiúil dó trí Ordú Aireachta an 6 Márta 2018. Tá téarmaí an Ordaithe i bhfeidhm ar 10,000 oibrí oilte san earnáil, lena n-áirítear pluiméirí, oirtheoirí píopaí agus táthairí.

## Orduithe Rialaithe Fostaíochta

Shínigh an tAire Breen Ordú Rialaithe Fostaíochta don Earnáil Slándála an 30 Bealtaine 2017. Tá an tOrdú i bhfeidhm ar oibrithe slándála a fhostaíonn gnólacht slándála chun seirbhís slándála a sholáthar do chliaint chonartha an ghnólachta sin. Foráiltear ann do mhéaduithe pá an 1 Meitheamh 2017, an 1 Meitheamh 2018 agus an 1 Meitheamh 2019. Foráiltear freisin san Ordú do théarmaí fostaíochta eile, lena n-áirítear pá breoiteachta, san earnáil.

## Grúpa Oibre ar Struchtúir Caidrimh Thionsclaíoch don Gharda Síochána

I mí Mheán Fómhair 2017, rinne an Rialtas machnamh ar an tuarascáil ar struchtúir caidrimh thionsclaíoch don Gharda Síochána. Léiríodh sa Tuarascáil cur i gcrích Chéim I d'obair an ghrúpa a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas seo agus comhairle a chur ar an Rialtas maidir leis na hathruithe reachtúla agus eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. Ionadaíocht ar an nGrúpa Tionóladh an Grúpa Oibre faoi chathaoirleach neamhspleách, John Murphy, iar-Ard-Rúnaí na Roinne seo agus bhí ionadaithe air ó Ranna Rialtais ábhartha, bainistíocht an Gharda Síochána agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

Ag an am céanna, d'fhaomh an Rialtas cinn bille an Bhille Caidrimh Thionscail (Leasú), 2018. Tá sé i gceist reachtaíocht Caidrimh Thionscail a leasú leis an mBille ionas gur féidir le cumainn ionadaíochta Gardaí leas a bhaint as seirbhísí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus na Cúirte Oibreachais.

Cuireadh tús le Céim II d'obair an ghrúpa i mí na Samhna 2017, lena mbaineann oibriú go dlúth le Ranna ábhartha, bainistíocht an Gharda Síochána, cumainn ionadaíochta Gardaí agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre/an Chúirt Oibreachais chun socruithe réitigh aighneas inmheánach iomchuí a chur i bhfeidhm sa Gharda Síochána sula dtugtar cead leas a bhaint as forais Caidrimh Thionsclaíoch an Stáit. Déanfaidh an grúpa machnamh freisin ar impleachtaí acmhainne a eascróidh as cead a thabhairt do chumainn Gardaí leas a bhaint as seirbhísí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus na Cúirte Oibreachais.

Tá an Bille a leasóidh an reachtaíocht Caidrimh Thionscail á dhréachtú mar chuid d'obair Chéim II leis an ngrúpa, ag féachaint leis an mBille a fhoilsiú sa chéad chuid de 2018 agus é a achtú faoi dheireadh na bliana.

## Timpeallacht Caidrimh Thionsclaíoch

Bhí laghdú ar líon na laethanta a cailleadh de bharr aighnis thionsclaíocha in 2017 i gcomparáid le figiúirí 2016.

- Cailleadh 50,191 lá de bharr stailceanna in 2017 nuair nár cailleadh ach 71,647 in 2016.
- Cailleadh 37,915 lá in 2017 mar gheall ar aighnis i mBus Éireann agus Iarnród Éireann.
- Cailleadh formhór na laethanta eile mar gheall ar ghníomhaíocht Tiománaithe Craenacha agus an t-aighneas in TESCO.

## An Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Ceimiceán

Is sásra idirbheartaíochta é an tAonad um Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Ceimiceán idir an Roinn agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tá sé freagrach, i gcomhar leis an Údarás, as beartas a fhoirmliú agus a fhorbairt ar leibhéal náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta i dtaca le sláinte agus sábháilteacht cheirde agus déantúsaíocht agus úsáid ceimiceán i dtionscal na hÉireann.

Léiríodh i dtaighde go bhfuil dea-chiall ghnó le dea-chleachtas sláinte agus sábháilteachta. Cuidíonn sé le hiomaíochas, feabhsaíonn sé an caidreamh le hoibrithe, agus ba chóir do gach fiontar rathúil tús

áite a thabhairt dó. Tá gnóthaí rathúla in Éirinn, idir dhúchasach agus ilnáisiúnta, ag cur an dea-chleachtais sa tsláinte agus sa tsábháilteacht ag croílár a straitéise fiontraíochta anois.

Is é príomhaidhm an bheartais rialála maidir le sláinte agus sábháilteacht cheirde agus ceimiceáin tacaíocht a thabhairt do leabú na sláinte agus na sábháilteachta ceirde mar chuid lárnach de ghnó a dhéanamh i ngach áit oibre in Éirinn agus a chinntiú gur ann do thimpeallacht ina gcosnaítear sábháilteacht agus sláinte na n-oibrithe, ina dtacaítear leis an iomaíochas, agus ina gcinntítear nach mbeidh drochthionchar ag na ceimiceáin a dhéantar agus a úsáidtear mar chuid riachtanach de thionscal na hÉireann ar shláinte an duine ná ar an gcomhshaol.

Príomhról de chuid an Aonaid um Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Ceimiceán is ea a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, ó thaobh reachtaíochta, foirne agus airgeadais, chun a chur ar a chumas a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh i leith Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde, Rialáil Ceimiceán, Faireachas Margaidh agus Creidiúnú agus a chinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás an réimse caighdeáin rialachais atá i bhfeidhm ar Ghníomhaireachtaí Stáit, lena n-áirítear beartas an Rialtais ar chúrsaí foirne agus buiséadaithe.

## An Córas Rialála Ceimiceán

Is casta an córas rialála ceimiceán mar atá leagtha amach i Rialacháin an AE amhail REACH – na Rialacháin um Chlárú, Meastóireacht, Údarú agus Srian ar Cheimiceáin agus na Rialacháin um Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú nó “CLP” – agus teastaíonn obair leanúnach ina leith ar leibhéal AE maidir lena chur chun feidhme, a athbhreithniú agus a leasú. Bíonn an Roinn, le saintacaíocht ón Údarás, ag freastal ar na héilimh sin.

Lean Deasca Cabhrach REACH agus CLP, á bhfeidhmiú ag an Údarás ó 2007, dá n-iarrachtaí a dhíriú ar chomhairle agus tacaíocht a thabhairt don tionscal in 2017. D’oibrigh an tÚdarás lena chinntiú go mbeadh cláraithe ullmhaithe i gceart agus go mbeadh tacaíocht mhaith acu ag druidim i dtreo spriocdháta cláraithe do Rialachán an AE maidir le REACH an 31 Bealtaine 2018.

Leasaigh an tÚdarás, le toiliú an Aire Breen, a Chód Cleachtais le haghaidh na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Bhitheolaíocha), 2013 (I.R. Uimh. 572 de 2013). Rinneadh é sin go príomha chun rangú víreas Zika a athrú ó oibreán bitheolaíoch Ghrúpa 3 go hoibreán bitheolaíoch Ghrúpa 2.

D’oibrigh an Roinn agus an tÚdarás go dlúth le chéile in 2017 chun an tacaíocht a chuireann an tÚdarás ar fáil do chuideachtaí Éireannacha a mhéadú oiread agus ab fhéidir chun cloí leis na hoibleagáidí rialála Ceimiceán reatha.

Ina theannta sin, thosaigh an Roinn agus an tÚdarás ag oibriú ar ábhar imní a shainaithint maidir le rialáil agus úsáid ceimiceán i dtionscal na hÉireann mar gheall ar an mBreatimeacht.

## Seirbhísí Creidiúnaithe

Is é cuspóir an Chreidiúnaithe a chinntiú go mbeidh an acmhainn theicniúil ag comhlachtaí measúnaithe comhréireachta (e.g. saotharlanna, comhlachtaí cigireachta nó deimhniúcháin) chun a ndualgais a chomhlíonadh. Tá creidiúnú ag fáil breis aitheantais mar uirlis thábhachtach agus phraiticiúil chun cuspóirí a bhaint amach i raon réimsí beartais atá ag méadú.

Is cuid den Údarás anois é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú, an comhlacht náisiúnta atá freagrach as saotharlanna, comhlachtaí deimhniúcháin agus comhlachtaí cigireachta a chreidiúnú.

In 2017, sholáthair an Bord clár leanúnach creidiúnaithe don tionscal agus dhaingnigh sé a chóras bainistithe caidrimh cliaint nua. D’fhorbair sé struchtúr nua praghsála freisin bunaithe ar an gcostas a bhíonn ar a sheirbhísí éagsúla creidiúnaithe a sholáthar.

Bhí níos mó spéise ag comhlachtaí dá dtugtar fógra sa Ríocht Aontaithe i seirbhísí an Bhoird a úsáid mar gheall ar an mBreatimeacht. D’oibrigh an Roinn go dlúth leis an mBord i rith 2017 chun na

dúshláin agus deiseanna a bhaineann leis an mBreatimeacht a shainaithint, agus chun sásraí foirmiúla a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le hiarratais ó Chomhlachtaí dá dtugtar Fógra a dteastaíonn uathu athlonnú ón Ríocht Aontaithe go hÉirinn.

Ina theannta sin, chinntigh an Roinn acmhainní breise don Bhord in 2017 chun cabhrú leis a ról a chomhlíonadh – in 2018, glacfaidh an Bord le ról an chomhlachta náisiúnta creidiúnaithe i ndáil leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

## An Earnáil Foirgníochta

Tá an Roinn ina comhalta den **Choiste Comhairleach Comhpháirtíochta do Shábháilteacht Foirgníochta** a fheidhmíonn mar fhóram sainchomhairliúcháin agus comhairleach do Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta. Sainaithníonn an Coiste ceisteanna tábhachtacha a bhaineann le cúrsaí sábháilteachta agus sláinte a fheabhsú san earnáil foirgníochta agus cuireann in ord tosaíochta iad. Forbraíonn sé clár gníomhaíochta náisiúnta chun gníomhartha na n-eagraíochtaí ionadaíochta ábhartha a chur chun cinn agus a chomhordú. Tagann comhaltaí eile an Choiste ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta, Comhdháil na gCeardchumann, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, comhlachtaí gairmiúla a bhaineann leis an tionscal foirgníochta agus comhlachtaí ionadaíochta ceirde do shláinte agus sábháilteacht.

Tá an Roinn ina comhalta freisin de **Ghrúpa Maoirseachta Páirtithe Leasmhara SOLAS** a bhunaigh SOLAS (an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna) chun tabhairt faoi athbhreithniú ar oibriú agus todhchaí na scéimeanna oiliúna, creidiúnaithe agus measúnaithe san earnáil foirgníochta.

## An Earnáil Feirmeoireachta

Is í an fheirmeoireacht fós an earnáil ina mbíonn an ráta is airde timpistí agus básanna. Agus aird acu air sin, d'óstáil an tAire Pat Breen TD i gcomhar lena chomhghleacaí an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara Michael Creed TD, cruinniú comhchéime ina raibh na príomhpháirtithe leasmhara ar fad ón earnáil talmhaíochta. Ina measc bhí ionadaithe ó eagraíochtaí ionadaíochta feirmeoireachta, conraitheoirí talmhaíochta, soláthróirí oiliúna, cuideachtaí árachais, grúpaí tréidliachta agus eagraíochtaí Stáit agus grúpaí eile a oibríonn ar son sábháilteachta ar an bhfeirm. Iarradh ar na rannpháirtithe ar fad teacht ar ais le tograí le haghaidh gníomhartha spriocdhírithe náisiúnta a bhféadfaí tabhairt fúthu. Tógfar ar an obair sin in 2018.

## Foghrúpa an Chreata d'Áit Oibre Shláintiúil

Is comhthionscnamh é seo idir an Roinn Sláinte agus an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta atá ar bun faoin gclár Éire Shláintiúil. Is é Éire Shláintiúil an Creat Náisiúnta chun sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann a fheabhsú. Tá an Foghrúpa Áit Oibre ag díriú ar **Creat d'Áit Oibre Shláintiúil** a fhorbairt a d'fhéadfaí a úsáid mar acmhainn phraiticiúil i ngach áit oibre.

Faoi scáth an Fhoghrúpa, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin thar réimse eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí in 2017. Tá na dearcthaí a fuarthas sa phróiseas comhairliúcháin, lena n-áirítear an suirbhé ar líne agus an fhianaise ó thaighde atá ar bun, le bonn eolais a chur faoi ábhar an Chreata deiridh.

Chomh maith le páirt a ghlacadh san Fhoghrúpa, thug an Roinn síolchiste tacaíochta chun cabhrú le Cúrsa Iarchéime san Fholláine san Áit Oibre a bhunú le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh.

## Grúpa Náisiúnta Trasearnála 'Connecting for Life'

Tá an Grúpa seo á stiúradh ag an Roinn Sláinte. Is é 'Connecting for Life' an straitéis náisiúnta chun féinmharú a laghdú idir 2015 agus 2020. Tagann comhaltaí an Ghrúpa ó réimse leathan Ranna Rialtais, lena n-áirítear an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, agus Gníomhaireachtaí ar nós an

Údaráis Sláinte agus Sábháilteacht, Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, TUSLA agus na hOifige Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc, chomh maith le réimse eagraíochtaí eile atá páirteach i meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn.

Tá an Grúpa ag maoirsiú cur i bhfeidhm tiomantas a bhaineann le freagrachtaí chomhaltaí an Ghrúpa mar a leagtar amach i bplean cuir i bhfeidhm ‘Connecting for Life’. Shainaithin an Roinn seo roinnt tionscnamh a bhaineann leis an áit oibre chun strus a bhaineann leis an obair a laghdú etc. mar chuid de phlean foriomlán ‘Connecting for Life’.

## Sábháilteacht agus Sláinte san Áit Oibre – Tionscnamh BeSMART

Uirlis ar líne saor in aisce de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta is ea BeSMART, a dearadh chun cabhrú le húinéirí/bainisteoirí gnóthas beag measúnuithe riosca agus ráitis sábháilteachta a ullmhú dá n-áit oibre. Léiríonn figiúirí 2017 go bhfuil fás ag teacht i gcónaí ar an líon gnóthaí a úsáideann uirlis BeSMART. In 2017, bhain beagnach 8,500 úsáideoir breise úsáid as BeSMART. Cabhraíonn an uirlis seo, atá ar fáil anois do bhreis agus 270 cineál gnó, le comhlíonadh, agus sábhálann gnóthais am agus airgead ó thaobh a n-oibleagáidí dlíthiúla faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 a chomhlíonadh.

In 2017, d’oibrigh an Roinn leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun Clár Foghlama Frithpháirtí a óstáil ina raibh toscaireacht ardleibhéil ón gCoimisiún Eorpach agus Ballstáit AE eile. Ba é aidhm an imeachta deiseanna foghlama frithpháirtí idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh a éascú agus a spreagadh. Díríodh ar BeSMART ag an imeacht agus chuir sé ar chumas an Údaráis a léiriú an chaoi a gcabhraíonn sé le húinéirí/bainisteoirí gnóthaí beaga measúnuithe riosca agus ráitis sábháilteachta a ullmhú. Cabhraíonn sé sin ansin leis an seans go dtarlóidh timpiste san áit oibre a laghdú, agus ar deireadh sábhálann sé am agus airgead do ghnóthaí. Tá níos mó eolais le fáil ar www.besmart.ie.

## Timpistí agus Básanna san Áit Oibre

In 2017, tháinig méadú ar líon na mbásanna san áit oibre a tuairiscíodh don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ó 46 in 2016 go 47. Bhí sé sin faoi bhun an 56 bás a tharla in 2015. Mar a bhí in 2016, bhí an líon ab airde básanna fós in earnáil ardriosca na talmhaíochta (24) agus tuairiscíodh 3 bhás breise san áit oibre in 2017. Thit líon na mbásanna san earnáil tógála go 6 in 2017, síos ó 9 in 2016.

Mar a bhí sna blianta roimhe sin, agus ar aon dul leis an gcur chuige bunaithe ar riosca i leith leithdháileadh acmhainní, dhírigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a ghníomhaíochtaí cigireachta ar na hearnálacha ardriosca sin. Rinneadh é sin i dteannta feachtais spriocdhírithe náisiúnta chun eolas a scaipeadh faoi chúrsaí sábháilteachta agus an tsábháilteacht a chur chun cinn. Reáchtáladh iad sa dá earnáil ardriosca de bhun maoiniú breise a cuireadh ar fáil don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta i rith 2017.

**Sprioc 6:**
**Creat dlí agus rialála ardfheidhmíochta do ghnó agus do thomhaltóirí a chinntiú**

***A chinntiú go n-éascaíonn ár rialáil gnó infheistíocht agus forbairt gnó, iomaíochas sa mhargadh agus ardchaighdeáin i dtaca le cosaint tomhaltóirí agus rialáil chorparáideach, agus go dtugann sí buntáiste iomaíochais d'Éirinn sa mhargadh domhanda***

## Dlí na gCuideachtaí, Iomaíochas agus Cosaint Tomhaltóirí

I rith 2017, thógamar ar an obair a rinneadh roimhe sin chun creat dhlí na gcuideachtaí atá seasmhach, trédhearcach agus nua-aimseartha a fhorbairt in Éirinn. Leanamar orainn ag forbairt agus ag múnlú freagairtí nua do dhúshláin nua agus atá ag teacht chun cinn i ndlí na gcuideachtaí, iomaíochas agus beartas tomhaltóirí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus náisiúnta. Dírítear go háirithe ar chomhoibriú le páirtithe leasmhara, oifigí agus gníomhaireachtaí na Roinne agus Ranna Rialtais eile chun na torthaí is fearr a bhaint amach de réir ár sprice ardleibhéil.

## Togra le haghaidh Treoir maidir le conarthaí tomhaltóirí i ndáil le hábhar digiteach a sholáthar

Foilsíodh togra le haghaidh Treoir maidir le conarthaí tomhaltóirí i ndáil le hábhar digiteach a sholáthar an 9 Nollaig 2015. Tá sé d'aidhm ag an togra cur le feidhmiú ceart an Mhargaidh Inmheánaigh agus ag an am céanna leibhéal ard cosanta a sholáthar do thomhaltóirí trí cheanglais áirithe a cheapadh d'ábhar ar nós chomhréireacht an ábhair dhigitigh leis an gconradh agus an leigheas atá ar fáil do thomhaltóirí mura dtagann an t-ábhar digiteach le conradh nó mura gcuirtear ábhar digiteach ar fáil. Thángthas ar chomhaontú ag an gComhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile i mí an Mheithimh 2016 ar bhunphrionsabail áirithe an togra agus ar roinnt treoirlínte polaitiúla le haghaidh obair air amach anseo. I ndiaidh dianphlé ar an togra sa chéad leath de 2017, chuir Uachtaránacht Mhálta téacs an togra le haghaidh cur chuige ginearálta faoi bhráid na Comhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile an 8–9 Meitheamh 2017. D'fhaomh an Chomhairle an cur chuige ginearálta, cé gur chuir roinnt toscairí in iúl ina ráitis go raibh siad amhrasach faoin téacs agus taifeadadh é sin i miontuairiscí na Comhairle. An 21 Samhain 2017, vótáil Parlaimint na hEorpa ar an dréacht-tuarascáil ar an togra ó na coistí IMCO agus JURI. Reáchtáladh cruinnithe idirphlé thrípháirtigh faoin togra idir Uachtaránacht na hEastóine, an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa an 5 agus an 12 Nollaig 2017, agus cuirfear tús leis in athuair in 2018 faoi Uachtaránacht na Bulgáire.

## Togra le haghaidh Treoir maidir le conarthaí tomhaltóirí i ndáil le díol earraí ar líne agus ar bhealaí cianda eile

Foilsíodh togra le haghaidh Treoir maidir le conarthaí tomhaltóirí i ndáil le díol earraí ar líne agus ar bhealaí cianda eile an 9 Nollaig 2015 i dteannta togra le haghaidh Treoir maidir le conarthaí tomhaltóirí i ndáil le hábhar digiteach a sholáthar. Tá sé d'aidhm ag an togra cur le feidhmiú ceart an Mhargaidh Inmheánaigh agus ag an am céanna leibhéal ard cosanta a sholáthar do thomhaltóirí trí cheanglais áirithe a cheapadh do chonarthaí i ndáil le díol earraí ar líne agus ar bhealaí cianda eile. Baineann na ceanglais le hábhar ar nós chomhréireacht na n-earraí leis an gconradh agus an leigheas atá ar fáil do thomhaltóirí mura dtagann earra le conradh. Cé go raibh sé i gceist ag an gCoimisiún go ndéanfaí an togra i ndáil le hábhar digiteach agus an togra i ndáil le díol a phlé in éineacht lena chéile, bhí formhór na mBallstát den tuairim nár cheart rialacha maidir le díol earraí ar líne a dheighilt ó na rialacha ginearálta maidir le díol earraí mar atá sa Treoir um Dhíolacháin don

Tomhaltóir (Treoir 1999/44/CE) a bhí á measúnú mar chuid d'athbhreithniú oiriúnachta REFIT ar roinnt Treoracha maidir le cosaint tomhaltóirí a thosaigh i mí Eanáir 2016 agus a cuireadh i gcrích i mí na Bealtaine 2017. Thacaigh an t-athbhreithniú leis an ngá atá le tacar amháin rialacha do dhíolacháin ar líne agus as líne, conclúid ar thacaigh na Ballstáit sa Ghrúpa Oibre leis. Cé go raibh an Coimisiún ar son raon feidhme an togra maidir le díolacháin ar líne a leasú sa Chomhairle chun é a leathnú go gach conradh díolacháin tomhaltóirí, bhí formhór na mBallstát ar son togra nua reachtaíochta agus measúnú tionchair nua a chur isteach. D'fhoilsigh an Coimisiún togra leasaithe a chuimsigh gach conartha díolacháin tomhaltóirí an 31 Deireadh Fómhair 2017. Seachas gur leathnaíodh a raon feidhme go gach conradh díolacháin tomhaltóirí, bhí an méid a bhí ann cosúil leis an gcéad togra maidir le díolacháin ar líne. D'fhoilsigh an Coimisiún cáipéis oibre freisin ar thionchar rialacha comhchuibhithe go hiomlán ar chonarthaí díolacháin tomhaltóirí chun cur leis an measúnú tionchair a ullmhaíodh don togra maidir le díolacháin ar líne. Scaipeadh an togra leasaithe ar pharlaimintí náisiúnta go luath i mí na Samhna le haghaidh seiceálacha coimhdeachta agus comhréireachta. Bhí cruinnithe an pháirtí oibre ar an togra leasaithe ar siúl an 27 Samhain agus an 19–20 Nollaig 2017 agus leanfar leo in 2018.

### Togra le haghaidh Rialachán maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe um chosaint tomhaltóirí a fhorfheidhmiú

Faoi láthair, comhchuibhíonn Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 maidir le comhar ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí an creat comhair idir údaráis náisiúnta inniúla i mBallstáit an Aontais Eorpaigh i ndáil lena ngníomhartha forfheidhmithe. Cuimsíonn an Rialachán sin réimse 18 dTreoir agus Rialachán ón Aontas Eorpach a bhaineann le acquis dlí tomhaltóirí agus margaíochta an Aontais. Chuir Coimisiún an AE athbhreithniú ar an Rialachán i gcrích agus, mar chuid dá thionscnamh don Mhargadh Aonair Digiteach, d'eisigh sé togra le haghaidh Rialachán leasaithe i mí na Bealtaine 2016. Is é cuspóir ginearálta an togra sásraí le haghaidh comhair ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí a fhorbairt atá nua-aimseartha, éifeachtúil agus éifeachtach, sásraí a laghdóidh aimhleas tomhaltóirí a eascraíonn as sárú trasteorann agus forleathan dhlí tomhaltóirí an Aontais. Áirítear leis sin go háirithe cásanna a laghdú ina dtarlaíonn sárú tábhachtach trasteorann agus forleathan ach nach mbraitear é nó nach dtugtar aghaidh air mar is ceart trí chreat an chomhair ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí, agus a chinntiú go mbaineann údaráis cosanta tomhaltóirí torthaí cosúla amach mar gheall ar na míchleachtais chéanna.

Foilsíodh an Rialachán (mar a chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa, Comhairle an AE agus Coimisiún an AE é) san Iris Oifigiúil an 27 Nollaig 2017. Tá dhá bhliain ag Ballstáit, ón dáta foilsithe, chun an Rialachán a chur i bhfeidhm.

### Togra le haghaidh Rialachán maidir le haghaidh ar thabhairt ar an ngeobhlocáil agus ar chineálacha eile idirdhealaithe atá bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí

Is é cuspóir ginearálta an togra seo rochtain níos fearr a thabhairt do chustaiméirí (idir thomhaltóirí agus ghnóthaí) ar earraí agus seirbhísí sa Mhargadh Aonair ach idirdhealú díreach agus neamhdhíreach trádálaithe a chosc, a scarann an margadh go saorga bunaithe ar áit chónaithe custaiméirí (ar a dtugtar 'geobhlocáil'). Bíonn difríochtaí dá leithéid sa chaoi a gcaitear le custaiméirí atá ag ceannach ar líne, ach freisin nuair a thaistealaíonn siad go Ballstáit eile chun earraí nó seirbhísí a cheannach. Sainítear cásanna sonracha sa togra nuair nach féidir údar a thabhairt do gheobhlocáil nó cineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó suíomh. Cuireann an togra cosc freisin ar rochtain a bhlocáil ar shuíomhanna gréasáin agus ar athródú uathoibríoch a úsáid gan cead a fháil ón gcustaiméir roimh ré. Cé gur féidir le trádálaithe glacadh fós le pé bealach íocaíochta a shonraíonn siad féin, tá foráil shonrach sa togra do neamh-idirdhealú laistigh de na bealaí íocaíochta sin. Ní bheidh idirbhearta ina gceannaíonn gnó earraí nó seirbhísí le hathdhíol san áireamh áfach ionas go mbeidh trádálaithe in ann a gcórais dáilte a bhunú de réir dhlí iomaíochais na hEorpa. Ní chuireann an togra iallach ar thrádálaithe díol le custaiméir.

Thángthas ar chomhaontú ag idirphlé trípháirteach idir Uachtaránacht na hEastóine, an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa an 21 Samhain 2017. Beidh an Rialachán infheidhme naoi mí i ndiaidh é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (a tharla an 2 Márta 2018).

### Togra le haghaidh Treoir maidir le húdaráis iomaíochais na mBallstát a chumhachtú ionas go mbeidh siad ina bhforfheidhmithe níos éifeachtaí

An 22 Márta 2017, d'fhoilsigh Coimisiún an AE togra le haghaidh Treoir maidir le húdaráis iomaíochais na mBallstát a chumhachtú ionas go mbeidh siad ina bhforfheidhmithe níos éifeachtaí agus chun a chinntiú go bhfeidhmíonn an margadh inmheánach mar is ceart. Is iad aidhmeanna luaite na Treorach molta a chinntiú go bhfuil uirlisí éifeachtacha fiosraithe, cinnteoireachta agus forfheidhmithe ag údaráis náisiúnta iomaíochais; go bhfuil siad in ann fíneálacha éifeachtacha bactha a ghearradh; go bhfuil clár dea-cheaptha trócaire i bhfeidhm acu a éascaíonn iarratas a dhéanamh ar thrócaire i gcúpla dlínse; agus go bhfuil dóthain acmhainní acu agus gur féidir leo rialacha iomaíochais an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm go neamhspleách. Cuireadh tús le hidirbheartaíocht ar an togra i nGrúpa Oibre na Comhairle ar Iomaíochas i lár 2017 agus leanfar léi in 2018.

### Comhairliúchán Poiblí ar Athdhíol Ticéad

D'fhoilsigh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta (ag an am) Mary Mitchell O'Connor TD páipéar comhairliúcháin ar athdhíol ticéad le haghaidh imeachtaí siamsaíochta agus spóirt an 20 Eanáir 2017, i dteannta an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Aire Stáit Turasóireachta agus Spóirt (ag an am). Foilsíodh an 24 freagra ar an gcomhairliúchán ar shuíomh na Roinne an 9 Bealtaine 2017. Tháinig freagraí ó chomhlachtaí spóirt, tionscnóirí imeachtaí, comhlachtaí tomhaltóirí, soláthróirí seirbhísí ticéad príomhúla, margaí ticéad tánaisteacha, ionadaithe poiblí agus ó dhaoine eile nach iad. Reáchtáil oifigigh ón Roinn plé leantach ina dhiaidh sin leis na príomhpháirtithe leasmhara ag féachaint le measúnú a dhéanamh ar roghanna féideartha a mbeadh d'aidhm leo cabhrú lena chinntiú go n-oibreodh margaí ticéad níos fearr do thomhaltóirí. Bhí na hoifigigh ag plé le húdaráis i mBallstáit an Aontais Eorpaigh agus i mBallstáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa freisin faoi reachtaíocht ar athdhíol ticéad ag féachaint le measúnú a dhéanamh ar a dtaithí ar reachtaíocht dá leithéid agus ar éifeachtacht na reachtaíochta.

### An Bille um Shainmharcáil (Leasú), 2016

Cuireadh tús leis an mBille a chur trí Thithe an Oireachtais in 2017, agus cuireadh Céim an Choiste i gcrích i nDáil Éireann i mí an Mheithimh 2017. Cuirfear tús an athuair ar mhachnamh ar an mBille in 2018.

### An tAcht Iomaíochta (Leasú), 2017

Achtaíodh an Bille Iomaíochta (Leasú), 2016 an 7 Meitheamh 2017 agus tháinig sé i bhfeidhm an 7 Meán Fómhair 2017. Thosaigh sé mar Bhille Comhalta Phríobháidigh de chuid Pháirtí an Lucht Oibre. Tugann an tAcht díolúine ó alt 4 den Acht Iomaíochta, 2002, do thrí chatagóir d'oibrithe féinfhostaithe (aisteoirí guthaithe, saor-iriseoirí agus ceoltóirí seisiúin) a chuireann ar a gcumas, go héifeachtach, margaí a dhéanamh in éindí. Leagtar amach freisin san Acht próiseas iarratais do Cheardchumann aitheanta ar bith chun díolúine a iarraidh ón Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ón Acht d'oibrithe féinfhostaithe eile fad is go gcomhlíontar coinníollacha áirithe.

### Grúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí

Is é Grúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí an grúpa sainchomhairleoirí a bhfuil de chúram orthu comhairle a chur ar an Aire faoi chúrsaí dhlí na gcuideachtaí. Chinn an tAire clár oibre an Ghrúpa Athbhreithnithe do 2016 go 2018 i gcomhar leis an nGrúpa féin. Tá obair an Ghrúpa Athbhreithnithe

ag dul ar aghaidh trí na seisiúin iomlánacha agus naoi bhfochoiste. Cuireann an tAonad um Fhorbairt an Dlí Cuideachtaí agus an AE an rúnaíocht ar fáil.

Chuir an Grúpa Athbhreithnithe roinnt míreanna ar a chlár oibre i gcrích in 2017:

- Rinne an Fochoiste um Scaireanna agus Scairchaipiteal athbhreithniú ar na forálacha in Acht na gCuideachtaí, 2014 maidir le scaireanna agus scairchaipiteal agus ghlac an Grúpa Athbhreithnithe leis an tuarascáil a d'eisigh siad (Moltaí Ghrúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí maidir le scaireanna agus scairchaipiteal in Acht na gCuideachtaí, 2014).
- An 13 Meitheamh, glacadh le tuarascáil Ghrúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí ar chosaint fostaithe agus creidiúnaithe neamhurraithe ag cruinniú iomlánach an Ghrúpa Athbhreithnithe. Moltar tograí le haghaidh athrú reachtach sa Tuarascáil agus cé nach leigheas iomlán é ar gach rud, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar chuid de na deacrachtaí a bhíonn ag fostaithe agus creidiúnaithe neamhurraithe i gcás dócmhainneacht cuideachta, agus trédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú.
- Rinne an Fochoiste um Rialachas Corparáideach athbhreithniú ar na forálacha in Acht na gCuideachtaí, 2014 maidir le rialachas corparáideach agus ghlac an Grúpa Athbhreithnithe leis an tuarascáil a d'eisigh siad (Moltaí Ghrúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí maidir le Rialachas Corparáideach in Acht na gCuideachtaí, 2014) ag cruinniú iomlánach an Ghrúpa Athbhreithnithe an 30 Samhain. Comhlíonann an tuarascáil sin tiomantas a tugadh sa tsraith beart a d'fhógair an Rialtas agus a bhfuil d'aidhm léi rialachas corparáideach a fheabhsú, trédhearcacht a mhéadú agus freagairt na hÉireann do choireacht an bhóna bháin a threisiú.

Cuirtear tuarascálacha Ghrúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí faoi bhráid an Aire agus foilsítear na tuarascálacha ar **www.clrg.org**. Tá an Roinn i mbun machnaimh ar thuarascálacha an Ghrúpa Athbhreithnithe agus déanfaidh sí moltaí don Aire ar an bhfreagairt beartais nó reachtach, mar is iomchuí.

Tá an Grúpa Athbhreithnithe ag tabhairt faoi athbhreithniú ar dhlí na gcuideachtaí a fhorfheidhmiú, atá á chur chun cinn ag fochoiste Comhlíonta agus Forfheidhmithe an ghrúpa. Tá béim láidir ar dhócmhainneacht i gClár Oibre an Ghrúpa Athbhreithnithe le haghaidh 2016–2018, agus tá machnamh ar na cúrsaí sin fós ar bun. Tháinig fochoiste na Dócmhainneachta Corparáidí le chéile chun machnamh a dhéanamh ar an togra AE reatha le haghaidh Treoir maidir le dócmhainneacht (imeachtaí dara seans) chomh maith le machnamh ar Dhlí Eiseamláireach UNCITRAL maidir le Dócmhainneacht Trasteorann.

## Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017

Trasuíonn Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017 Treoir 2013/34/AE ón AE ina dhlí Éireannach. Méadaíonn sé na tairseacha do chuideachtaí a cháilíonn mar chuideachtaí beaga, a shimplíonn an tuairisciú airgeadais do chuideachtaí beaga agus a thugann isteach catagóir nua cuideachta ar a dtugtar micreachuideachta. I gcás na micreachuideachtaí sin, laghdaítear na hoibleagáidí maidir le tuairisciú airgeadais. Tugann an tAcht ceanglais nua tuairiscithe isteach freisin do chuideachtaí atá gníomhach i dtionscail eastóscacha agus ceanglaítear ar roinnt cuideachtaí neamhtheoranta, cistí agus cuideachtaí infheistíochta ráitis airgeadais a chomhdú go poiblí.

## Achtú Acht na gCuideachtaí (Leasú), 2017

Cuireann Acht na gCuideachtaí (Leasú), 2017 síneadh ama leis an tréimhse díolúine do chuideachtaí áirithe ó dhá thacar ráitis airgeadais a ullmhú, bunaithe ar an bhfaisnéis airgeadais chéanna ach de réir dhá chaighdeán dhifriúla cuntasaíochta, US GAAP agus IFRS. Síneann an tAcht an tsaoráid go dtí an 31 Nollaig 2030.

## Bille na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2017

Foilsíodh Bille na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2017 an 6 Samhain 2017. Tugann an Bille tuilleadh éifeachta do rialacha an Aontais Eorpaigh a trasuíodh den chéad uair in 2016 trí bhíthin I.R. Uimh. 312 de 2016. Go háirithe, baineann sé leas as roghanna nach raibh ar fáil i gcomhthéacs reachtaíochta tánaistí agus tugtar isteach roinnt athruithe praiticiúla ar iompar maoirseachta ar iniúchadh in Éirinn. Tá an Bille ar cheann de ghníomhartha na Roinne i bpacáiste Beart an Rialtais chun creat corparáideach, geilleagrach agus rialála na hÉireann a fheabhsú. Cuireadh an Dara Céim i gcrích dó sa Dáil an 24 Eanáir 2018 agus leanfar le machnamh air i rith na bliana.

## Athbhreithniú ar na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair

Mar chuid den athbhreithniú ar na Industrial and Provident Societies Acts 1893 go 2014, agus é d'aidhm leis tacaíocht bhreise a thabhairt do Chomharchumainn in Éirinn, reáchtáil an Roinn comhairliúchán poiblí ar an athchóiriú beartaithe reachtaíochta idir an 1 Samhain 2016 agus an 31 Eanáir 2017. Tá freagairtí a fuarthas de bhun an chomhairliúcháin sin á mbreith. Is é cuspóir an athbhreithnithe an reachtaíocht atá ann a chomhdhlúthú agus a nuachóiriú chun creat reachtach do chomharchumainn a bheadh oiriúnach don raon éagsúil gnóthas atá ag oibriú na comharshamhla in Éirinn a chinntiú.

## An Mheitheal um Chostas Árachais

Bhunaigh an Roinn Airgeadais an Mheitheal um Chostas Árachais, faoi chathaoirleacht an Aire Stáit le freagracht as Seirbhísí Airgeadais ag an am, i ndeireadh mhí Iúil 2016 chun athbhreithniú a dhéanamh ar imthosca a imríonn tionchar ar chostas méadaithe mótarárachais le súil le bearta láithreacha agus fadtéarmacha a shainaithint chun dul i ngleic leis na costais mhéadaithe sin. Ghlac oifigigh ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus ón mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta páirt sa Mheitheal um Chostas Árachais. Foilsíodh Tuarascáil ar Chostas Mótarárachais na Meithle um Chostas Árachais go luath i mí Eanáir 2017. Déantar roinnt moltaí tábhachtacha sa Tuarascáil, lena n-áirítear go mbunófaí Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta faoi shainchúram an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

I ndiaidh Tuarascáil ar Chostas Mótarárachais na Meithle um Chostas Árachais a fhoilsiú, rinne an Mheitheal machnamh ar cheist an árachais fostóra agus dliteanais phoiblí agus chuir sí tuarascáil i dtoll a chéile. Foilsíodh Tuarascáil ar Chostas Árachas Fostóra agus Dliteanais Phoiblí na Meithle um Chostas Árachais go luath i mí Eanáir 2018. Ag an am céanna leis an rannpháirtíocht sa Mheitheal, rinne an Roinn dul chun cinn ar roinnt moltaí a chur i bhfeidhm, a raibh sí freagrach astu go príomha, ó Thuarascáil ar Chostas Mótarárachais na Meithle um Chostas Árachais.

## An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Bunaíodh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta in 2003 ar mhaithe le tomhaltóirí agus gnólachtaí araon, ach a réiteofaí éilimh i ndáil le díobháil phearsanta níos tapúla agus a laghdófaí na costais a bhaineann le dlíthíocht. Tar éis dó a bheith ar an bhfód le deich mbliana, reáchtáladh próiseas comhairliúcháin in 2014 i dtaca le feidhmiú na nAchtanna um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta agus rinneadh scrúdú ar na haighneachtaí a fuarthas. I mí an Mheithimh 2017, d'fhaomh an Rialtas Scéim Ghinearálta an Bhille um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú), 2018. Tá an Roinn ag oibriú le hOifig na nDréachtóirí Parlaiminte chun an Bille a dhréachtú.

Is é aidhm an Bhille cur tuilleadh le ról an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta laistigh de thimpeallacht na n-éileamh ar dhíobhálacha pearsanta chun sochair tomhaltóirí, árachóirí, gnó agus na sochaí go ginearálta ach socrú éileamh ar dhíobhálacha pearsanta atá níos tapa, níos fearr agus níos éifeachtúla ó thaobh costais de a bhaint amach. Tabharfar aird sa reachtaíocht bheartaithe ar mholtaí ábhartha i dTuarascáil ar Mhótarárachas na Meithle um Chostas Árachais.

## An Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta

Bhí bunú an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta ar cheann de na príomh-mholtaí sa Tuarascáil ar Chostas Mótarárachais na Meithle um Chostas Árachais.  I mí Eanáir 2017, bunaíodh an Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta, faoi chathaoirleacht an Bhreithimh Nicholas Kearns.  D'fhoilsigh an Coimisiún a chéad tuarascáil an 7 Nollaig 2017 agus déantar roinnt moltaí ar ghlacadh le cur chuige caighdeánaithe a aithnítear go hidirnáisiúnta i leith diagnóisiú, cóireáil agus tuairisciú cleachtóirí ar ghortuithe fíocháin bhog atá cumasach agus oilte i gceart.   Tá dul chun cinn á dhéanamh ar an obair don dara céim d'obair an Choimisiúin, a dhíreoidh ar thagarmharcáil a dhéanamh ar dhámhachtainí díobhálacha pearsanta mhótarárachas na hÉireann leo siúd i ndlínsí eile.

## Taking Care of Business

Reáchtáil an tAonad Rialála Gnó, i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, imeacht 'Taking Care of Business' i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna 2017 ina bhféadfadh beagnach 500 ball den phobal gnó – FBManna, cuideachtaí nuathionscanta agus fiontraithe ina measc – labhairt duine le duine le 30 gníomhaireacht, oifig agus seirbhís stáit chun comhairle a fháil agus foghlaim faoin gcúnamh atá ar fáil.  Thacaigh roinnt comhlachtaí ionadaíochta ón earnáil phríobháideach leis an imeacht freisin.  D'fhreastail beagnach 2,500 duine ar an tsraith imeachtaí seo ar fud na tíre ó 2013 i leith.

Lean an tAonad Rialála Gnó de bheith rannpháirteach freisin i ngrúpaí éagsúla idirnáisiúnta amhail Ardán REFIT an Aontais Eorpaigh, ag féachaint ar chumas rialála, Grúpa Oibre um Iomaíochas agus Fás (Rialáil Níos Fearr) na Comhairle Eorpaí, Stiúrthóirí agus Saineolaithe na Rialála Níos Fearr, an Líonra Rialála Níos Fearr agus Coiste um Beartas Rialála na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD).

## Trádáil Rialáilte a Éascú

Féachann an Roinn le heaspórtálacha a chur chun cinn agus a fhás, agus ag an am céanna a chinntiú go gcomhlíonann Éire go hiomlán a hoibleagáidí idirnáisiúnta mar bhallstát de na Náisiúin Aontaithe agus den Aontas Eorpach chun tacú le rialú airm dhomhanda, neamhleathadh arm adhmhillte agus cearta an duine. Reáchtálann an Roinn réimeas rialaithe agus ceadúnaithe trádála de réir reachtaíocht náisiúnta agus AE.  Is cuid thábhachta é an réimeas sin den chreat rialaithe gnó do chuideachtaí a thrádálann go hidirnáisiúnta as Éirinn.  Cabhraíonn réimeas inchreidte agus éifeachtúil le buntáiste iomaíochais a thabhairt d'Éirinn sa mhargadh domhanda.

Déanann an Roinn ionadaíocht d'Éirinn ag fóraim AE agus idirnáisiúnta eile ag a bhfuil freagracht as rialuithe trádála agus cuireann sí go gníomhach le reachtaíocht ábhartha a nuashonrú, idir náisiúnta agus Eorpach.

Riar an Roinn thart ar 700 ceadúnas easpórtála (arbh fhiú a luach iomlán agus níos mó ná €3 bhilliún) in 2017 le haghaidh earraí dé-úsáide (earraí ag a bhfuil úsáid shibhialta ach a d'fhéadfaí a úsáid mar earraí míleata freisin) agus earraí Míleata.  Cuireann an Roinn trádbhaic arm agus smachtbhannaí trádála na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm freisin agus d'achtaigh sí 22 Ionstraim Reachtúil nua chun éifeacht a thabhairt do na rialuithe sin.

Cuireann an Roinn ceanglais ceadúnaithe an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm maidir le hiompórtálacha iarainn agus cruach ó thríú tíortha. In 2017, eisíodh 1,100 ceadúnas dá leithéid.

Foilsíonn an Roinn staitisticí ar cheadúnais a eisíodh ar a suíomh gréasáin gach sé mhí. Foilsítear tuarascáil níos cuimsithí agus mionsonraithe ar ghníomhaíocht ceadúnaithe go bliantúil.

## An tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 – rialáil íocaíochtaí faoi chonarthaí foirgníochta agus teidlíocht reachtúil i leith breithiúnais

Tháinig an tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 i bhfeidhm do chonarthaí áirithe foirgníochta ar tugadh fúthu tar éis an 25 Iúil 2016 (I.R. Uimh. 165 de 2016). Caithfidh na páirtithe i gconradh ábhartha foirgníochta cloí le téarmaí na reachtaíochta agus ní féidir leo diúltú don reachtaíocht. Tá conarthaí áirithe díolmhaithe ón reachtaíocht: conradh nach mó a luach ná €10,000; conradh Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí; conradh fostaíochta; agus conradh um áit chónaithe nach mó ná 200 méadar cearnach sa chás go bhfuil ceann de na páirtithe ina chónaí ann nó go bhfuil sé i gceist aige cónaí ann.

Is é cuspóir an Achta íocaíochtaí a rialú, go háirithe uainiú na n-íocaíochtaí, faoi chonradh foirgníochta a chuimsítear faoin reachtaíocht. Cuirtear cosaintí nua íocaíochta ar fáil d'fhochonraitheoirí i dtionscal na foirgníochta a measadh a bheith leochaileach sa timthriall íocaíochta sa tionscal sin. Tugann an tAcht seo, den chéad uair riamh in Éirinn, ceart reachtúil nua do pháirtí le conradh foirgníochta aighneas faoi íocaíocht a chur ar aghaidh le haghaidh breithiúnais. Tá sé i gceist leis an Acht go dtabharfar breithiúnais chun críche laistigh de 28 lá ón lá a gcuirtear an t-aighneas faoi bhráid an Bhreithneora de ghnáth.

I rith 2017, rinne Cathaoirleach Phainéal Breithiúnais na gConarthaí Foirgníochta, an Dr Nael G. Bunni, an chéad cheapachán faoin Acht nuair a ceapadh Breithneoir ón bPainéal Breithneoirí a cheap an tAire d'aighneas íocaíochta.

Chuir an Dr Bunni a Thuarascáil Bhliantúil ar an gcéad bhliain d'fheidhmiú na reachtaíochta faoi bhráid an Aire Stáit Pat Breen TD i mí Lúnasa 2017. Léirítear sa Tuarascáil gur beag aighneas íocaíochta ar theastaigh breithiúnas ina leith sa chéad bhliain den Acht. Léirítear staid reatha an fháis shuntasaigh san earnáil foirgníochta mar chuid den chúis a bhfuil leibhéal íseal aighnis ann faoi láthair faoi íocaíochtaí.

## Méadreolaíocht Náisiúnta

Bhí an t-éileamh ar sheirbhísí calabraithe seasmhach le haghaidh 2017, agus eisíodh díreach os cionn 4,500 deimhniú calabraithe i rith na bliana.

## Méadreolaíocht Dhlíthiúil

In 2017 thug cigirí méadreolaíochta dlíthiúla cuairt ar 3,550 áitreabh agus rinne siad cigireacht ar 14,752 uirlis. Cé go bhfuil leibhéal ard comhlíonta le feiceáil sa tionscal, eisíodh 852 rabhadh mar gheall ar neamhchomhlíonadh. Ionchúisíodh próiseálaí iasc lonnaithe i nDún na nGall, as ar eascair fíneáil €45,000 agus téarma príosúnachta sé mhí a cuireadh ar fionraí.

## Deimhniú Feistis Leighis

Lean an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann ag forbairt a sheirbhísí chuig an gcaighdeán idirnáisiúnta is airde agus fuair sé 'Údarú' tosaigh i mí an Mheithimh 2017 mar Eagraíocht Iniúchóireachta le haghaidh Clár Iniúchóireachta Aonair d'Fheistí Leighis. Is é príomhchuspóir an Údaráis a chinntiú go bhfuil rochtain i gcónaí ag tionscal na hÉireann ar an Údarás agus ar chomhlacht deimhnithe a aithnítear go hidirnáisiúnta chun feistí leighis a chur ar mhargaí na hEorpa agus idirnáisiúnta.

## Sprioc 7:
## Infheistiú inár bhfoireann agus an leas is fearr a bhaint as ár gcuid acmhainní

***Infheistiú inár bhfoireann agus tacú leo chun an acmhainn aonair agus chomhchoiteann a fheabhsú a thuilleadh, ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a chinntiú agus an leas is fearr a bhaint as ár gcuid acmhainní ar fad chun ár Straitéis, ár Misean agus ár Spriocanna a bhaint amach***

In 2017, lean an tAonad Acmhainní Daonna d'fheabhas a chur ar chumas seachadta ár bhfoirne, lenár rannpháirtíocht ghníomhach i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse agus an tionscnamh inmheánach againn Dóigheanna Úra Oibre.

### Athnuachan na Státseirbhíse

Reáchtáladh sraith Fóraim Rannpháirtíochta Foirne le haghaidh gach gráid chun tuiscint níos fearr a fháil ar na saincheisteanna a imríonn tionchar ar a rannpháirtíocht i ndiaidh thorthaí an tSuirbhé ar Rannpháirtíocht Fhostaithe na Státseirbhíse ó 2015. Ón bpróiseas sin, cuireadh tuarascáil aiseolais i dtoll a chéile agus forbraíodh Plean Gnímh. Leagtar amach sa Phlean Gnímh tionscnaimh shonracha a bhfuil d'aidhm leo aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas. Bunaíodh cúig Fhoghrúpa um Dhóigheanna Úra Oibre de réir na bpríomhthéamaí a d'eascair as an aiseolas agus spreagfaidh siadsan an Plean Gnímh.

Ghlac an Roinn páirt sna Gradaim Nuálaíochta agus Feabhais sa Státseirbhís agus cé nár bhuaigh aon cheann d'ainmniúcháin na Roinn gradam, cuireadh ceithre thionscadal ar an ngearrliosta. Ba iad sin:

- Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann;
- Clár Gnóthais Srianta agus Dícháilithe Stiúrthóirí Cuideachta;
- Tionscadal Aistrithe Cuideachta na hOifige um Chlárú Cuideachtaí;
- Clár Athchóirithe na gCaidreamh san Áit Oibre.

Maidir leis an Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fhostaithe na Státseirbhíse in 2017, mhéadaigh ráta freagartha na Roinne go 64% ó 46%. Tá anailís á déanamh ar na torthaí agus cuirfear tús le gníomhartha in 2018 chun freagairt do na torthaí.

### Dóigheanna Úra Oibre

Lean an Grúpa Stiúrtha um Dhóigheanna Úra Oibre d'fheidhmiú mar phointe fócais do rannpháirtíocht foirne agus lean dá chlár oibre féin don bhliain. Rinne an grúpa dul chun cinn ar thionscadail sna cúig fhoghrúpa a bhreathnaigh ar:

1. soghluaisteacht agus forbairt gairme;
2. luach saothair agus aitheantas;
3. scileanna;
4. cumarsáid;
5. Cleachtais Oibre Nuálacha.

Tugadh isteach ríomhoibriú níos fearr le ríomh-Cheisteanna Parlaiminte, ríomh-Aighneachtaí agus feistis rochtana dírí.

## Daoine agus Cumas

I margadh saothair dúshlánach agus leachtach, d'oibrigh an Roinn go dlúth leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus le soláthraithe oiliúna chun baill foirne a earcú agus folúntais thábhachtacha a líonadh agus ár bhfoireann oibre a fhorbairt agus a neartú. Tá líon suntasach foirne ag oibriú ar thascanna nua de bharr an líon suaite sa Státseirbhís agus sa mhargadh saothair tríd is tríd. Tá an Roinn ag oibriú chun é sin a bhainistiú trína próiseas Pleanála don Líon Lucht Oibre.

Thug an Roinn faoi shraith rannpháirtíochtaí trína hOifigí agus Rannóga chun tuiscint chothrom le dáta a ghabháil ar na tosaíochtaí straitéiseacha agus na ceanglais a leag siad sin ar an lucht saothair. De bhun na rannpháirtíochta sin, forbraíodh Plean don Líon Lucht Oibre trí bliana (ó 2017 go 2019) a chuirfidh comhlachtaí lárnacha ar an eolas faoi cheanglais na Roinne agus a dhíreoidh ar idirghabhálacha agus tacaíochtaí Acmhainní Daonna chun bearnaí scileanna a dhúnadh agus ár lucht oibre a threisiú, de réir ár ndéimeagrafaice sonraí.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Bunaithe ar chaighdeáin a nglactar leo go hidirnáisiúnta agus ar ghlac an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leo ar son na Státseirbhíse in 2012, thug Aonad Fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí dearbhú agus comhairle don Ard-Rúnaí in 2017 maidir le próisis agus nósanna imeachta inmheánacha airgeadais agus eile na Roinne.

## Teicneolaíocht a úsáid chun éifeachtúlachtaí a bhaint amach agus seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú

Chuir an Roinn tionscnaimh i gcrích chun éifeachtúlacht a fheabhsú ach glacadh le seirbhísí comhroinnte lárnacha le haghaidh roinnt feidhmithe atá ar fáil ar fud an Rialtais, lena n-áirítear na córais bainistíochta párolla agus taistil agus cothabhála. Rinne sí athruithe suntasacha freisin ar na teicneolaíochtaí a úsáideann sí chun an leas is fearr is féidir a bhaint as forbairtí eile i gcórais agus i seirbhísí comhroinnte.

Tugadh isteach córais nua freisin chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an acmhainn a bhaineann le hobair chomhoibríoch agus shoghluaiste. Cé nár tugadh isteach aon chórais mhóra nua a fheiceann custaiméirí i rith na bliana, rinneadh feabhsuithe ar sheirbhísí reatha de réir a chéile. Cuireadh seirbhís nua ar líne i bhfeidhm chun maoirseacht chlár an Phlean Gníomhaíochta Réigiúnaigh do Phoist a chuíchóiriú, a fhágfaidh go bhfuil sé níos éasca d'ionadaithe réigiúnacha tuairisceáin a chur faoi bhráid na Roinne.

## Rialachas Corparáideach

### Creat Rialachais, Aibreán 2016 https://dbei.gov.ie/en/Publications/Governance-Framework.html

Foilsíodh Creat Rialachais na Roinne i mí Aibreáin 2016 ina leagtar amach nósanna imeachta, próisis agus prionsabail rialachais atá mar bhonn faoi obair na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Forbraíodh é i gcomhréir leis an gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís mar chuid de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse, 2014.

### Ráiteas Straitéise 2016–2019 https://dbei.gov.ie/en/Who-We-Are/Statement-of-Strategy/

Baineann Ráiteas Straitéise na Roinne leis an tréimhse ó 2016 go 2019.

Sa Ráiteas Straitéise tugtar achoimre ar straitéis na Roinne agus tugtar cuntas ar ár Misean agus ár spriocanna straitéiseacha. Leagtar amach ann, go hachomair, an comhthéacs reatha atá os comhair amach dár bpáirtithe leasmhara agus don Roinn, agus sonraítear na tiomantais atá tugtha againn maidir lenár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

### Saoráil Faisnéise https://dbei.gov.ie/en/Who-We-Are/Corporate-Information/

Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, dearbhaítear ceart de bhaill phobail rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil chomh fada agus is féidir i gcomhréir leis an leas poiblí agus le ceart príobháideachais an duine.

Foilsíodh an Scéim Foilseacháin um Shaoráil Faisnéise de chuid na Roinne i mí Aibreáin 2016 i gcomhréir le hAlt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Leagtar amach sa Scéim faisnéis, faoi shé cheannteideal, chun cabhrú leis an bpobal ina dtuiscint ar an Roinn agus ar a feidhmeanna. In 2017 fuair an Roinn 260 Iarratas um Shaoráil Faisnéise agus próiseáladh iad i gcomhréir le forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014.

### An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014
https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/act/2014/14/gle/enacted/a1414i.pdf

I gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá beartas i bhfeidhm don fhoireann ag an Roinn i ndáil le Nochtadh Cosanta. De réir mar is gá faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá tuarascáil bhliantúil ina leagtar amach líon an nochta chosanta a fuarthas agus tá an gníomh a rinneadh ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne laistigh de shé mhí de dheireadh na bliana.

### An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015
https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/act/2015/5/gle/enacted/a515i.pdf

Ceapadh an tAcht um Brústocaireacht chun faisnéis a thabhairt don phobal faoi cé atá i mbun brústocaireachta, cé leis agus céard faoi. Foilsítear liosta d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe na Roinne faoin Acht seo ar ár suíomh gréasáin.

### An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 https://dbei.gov.ie/en/What-We-Do/Supports-for-SMEs/Late-Payments/Prompt-Payment-Returns/

Foilsíonn an Roinn tuairiscí feidhmíochta íocaíochta gach ráithe ar a suíomh gréasáin don Roinn agus do na comhlachtaí faoina cúram.

## An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

I gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoin Acht seo, tá an Roinn tiomanta dá beartais, nósanna imeachta agus seirbhísí i gcoitinne ina réimsí gnó a phromhadh chun a chinntiú go gcomhlíonaimid ár riachtanais i réimse chearta an duine agus comhionannais.

### An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre https://www.workplacerelations.ie/ga/

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a bunaíodh de réir dlí chun gearáin maidir le hidirdhealú a fhiosrú nó chun idirghabháil a dhéanamh ina leith. Cuimsítear an Coimisiún faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Idirdhealú is ea nuair nach gcaitear chomh fabhrach céanna le duine amháin seachas duine eile. Cumhdaítear íospairt faoin reachtaíocht freisin.

### Freagracht Shóisialta Chorparáideach https://dbei.gov.ie/en/What-We-Do/Business-Sectoral-Initiatives/Corporate-Social-Responsibility/

Is í an Roinn seo an Roinn tosaigh maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach – an coincheap ina ndéanann gnóthais agus eagraíochtaí eile a bhfreagrachtaí sóisialta agus comhshaoil a cheangal lena bhfeidhmiúcháin ghnó, agus go ndéantar cinntí gnó le haird ar na saincheisteanna inbhuanaitheachta níos forleithne.

### Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní

http://www.justice.ie/en/JELR/Pages/National_Strategy_for_Women_and_Girls_2017-2020

Déantar ionadaíocht don Roinn ar Choiste Straitéiseach Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní, 2017–2020. Bíonn sí rannpháirteach sna cruinnithe coiste ráithiúla agus bailíonn agus tiomsaíonn sí nuashonruithe ar Ghníomhartha dá réir a bhaineann leis an Roinn. Cuireann an Roinn le gníomhartha coitinne, ar nós saineolas inmheánach i ngníomhaíochtaí príomhshruthaithe inscne a fhorbairt agus machnamh a dhéanamh ar thionchar inscne ar fhorbairt straitéisí nua.

Tá gníomhartha sonracha freisin ag an Roinn faoin straitéis, lena n-áirítear an ceanglas go dtabharfaí poiblíocht agus spreagadh do rannpháirtíocht ban i gcuideachtaí nuathionscanta, agus go dtabharfaí poiblíocht agus tacaíocht do ghradaim agus imeachtaí fiontraíochta a bhaineann go sonrach le mná amháin trí Fhiontraíocht Éireann agus na hOifigí Fiontair Áitiúla. Tá an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre freagrach as feasacht a mhéadú i measc fostóirí agus ban ar chearta fostaíochta agus sásraí leighis.

### An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Míchumas

http://justice.ie/en/JELR/Pages/WP15000115

Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Míchumas, 2017–2021 i rith 2017. Glactar le cur chuige uile-Rialtais sa Straitéis i leith saol daoine atá faoi mhíchumas a fheabhsú go praiticiúil agus sna deiseanna is fearr is féidir a chruthú do dhaoine atá faoi mhíchumas chun go mbainfidh siad a lánchumas amach.

Tá ionadaíocht ag an Roinn ar an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Míchumas, 2017–2021 agus ar an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine Faoi Mhíchumas 2015–2024 agus cuirimid gníomhartha an dá Straitéis chun cinn.

Ina theannta sin, ghlac an Roinn páirt sa Ghrúpa a stiúir an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a d'fhoilsigh 'Make Work Pay Report, 2017'. Sainaithníodh sa tuarascáil sin na bacainní atá ann do dhaoine faoi mhíchumas agus iad ag iarraidh páirt a ghlacadh san áit oibre (nó filleadh uirthi) agus tugadh aghaidh ar na bacainní.

### Nuálaíocht 2020 https://dbei.gov.ie/en/Publications/Innovation-2020.html

Leis an straitéis trasrialtais do thaighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht, aithnítear tábhacht an chothromais inscne i dtaighde.

Luaitear sa straitéis go bhfuil deis anseo in Éirinn ár gcáil idirnáisiúnta don chomhionannas inscne a fhorbairt le rannpháirtíocht níos mó ban i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, agus leagtar amach gníomhartha chun dul i ngleic le saincheisteanna inscne maidir le dul chun cinn gairmiúil sa taighde agus sa nuálaíocht.

### Reachtaíocht Ábhartha Eile

Anuas ar an méid sin thuas, feidhmíonn an Roinn laistigh den dlí fostaíochta agus de reachtaíocht ábhartha eile lena ndéantar iarracht cearta an duine agus comhionannas a chinntiú i measc nithe eile, amhail:

> Acht Rialaithe na Státseirbhíse, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, an tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, an tAcht um Chosaint Sonraí, an tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, an tAcht um Chosaint Mháithreachais, an tAcht um Shaoire Cúramóra, an tAcht um Eagrú Ama Oibre, an tAcht um Dhífhostú Éagórach.

# Aguisín 1

## Billí a foilsíodh nó a achtaíodh in 2017

- An tAcht Iomaíochta (Leasú), 2017
- Bille na gCuideachtaí (Leasú), 2017
- Bille na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2017
- Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017 (Uimh. 9 de 2017)
- Acht na gCuideachtaí (Leasú), 2017 (Uimh. 13 de 2017)
- An tAcht um Méadreolaíocht Dlí (Uirlisí Tomhais), 2017, a achtaíodh an 28 Samhain 2017

# Aguisín 2

## Ionstraimí Reachtúla a rinneadh in 2017

| | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 5 de 2017 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus Úsáid Brú-Threalamh Iniompair) (Leasú), 2017 |
| I.R. Uimh. 6 de 2017 | An tOrdú Post, Fiontar agus Nuálaíochta (Feidhmeanna Aire a Tharmligean), 2017 |
| I.R. Uimh. 43 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Caingne i leith Damáistí as Sáruithe ar an Dlí Iomaíochta), 2017. |
| I.R. Uimh. 67 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Iniúchóirí Tríú Tíortha agus Comhionannas Eintiteas Iniúchóireachta, Idirthréimhse agus Táillí) (Leasú), 2017. |
| I.R. Uimh. 68 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Leordhóthanacht Údarás Inniúil Tríú Tíortha Áirithe Maidir le Páipéir Iomchuí Iniúchóireachta a Aistriú), 2017. |
| I.R. Uimh. 69 de 2017 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach) (Leasú), 2017 |
| I.R. Uimh. 75 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráine), 2017. |
| I.R. Uimh. 90 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht Dhaonlathach an Chongó), 2017 |
| I.R. Uimh. 91 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht na hAfraice Láir), 2017 |
| I.R. Uimh. 92 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré), 2017 |
| I.R. Uimh. 93 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Siria), 2017 |
| I.R. Uimh. 127 de 2017 | Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí, 2014 (Alt 1313), 2017 |
| I.R. Uimh. 163 de 2017 | Rialacháin na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Fógra faoi Achainí chun Scrúdaitheoir a Cheapadh ar Chumann Tionscail agus Soláthair) (Foirm), 2017 |

| | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 164 de 2017 | Rialacháin na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Fógra faoi Achainí chun Scrúdaitheoir a Cheapadh ar Chumann Tionscail agus Soláthair) (Táille), 2017 |
| I.R. Uimh. 176 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sábháilteacht Bréagán) (Leasú), 2017 |
| I.R. Uimh. 230 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Trealamh agus Córais Chosanta lena úsáid in Atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith Pléascach), 2017 |
| I.R. Uimh. 231 de 2017 | An tOrdú Rialaithe Fostaíochta (Comhchoiste Oibreachais an Tionscail Slándála), 2017 |
| I.R. Uimh. 232 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ardaitheoirí agus Comhpháirteanna Sábháilteachta le haghaidh Ardaitheoirí), 2017 |
| I.R. Uimh. 233 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Brú-Threalamh), 2017 |
| I.R. Uimh. 246 de 2017 | An tOrdú um Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017 (Tosach Feidhme), 2017 |
| I.R. Uimh. 250 de 2017 | An tOrdú um Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017 (Tosach Feidhme) (Uimh. 2), 2017 |
| I.R. Uimh. 253 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Siria) (Uimh. 2), 2017 |
| I.R. Uimh. 254 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht na hAfraice Láir) (Uimh. 2), 2017 |
| I.R. Uimh. 255 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráine) (Uimh. 2), 2017 |
| I.R. Uimh. 256 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 2), 2017 |
| I.R. Uimh. 257 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht Ghuine-Bhissau), 2017 |
| I.R. Uimh. 258 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Túinéise), 2017 |
| I.R. Uimh. 259 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Súdáine Theas), 2017 |
| I.R. Uimh. 260 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha na Súdáine), 2017 |
| I.R. Uimh. 261 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráine) (Uimh. 3), 2017 |
| I.R. Uimh. 262 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht Dhaonlathach an Chongó) (Uimh. 2), 2017 |
| I.R. Uimh. 263 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Siombáibe), 2017 |
| I.R. Uimh. 268 de 2017 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a bhaineann le Cosaint laistigh den Chomhphobal) (Leasú), 2017 |
| I.R. Uimh. 282 de 2017 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus Úsáid Brú-Threalamh Iniompair) (Leasú) (Uimh. 2), 2017 |

| | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 305 de 2017 | An tOrdú um Acht na gCuideachtaí (Leasú), 2017 (Tosach Feidhme), 2017 |
| I.R. Uimh. 360 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Nochtadh Faisnéis Neamhairgeadais agus Ilchineálachta i ngrúpaí agus i ngnóthais mhóra áirithe), 2017 |
| I.R. Uimh. 361 de 2017 | An tOrdú um Ghnóthaí Saothair agus Dlí an tSaothair (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2017 |
| I.R. Uimh. 362 de 2017 | An tOrdú Post, Fiontar agus Nuálaíochta (Feidhmeanna Aire a Tharmligean) (Uimh. 2), 2017 |
| I.R. Uimh. 363 de 2017 | An tOrdú Post, Fiontar agus Nuálaíochta (Feidhmeanna Aire a Tharmligean) (Uimh. 3), 2017 |
| I.R. Uimh. 364 de 2017 | An tOrdú Post, Fiontar agus Nuálaíochta (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2017 |
| I.R. Uimh. 455 de 2017 | An tOrdú um Fhostaíocht Earnála (Earnáil na Tionsclaíochta), 2017 |
| I.R. Uimh. 513 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht na hAfraice Láir) (Uimh. 3), 2017 |
| I.R. Uimh. 514 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht Dhaonlathach an Chongó), 2017 |
| I.R. Uimh. 515 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráine) (Uimh. 4), 2017 |
| I.R. Uimh. 516 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Siria) (Uimh. 3), 2017 |
| I.R. Uimh. 518 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 3), 2017 |
| I.R. Uimh. 555 de 2017 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus Úsáid Brú-Threalamh Iniompair) (Leasú) (Uimh. 3), 2017 |
| I.R. Uimh. 567 de 2017 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rannóirí Aerasóil) (Leasú), 2017 |
| I.R. Uimh. 569 de 2017 | An tOrdú Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (Feidhmeanna Aire a Tharmligean), 2017 |
| I.R. Uimh. 570 de 2017 | An tOrdú Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (Feidhmeanna Aire a Tharmligean) (Uimh. 2), 2017 |
| I.R. Uimh. 578 de 2017 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sábháilteacht Bréagán) (Leasú) (Uimh. 2), 2017 |
| I.R. Uimh. 600 de 2017 | An tOrdú um an Acht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cód Cleachtais ar Oibriú Níos Faide) (Dearbhú), 2017 |

**An Roinn Gnó,
Fiontar agus Nuálaíochta**
Department of Business,
Enterprise and Innovation